



Uimhir 9 de 2015

AN tACHT UM LEANAÍ AGUS CÓNGAIS TEAGHLAIGH, 2015

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Caiteachais

CUID 2

TUISMÍOCHT I gCÁSANNA ATÁIRGTHE DHAONNA DHEONTÓIR-CHUIDITHE

4. Léiriú (Codanna 2 agus 3)
5. Tuismíocht linbh a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC
6. Toiliú le gaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC
7. Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha alt 6
8. Toiliú a tugadh faoi alt 6 a chúlghairm
9. Toiliú na máthar beartaithí
10. Toiliú a tugadh faoi alt 9 a chúlghairm
11. Toiliú ó fhearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir na máthar beartaithí
12. Toiliú a tugadh faoi alt 11 a chúlghairm
13. Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha ailt 9 agus 11
14. Toiliú le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC
15. Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha alt 14

[Uimh. 9.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[2015.]

16. Toiliú le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile
17. Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha alt 16
18. Toiliú a tugadh faoi alt 14 nó 16 a chúlghairm
19. Caiteachais réasúnacha a íoc
20. Leanbh lena mbaineann an t-alt seo
21. Dearbhú ón gCúirt Dúiche maidir le tuismíocht linbh lena mbaineann alt 20
22. Dearbhú ón gCúirt Chuarda maidir le tuismíocht linbh lena mbaineann alt 20
23. An éifeacht atá le dearbhú faoi alt 21 nó 22

CUID 3

ATÁIRGEADH DAONNA DEONTÓIR-CHUIDITHE

24. Oibritheoir saoráide ADDC d'fháil gaiméite nó sutha
25. Gnáthamh ADDC a dhéanamh
26. Gaiméit nó suth a úsáid i ngnáthamh ADDC
27. Déanfaidh an tuismitheoir beartaitheach faisnéis a sholáthar don tsaoráid ADDC tar éis gnáthamh ADDC
28. Déanfaidh an tsaoráid ADDC faisnéis áirithe a choimeád agus a sholáthar
29. Féadfaidh an tAire faisnéis a éileamh maidir leis an tsaoráid ADDC do chomhlíonadh alt 28
30. Daoine údaráithe
31. Cumhachtaí daoine údaráithe
32. Oibleagáidí saoráide ADDC faoi alt 28 a fhorfheidhmiú
33. An Clár Náisiúnta de Dhaoine Deontóir-Ghinte
34. Rochtain ar fhaisnéis áirithe ón gClár
35. Faisnéis i leith deontóir iomchuí a bheidh le soláthar do leanbh deontóir-ghinte
36. Faisnéis i leith leanbh deontóir-ghinte a bheidh le soláthar do dheontóir iomchuí
37. Faisnéis i leith daoine eile a bheidh le soláthar do leanbh deontóir-ghinte
38. Foráil bhreise i ndáil le hait 33 go 37
39. Idirghníomhaíocht an Chláir agus chlár na mbreitheanna
40. Dlíne (Codanna 2 agus 3)

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.]

- 41. Rialacháin (Codanna 2 agus 3)
- 42. Doiciméid a sheirbheáil (Codanna 2 agus 3)

CUID 4

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍON, 1964

- 43. Leasú ar alt 2 d'Acht 1964
- 44. Tagairtí in achtacháin do chaomhnóirí arna gceapadh faoi alt 6C nó 6E
- 45. Tosaíocht ag leas linbh
- 46. Leasú ar alt 5(2) d'Acht 1964
- 47. Leasú ar alt 6 d'Acht 1964
- 48. Leasú ar alt 6A d'Acht 1964
- 49. Ailt 6B go 6E a chur isteach in Acht 1964
- 50. Cumhacht tuismitheoirí chun caomhnóirí tiomnacha a cheapadh
- 51. Leasú ar alt 8 d'Acht 1964
- 52. Alt 8A a chur isteach in Acht 1964
- 53. Leasú ar alt 11 d'Acht 1964
- 54. Leasú ar alt 11A d'Acht 1964
- 55. Leasú ar alt 11B d'Acht 1964
- 56. Leasú ar alt 11D d'Acht 1964
- 57. Féadfaidh gaolta agus daoine áirithe iarratas a dhéanamh ar choimeád linbh
- 58. Cumhachtaí breise na cúirte i ndáil le hiarratais faoin Acht seo
- 59. Leasú ar alt 18(2) d'Acht 1964
- 60. Ailt 18A go 18D a chur isteach in Acht 1964
- 61. Leasú ar alt 23 d'Acht 1964
- 62. Leasú ar alt 27 d'Acht 1964
- 63. Cuid V a chur isteach in Acht 1964

CUID 5

LEASUITHE AR AN ACHT COMHARBAIS, 1965

- 64. Leasú ar alt 3 d'Acht 1965
- 65. Leasú ar alt 4A d'Acht 1965

[Uimh. 9.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [2015.]

- 66. Leasú ar alt 27A d'Acht 1965
- 67. Leasú ar alt 67A d'Acht 1965
- 68. Leasú ar alt 72A d'Acht 1965
- 69. Leasú ar alt 117 d'Acht 1965
- 70. Leasú ar alt 121 d'Acht 1965

CUID 6

LEASUITHE AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

- 71. Leasú ar alt 3 d'Acht 1976
- 72. Leasú ar alt 5A d'Acht 1976
- 73. Comhchónaitheoirí do chothabháil leanaí cleithiúnacha áirithe
- 74. Leasú ar alt 6 d'Acht 1976
- 75. Leasú ar alt 8A d'Acht 1976
- 76. Leasú ar alt 10 d'Acht 1976
- 77. Leasú ar alt 21A d'Acht 1976
- 78. Leasú ar alt 23 d'Acht 1976

CUID 7

LEASUITHE AR AN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

- 79. Leasú ar alt 33 d'Acht 1987
- 80. Leasú ar alt 35 d'Acht 1987
- 81. Leasú ar alt 37 d'Acht 1987
- 82. Leasú ar alt 38 d'Acht 1987
- 83. Leasú ar alt 39 d'Acht 1987
- 84. Leasú ar alt 40 d'Acht 1987
- 85. Leasú ar alt 41 d'Acht 1987
- 86. Leasú ar alt 42 d'Acht 1987
- 87. Leasú ar alt 43 d'Acht 1987
- 88. Leasú ar alt 46 d'Acht 1987

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.]

CUID 8

LEASUITHE AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

- 89. Leasú ar alt 2 d'Acht 1995
- 90. Leasú ar alt 41 d'Acht 1995
- 91. Leasú ar alt 42 d'Acht 1995

CUID 9

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA, 2004

- 92. Leasú ar alt 2 d'Acht 2004
- 93. Forálacha speisialta i ndáil le breith linbh dheontóir-ghinte a chlárú
- 94. Ní bheidh feidhm ag ailt 23 agus 23A d'Acht 2004 maidir le leanbh deontóir-ghinte
- 95. Breith linbh dheontóir-ghinte a athchlárú ar scór ordú cúirte
- 96. Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2004
- 97. Féadfaidh an cláraitheoir dearbhú reachtúil faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 a thógáil agus a ghlacadh
- 98. Leasú ar alt 44C(2) d'Acht 2004
- 99. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004

CUID 10

LEASÚ AR ACHT NA bPASANNA, 2008

- 100. Leasú ar Acht na bPasanna, 2008

CUID 11

LEASUITHE AR AN ACHT UCHTÁLA, 2010

- 101. Míniú (Cuid 11)
- 102. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht
- 103. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
- 104. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht
- 105. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht
- 106. Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht

[Uimh. 9.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[2015.]

107. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht
108. Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht
109. Ní cheanglaítear comhchomhairle a dhéanamh roimh shuíomh
110. Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht
111. Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht
112. Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht
113. Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht
114. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht
115. Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht
116. Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht
117. Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht
118. Leasú ar alt 40 den Phríomh-Acht
119. Leasú ar alt 41 den Phríomh-Acht
120. Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht
121. Leasú ar alt 58 den Phríomh-Acht
122. Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht
123. Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht
124. Leasú ar alt 61 den Phríomh-Acht
125. Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht
126. Leasú ar alt 68 den Phríomh-Acht
127. Leasú ar alt 69 den Phríomh-Acht
128. Leasú ar alt 78 den Phríomh-Acht
129. Leasú ar alt 79 den Phríomh-Acht
130. Leasú ar alt 97 den Phríomh-Acht
131. Leasú ar alt 125 den Phríomh-Acht
132. Leasú ar alt 144 den Phríomh-Acht
133. Leasú ar alt 145 den Phríomh-Acht
134. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.]

CUID 12

LEASUITHE AR AN ACHT UM PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA AGUS UM CHEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ
ÁIRITHE DE CHUID COMHCHÓNAITHEOIRÍ, 2010

135. Leasú ar alt 2 d'Acht 2010
136. Leasú ar alt 29 d'Acht 2010
137. Leasú ar alt 30 d'Acht 2010
138. Leasú ar alt 34 d'Acht 2010
139. Leasú ar alt 43 d'Acht 2010
140. Leasú ar alt 45 d'Acht 2010
141. Leasú ar alt 46 d'Acht 2010
142. Leasú ar alt 47 d'Acht 2010
143. Leasú ar alt 48 d'Acht 2010
144. Leasú ar alt 51 d'Acht 2010
145. Leasú ar alt 52 d'Acht 2010
146. Mainneachtain íocaíochtaí a dhéanamh agus deimhniú íocaíochtaí neamhíoctha
147. Caiteachais i ndáil le breith agus sochraid linbh chleithiúnaigh
148. Coimeád leanaí cleithiúnacha de chuid páirtnéirí sibhialta tar éis foraithe neamhnithe.
149. Leasú ar alt 109 d'Acht 2010
150. Leasú ar alt 110 d'Acht 2010
151. Leasú ar alt 113 d'Acht 2010
152. Leasú ar alt 115 d'Acht 2010
153. Leasú ar alt 116 d'Acht 2010
154. Leasú ar alt 117 d'Acht 2010
155. Leasú ar alt 118 d'Acht 2010
156. Leasú ar alt 119 d'Acht 2010
157. Leasú ar alt 120 d'Acht 2010
158. Leasú ar alt 121 d'Acht 2010
159. Leasú ar alt 122 d'Acht 2010
160. Leasú ar alt 123 d'Acht 2010

[Uimh. 9.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [2015.]

- 161. Leasú ar alt 124 d'Acht 2010
- 162. Leasú ar alt 125 d'Acht 2010
- 163. Leasú ar alt 129 d'Acht 2010
- 164. Leasú ar alt 131 d'Acht 2010
- 165. Srian i ndáil le horduithe chun sochair do leanaí cleithiúnacha de chuid páirtnéirí sibhialta
- 166. Leasú ar alt 133 d'Acht 2010
- 167. Leasú ar alt 137 d'Acht 2010
- 168. Leasú ar alt 138 d'Acht 2010
- 169. Leasú ar alt 140 d'Acht 2010
- 170. Coimeád leanaí cleithiúnacha agus tuarascálacha sóisialta
- 171. Leasú ar alt 142 d'Acht 2010
- 172. Orduithe faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976

CUID 13

LEASUITHE IARMHARTACHA ILGHNÉITHEACHA AR ACHTANNA EILE

- 173. Leasú ar alt 2 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967
- 174. Leasú ar alt 1 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977
- 175. Leasú ar alt 20 den Acht um Chúram Leanaí, 1991
- 176. Leasú ar an Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994
- 177. Leasú ar alt 2 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995
- 178. Leasú ar alt 6 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998
- 179. Leasú ar alt 3 den Acht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000
- 180. Leasú ar alt 2 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

- An tAcht Uchtála, 2010 (Uimh. 21)
- Na hAchtanna Uchtála, 2010 go 2013
- An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 (Uimh. 2)
- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (Uimh. 17)
- Na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2013
- An tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (Uimh. 32)
- An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)
- An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)
- Na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 go 2014
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014 (Uimh. 11)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008 (Uimh. 7)
- Na hAchtanna um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 go 2009
- An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976 (Uimh. 11)
- An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 (Uimh. 26)
- Acht na nArm Teine, 1925 (Uimh. 17)
- Na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997
- An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7)
- An tAcht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, 2006 (Uimh. 30)
- An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 (Uimh. 6)
- An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (Uimh. 27)
- An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (Uimh. 34)
- Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)
- Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)
- An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2006 (Uimh.13)
- An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 (Uimh. 30)
- Acht na bPasanna, 2008 (Uimh. 4)
- An tAcht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000 (Uimh. 37)
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 (Uimh. 16)
- An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Uimh. 21)
- An tAcht um Stádas Leanaí, 1987 (Uimh. 26)
- An tAcht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938 (Uimh. 37)
- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4)
- An tAcht Comharbais, 1965 (Uimh. 27)
- An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10)



Uimhir 9 de 2015

AN tACHT UM LEANAÍ AGUS CÓNGAIS TEAGHLAIGH, 2015

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le nithe áirithe a bhaineann leis an atáirgeadh daonna deontóir-chuidithe agus le tuismíocht leanaí a bheirtear de thoradh gnáthaimh atáirgthe dhaonna dheontóir-chuidithe; do dhéanamh socrú chun clár a bhunú agus a chothabháil ar a dtabharfar an Clár Náisiúnta de Dhaoine Deontóir-Ghinte; do leasú agus do leathnú an dlí a bhaineann le caomhnóireacht agus coimeád leanaí, agus le rochtain orthu, agus chun na gcríoch sin do leasú an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964; do leathnú na hearnála daoine a bhféadfadh dliteanas a bheith orthu i leith leanaí a chothabháil agus chun na críche sin do leasú an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, agus chun na críche sin agus chun críoch eile do leasú an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010; do dhéanamh socrú maidir le tástáil DNA a úsáid in imthosca áirithe chun tuismíocht a chinneadh agus chun na críche sin agus chun críoch eile do leasú an Achta um Stádas Leanaí, 1987; do leasú an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995; do leasú na hearnála daoine a fhéadfaidh leanaí a uchtáil agus chun na críche sin agus chun críoch eile do leasú an Achta Uchtála, 2010; do dhéanamh leasuithe iarmhartacha ar an Acht Comharbais, 1965, ar an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004 agus ar achtacháin eile; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[6 Aibreán 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 go 2015 a ghairm de *Chuid 9* agus de na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 go 2014 le chéile.
- (3) Féadfar na hAchtanna Uchtála, 2010 go 2015 a ghairm de *Chuid 11* agus de na hAchtanna Uchtála, 2010 go 2013 le chéile.
- (4) Féadfar na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2015 a ghairm *d'alt 175* agus de na hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2013 le chéile.

- (5) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh, faoi réir *fho-ailt (6)* go *(9)*, an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (6) Tiocfaidh *Codanna 2* agus *3* i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire Sláinte le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (7) Tiocfaidh *Cuid 9* i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (8) Tiocfaidh *Cuid 10* i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (9) Tiocfaidh *Cuid 11* i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1964” an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964;

ciallaíonn “Acht 1965” an tAcht Comharbais 1965;

ciallaíonn “Acht 1976” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht um Stádas Leanaí, 1987;

ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995;

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004;

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “Aire”, seachas i *gCodanna 2* agus *3*, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Caiteachais

3. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire agus aon Aire eile den Rialtas ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

TUISMÍOCHT I gCÁSANNA ATÁIRGTHE DHAONNA DHEONTÓIR-CHUIDITHE

Léiriú (Codanna 2 agus 3)

4. Sa Chuid seo agus i gCuid 3—

ciallaíonn “deimhniú breithe” doiciméad arna eisiúint faoi alt 13(4) d’Acht 2004 i leith taifead i gclár na mbreitheanna;

forléireofar “páirtneir sibhialta” de réir alt 3 d’Acht 2010;

forléireofar “comhchónaitheoir” de réir alt 172(1) d’Acht 2010;

ciallaíonn “saoráid ADDC” áit ina ndéantar gnáthamh ADDC;

ciallaíonn “gnáthamh ADDC” gnáthamh atáirgthe dhaonna dheontóir-chuidithe, ar gnáthamh ar bith é a dhéantar sa Stát agus arb é an cuspóir atá leis go mbeidh de thoradh air suth a ionchlannú i mbroinn na mná ar ar iarraidh uaithi a rinneadh an gnáthamh, más rud é—

- (a) gur sholáthair deontóir ceann amháin de na gaiméití as a ndearnadh nó as a ndéanfar an suth a fhoirmiú,
- (b) gur sholáthair deontóir gach gaiméit as a ndearnadh nó as a ndéanfar an suth a fhoirmiú, nó
- (c) gur sholáthair deontóir an suth;

ciallaíonn “saoráid deonacháin” áit ina ndéanann duine a ghaiméit nó a gaiméit a sholáthar agus a dheonú, agus folaíonn sé saoráid ADDC;

ciallaíonn “deontóir”—

- (a) i ndáil le gaiméit—

- (i) duine a thug toiliú, faoi *alt 6* nó ar an modh dá dtagraítear in *alt 26(1)(b)(ii)*, le gaiméit arna soláthar aige nó aici a úsáid i ngnáthamh ADDC, nó

- (ii) deontóir gaiméite lena mbaineann *alt 26(6)*,

agus folaíonn sé deontóir gaiméite a úsáidtear le linn foirmiú sutha a úsáidtear i ngnáthamh ADDC eile, agus

- (b) i ndáil le suth—

- (i) duine a thoiligh faoi *alt 14* nó *16* nó ar an modh dá dtagraítear in *alt 26(2)(b)(ii)*, leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile, nó

- (ii) deontóir sutha lena mbaineann *alt 26(6)*;

ciallaíonn “leanbh deontóir-ghinte”—

- (a) leanbh a bheirtear sa Stát, tar éis thosach feidhme an ailt seo, de thoradh gnáthamh ADDC, nó

(b) seachas in *ailt 33* go *39*, leanbh ar ina leith a dearbhaíodh faoi *alt 21* nó *22* duine a bheith ina thuismitheoir nó ina thuismitheoir aige nó aici;

ciallaíonn “suth” suth daonna arna fhoirmiú trí ubh dhaonna a thoirchiú le speirm dhaonna;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

tá le “gnáthamh ADDC eile” an bhrí atá leis in *alt 16*;

ciallaíonn “gaiméit”—

(a) speirm dhaonna arna foirmiú i gcorp fir agus arna soláthar aige, nó

(b) ubh dhaonna arna foirmiú i gcorp mná agus arna soláthar aici;

ciallaíonn “máthair bheartaitheach”, i ndáil le gnáthamh ADDC, bean a iarrfaidh go ndéanfar an gnáthamh d’fhonn go dtiocfaidh sí chun bheith ina máthair ar leanbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh;

ciallaíonn “tuismitheoir beartaitheach”, i ndáil le gnáthamh ADDC, duine a bhfuil sé ar intinn aige nó aici a bheith ina thuismitheoir nó ina thuismitheoir, faoi *alt 5*, ar leanbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh, agus folaíonn sé máthair bheartaitheach;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “máthair”, i ndáil le leanbh, an bhean a mbeirtear an leanbh di;

ciallaíonn “oibritheoir”, i ndáil le saoráid ADDC, an duine ar leis nó ar léi an tsaoráid nó a dhéanann í a bhainistiú nó atá freagrach thairis sin as an tsaoráid a reáchtáil;

ciallaíonn an briathar “forordú” forordú le rialacháin faoi *alt 41*;

ciallaíonn “Clár” an clár a bhunófar faoi *alt 33*;

ciallaíonn “lia-chleachtóir cláraithe” duine atá ina lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;

ciallaíonn “altra chláraithe” duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta de thuras na huaire i rannán na n-altraí de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach arna bhunú faoi alt 46 d’Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;

ciallaíonn “deontóir iomchuí”, i ndáil le leanbh deontóir-ghinte—

(a) faoi réir *mhír (b)*, deontóir gaiméite a úsáideadh sa ghnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh deontóir-ghinte de thoradh air, nó

(b) i gcás leanbh deontóir-ghinte a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC nó gnáthamh ADDC eile inar úsáideadh suth deonaithe—

(i) duine de dheontóirí an tsutha a sholáthair gaiméit a úsáideadh le linn an suth a fhoirmiú, agus

(ii) más infheidhme, deontóir gaiméite a úsáideadh le linn an suth a fhoirmiú.

Tuismíocht linbh a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC

5. (1) Is iad seo a leanas tuismitheoirí linbh dheontóir-ghinte a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC lena mbaineann *fo-alt (8)*—
- (a) an mháthair, agus
 - (b) fearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, na máthar.
- (2) I gcás go mbeirtear leanbh deontóir-ghinte de thoradh gnáthamh ADDC, seachas gnáthamh ADDC lena mbaineann *fo-alt (8)*, is í an mháthair amháin tuismitheoir an linbh sin.
- (3) Más rud é, faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, gur tuismitheoir linbh duine, beidh na cearta tuismitheora uile aige nó aici agus na dualgais tuismitheora uile air nó uirthi i leith an linbh.
- (4) Le linn aon chongas a bheith á rianú chun críocha aon achtacháin, déanfar an cóngas atá idir gach leanbh deontóir-ghinte agus a thuismitheoir nó a tuismitheoir nó a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí a chinneadh de réir an ailt seo agus is dá réir sin a chinnfear gach cóngas eile.
- (5) Maidir le deontóir gaiméite a úsáidtear i ngnáthamh ADDC—
- (a) ní tuismitheoir linbh a bheirtear de thoradh an ghnáthaimh sin é nó í, ná
 - (b) níl aon chearta tuismitheora aige nó aici ná dualgais tuismitheora air nó uirthi i leith an linbh.
- (6) Maidir le deontóir sutha a úsáidtear i ngnáthamh ADDC—
- (a) ní tuismitheoir linbh a bheirtear de thoradh an ghnáthaimh sin é nó í, ná
 - (b) níl aon chearta tuismitheora aige nó aici ná dualgais tuismitheora air nó uirthi i leith an linbh.
- (7) Ar theacht i ngníomh don alt seo agus dá éis, déanfar tagairt in aon achtachán—
- (a) do mháthair nó do thuismitheoir linbh a fhorléiriú mar thagairt nach bhfolaíonn bean ar deontóir gaiméite nó sutha í a úsáideadh i ngnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh de thoradh air, agus
 - (b) d'athair nó do thuismitheoir linbh a fhorléiriú mar thagairt nach bhfolaíonn fear ar deontóir gaiméite nó sutha é a úsáideadh i ngnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh de thoradh air.
- (8) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le gnáthamh ADDC—
- (a) a ndearna an mháthair bheartaitheach, i ndáil leis, toiliú faoi *alt 9* leis an tuismíocht faoi *fho-alt (1)* i leith an linbh a bheirtear de thoradh an ghnáthaimh, i gcás go bhfuil ráiteas dá dtagraítear in *alt 9(3)(d)* maidir lena fearchéile, lena páirtneir sibhialta nó lena comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, ar áireamh ina dearbhú faoi *alt 9(1)(c)*, agus

- (b) a ndearna fearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir na máthar beartaithí dá dtagraítear i *mír (a)*, i ndáil leis, toiliú faoi *alt 11* leis an tuismíocht faoi *fho-alt (1)* i leith an linbh dá dtagraítear sa mhír sin.

Toiliú le gaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC

6. (1) Toilíonn duine faoin alt seo le gaiméit arna soláthar aige nó aici a úsáid i ngnáthamh ADDC más rud é—
- (a) go bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici,
- (b) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 7* faighte aige nó aici, agus
- (c) go ndéanann sé nó sí dearbhú de réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*.
- (2) Déanfar dearbhú faoi *fho-alt (1)(c)* sula ndéanfar an deonú, agus beidh sé i scríbhinn, arna dhátú agus arna shíniú ag an duine i láthair duine a bheidh údaraithe chuige sin ag oibritheoir na saoráide deonacháin ina soláthraítear an ghaiméit.
- (3) Beidh dearbhú faoi *fho-alt (1)(c)* i cibé foirm a fhorordófar agus beidh na ráitis seo a leanas ar áireamh ann:
- (a) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 7* faighte ag an duine;
- (b) faoi réir *fho-alt (4)*, go dtoilíonn an duine leis an ngaiméit a sholáthair sé nó sí a úsáid i ngnáthamh ADDC;
- (c) i gcás go n-úsáidtear an ghaiméit i ngnáthamh dá dtagraítear i *mír (b)*, go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire;
- (d) go bhfuil a fhios ag an duine nach é nó í tuismitheoir aon linbh a bhéarfar de thoradh gnáthamh dá dtagraítear i *mír (b)*;
- (e) i gcás go mbéarfar leanbh de thoradh gnáthamh dá dtagraítear i *mír (b)*—
- (i) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i leith an duine a thaifeadadh ar an gClár, agus
- (ii) go dtuigeann an duine go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi.
- (4) Le linn ráiteas dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)* a dhéanamh, féadfaidh duine a shonrú go bhfuil a thoiliú nó a toiliú srianta don ghaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC a dhéanfar ar iarraidh—
- (a) ón máthair bheartaitheach a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(i)* maidir leis an gnáthamh ADDC lena mbaineann, nó
- (b) ó na tuismitheoirí beartaitheacha a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(ii)* maidir leis an gnáthamh ADDC lena mbaineann.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

Cd.2 A.6

- (5) Ní ceadmhach toiliú duine faoin alt seo lena ghaiméit nó lena gaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC a shrianadh seachas mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (4)*.

Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha *alt 6*

7. Déanfaidh oibritheoir saoráide deonacháin, sula ndéanfaidh duine dearbhú faoi *alt 6(1)(c)*, a chur in iúl dó nó di—

- (a) i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 6* le gaiméit a sholáthróidh sé nó sí a úsáid i ngnáthamh ADDC—

(i) go bhfuil sé nó sí i dteideal an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)* a lorg, agus

(ii) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC den sórt sin, go dtoilíonn sé nó sí leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire,

- (b) i gcás go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh dá dtagraítear i *mír (a)*—

(i) nach é nó í tuismitheoir an linbh sin,

(ii) go ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i ndáil leis nó léi a thaifeadadh ar an gClár,

(iii) go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi,

(iv) go bhfuil teideal an duine chun faisnéis arna taifeadadh ar an gClár a fháil faoi réir *alt 36*, agus go bhfuil sé srianta thairis sin don fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)*, agus

(v) ag féachaint do cheart an linbh chun a chéannachta nó a céannachta, gurb inmhianaithe go ndéanfaidh sé nó sí, an fhaisnéis i ndáil leis nó léi atá taifeadta ar an gClár a choimeád cothrom le dáta de réir *alt 38(1)*,

agus

- (c) go bhfuil de cheart aige nó aici faoi *alt 8*, i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 6* lena ghaiméit nó lena gaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC, an toiliú sin a chúlghairm.

Toiliú a tugadh faoi *alt 6* a chúlghairm

8. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh deontóir gaiméite, le fógra i scríbhinn chuig oibritheoir na saoráide deonacháin dá ndearnadh a dhearbhu nó a dearbhú faoi *alt 6(1)(c)*, a thoiliú nó a toiliú faoin alt sin a chúlghairm.

- (2) Ní bheidh éifeacht le cúlghairm ar thoiliú faoi *fho-alt (1)* i leith gaiméit a mbaineann an toiliú léi agus a úsáideadh ag saoráid ADDC chun suth a fhoirmiú roimh an dáta a bheidh an fógra faoin bhfo-alt sin faighte ag oibritheoir na saoráide ADDC lena mbaineann.

Toiliú na máthar beartaithí

9. (1) Toilíonn máthair bheartaitheach faoin alt seo leis an tuismíocht faoi *fho-alt (1)* nó (2), de réir mar a bheidh, *d'alt 5* i leith leanbh a bheirtear di de thoradh gnáthamh ADDC más rud é, sula ndéantar an gnáthamh sin—

- (a) go bhfuil 21 bhliain d’aois slánaithe aici,
 - (b) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 13* faighte aici, agus
 - (c) go ndéanann sí dearbhú de réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*.
- (2) Déanfar dearbhú faoi *fho-alt (1)(c)* sula ndéanfar an gnáthamh ADDC agus beidh sé i scríbhinn, arna dhátú agus arna shíniú ag an máthair bheartaitheach i láthair duine a bheidh údaraithe chuige sin ag oibritheoir na saoráide ADDC ina mbeidh an gnáthamh ADDC le déanamh.
- (3) Beidh dearbhú faoi *fho-alt (1)(c)* i cibé foirm a bheidh forordaithe agus beidh na ráitis seo a leanas ar áireamh ann:
- (a) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 13* faighte ag an máthair bheartaitheach;
 - (b) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC—
 - (i) go dtoilíonn an mháthair bheartaitheach leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt 28(3)(b)* ina leith a sholáthar don Aire, agus
 - (ii) go gcomhaontaíonn an mháthair bheartaitheach a cuid oibleagáidí faoi *alt 27* a chomhlíonadh;
 - (c) go bhfuil a fhios ag an máthair bheartaitheach—
 - (i) nach tuismitheoir aon linbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh ADDC deontóir gaiméite nó sutha a úsáideadh sa ghnáthamh sin, agus
 - (ii) gurb ise máthair linbh den sórt sin;
 - (d) más infheidhme, go dtoilíonn an mháthair bheartaitheach lena fearchéile, lena páirtneir sibhialta nó lena comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, a bheith ina tuismitheoir nó ina tuismitheoir faoi *alt 5(1)(b)* ar aon leanbh a bheirtear de thoradh an ghnáthaimh ADDC;
 - (e) i gcás go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh ADDC—
 - (i) go dtoilíonn an mháthair bheartaitheach leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(c)* ina leith a thaifeadadh ar an gClár,
 - (ii) go dtoilíonn an mháthair bheartaitheach leis an bhfaisnéis a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d’alt 33(3)* i leith an linbh a thaifeadadh ar an gClár, agus
 - (iii) go dtuigeann an mháthair bheartaitheach go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i leith duine ar deontóir iomchuí é nó í i ndáil leis an leanbh, agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi.

Toiliú a tugadh faoi alt 9 a chúlghairm

10. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh máthair bheartaitheach, le fógra i scríbhinn chuig oibritheoir na saoráide ADDC dá ndearna sí a dearbhú faoi alt 9(1)(c), a toiliú faoin alt sin a chúlghairm.
- (2) Ní bheidh éifeacht le cúlghairm ar thoiliú faoi *fho-alt (1)* i leith gnáthamh ADDC a mbaineann an toiliú leis agus a bheidh déanta sula mbeidh an fógra faoin bhfo-alt sin faighte ag oibritheoir na saoráide ADDC ina ndearnadh an gnáthamh.

Toiliú ó fhearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir na máthar beartaithí

11. (1) Toilíonn duine, arb é nó í fearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir na máthar beartaithí lena mbaineann, faoin alt seo le bheith ina tuismitheoir nó ina tuismitheoir, faoi alt 5(1)(b), ar leanbh a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC, más rud é, sula ndéantar an gnáthamh sin—
- (a) go bhfuil 21 bhliain d'aois slánaithe ag an duine,
- (b) gur thoiligh an mháthair bheartaitheach faoi alt 9 le gnáthamh ADDC, agus go bhfuil ráiteas dá dtagraítear in alt 9(3)(d) maidir leis an duine ar áireamh ina dearbhú faoi alt 9(1)(c),
- (c) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in alt 13 faighte ag an duine, agus
- (d) go ndéanann an duine dearbhú de réir *fho-ailt (2)* agus (3).
- (2) Déanfar dearbhú faoi *fho-alt (1)(d)* sula ndéanfar an gnáthamh ADDC agus beidh sé i scríbhinn, arna dhátú agus arna shíniú ag an duine i láthair duine a bheidh údaraithe chuige sin ag oibritheoir na saoráide ADDC ina mbeidh an gnáthamh ADDC le déanamh.
- (3) Beidh dearbhú faoi *fho-alt (1)(d)* i cibé foirm a bheidh forordaithe agus beidh na ráitis seo a leanas ar áireamh ann:
- (a) gur fearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, na máthar beartaithí an duine;
- (b) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in alt 13 faighte ag an duine;
- (c) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC—
- (i) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in alt 28(3)(b) ina leith, a sholáthar don Aire, agus
- (ii) go gcomhaontaíonn an duine a chuid oibleagáidí nó a cuid oibleagáidí faoi alt 27 a chomhlíonadh;
- (d) go bhfuil a fhios ag an duine—
- (i) nach tuismitheoir aon linbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh ADDC deontóir gaiméite nó sutha a úsáideadh sa ghnáthamh sin, agus
- (ii) gurb é nó í, trí thoiliú a thabhairt de réir an ailt seo, mar aon le máthair an linbh, tuismitheoir linbh den sórt sin, faoin Acht seo;

(e) i gcás go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh ADDC—

- (i) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(c)* ina leith, a thaifeadadh ar an gClár,
- (ii) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(b)* d'*alt 33(3)* i leith an linbh, a thaifeadadh ar an gClár, agus
- (iii) go dtuigeann sé nó sí go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i leith duine ar deontóir iomchuí é nó í i ndáil leis an leanbh agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi.

Toiliú a tugadh faoi *alt 11* a chúlghairm

- 12.** (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh duine, le fógra i scríbhinn chuig oibritheoir na saoráide ADDC dá ndearnadh a dhearbhu nó a dearbhú faoi *alt 11(1)(d)*, a thoiliú nó a toiliú faoin alt sin a chúlghairm.
- (2) Ní bheidh éifeacht le cúlghairm ar thoiliú faoi *fho-alt (1)* i leith gnáthamh ADDC a mbaineann an toiliú leis agus a bheidh déanta sula mbeidh an fógra faoin bhfo-alt sin faighte ag oibritheoir na saoráide ADDC ina ndearnadh an gnáthamh.

Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha *ailt 9* agus *11*

- 13.** Déanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, sula ndéanfaidh duine dearbhú faoi *alt 9(1)(c)* nó *alt 11(1)(d)*, a chur in iúl dó nó di—
- (a) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC, go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(b)* ina leith a sholáthar don Aire,
 - (b) i gcás go dtoilíonn sé nó sí de réir *alt 9* nó *11*, de réir mar a bheidh, agus go mbéarfar leanbh de thoradh an ghnáthaimh ADDC—
 - (i) gurb é nó í tuismitheoir an linbh,
 - (ii) nach é nó í deontóir gaiméite nó sutha a úsáideadh sa ghnáthamh ADDC tuismitheoir an linbh,
 - (iii) go ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)* i leith an tuismitheora bheartaithigh nó na dtuismitheoirí beartaitheacha, i leith an linbh agus i leith duine ar deontóir iomchuí é nó í i ndáil leis an leanbh, a thaifeadadh ar an gClár,
 - (iv) go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i leith an deontóra dá dtagraítear i *bhfomhír (iii)* agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi, agus
 - (v) go mbeidh a theideal nó a teideal chun faisnéis a fháil ón gClár srianta don fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(1)*,
 - (c) go bhfuil oibleagáid air nó uirthi faoi *alt 27* an fhaisnéis a shonraítear san alt sin a sholáthar don tsaoráid ADDC lena mbaineann, agus

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

CD.2 A.13

- (d) go bhfuil de cheart aige nó aici faoi *alt 10* nó *12*, de réir mar a bheidh, i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 9* nó *11*, an toiliú sin a chúlghairm.

Toiliú le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC

14. (1) Más rud é—

- (a) go ndéantar suth a fhoirmiú chun críocha gnáthamh atáirgthe dhaonna chuidithe, agus
 - (b) nach mian leis an mbean agus leis an bhfear ar ar iarraidh uathu a bheidh an gnáthamh atáirgthe dhaonna chuidithe le déanamh go n-úsáidfear an suth i ngnáthamh den sórt sin,
- féadfaidh an bhean agus an fear toiliú, faoin alt seo, leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC.
- (2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh an bhean agus an fear dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* toiliú faoin alt seo leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nach tuismitheoir beartaitheach ceachtar acu ina leith.
 - (3) Ní ceadmhach suth dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a úsáid i ngnáthamh ADDC a bhfuil feidhm ag an bhfo-alt sin maidir leis ach amháin i gcás go mbeidh an bhean agus an fear lena mbaineann araon tar éis toiliú faoin bhfo-alt sin.
 - (4) Féadfaidh fear a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis toiliú faoin alt seo le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC—
 - (a) arb í an bhean a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir léi an mháthair bheartaitheach ina leith, agus
 - (b) nach tuismitheoir beartaitheach eisean ina leith.
 - (5) Toilíonn duine faoin alt seo le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC, más rud é—
 - (a) go bhfaigheann sé nó sí an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 15*, agus
 - (b) go ndéanann sé nó sí dearbhú de réir *fho-ailt (6)* agus *(7)*.
 - (6) Déanfar dearbhú faoi *fho-alt (5)(b)* sula ndéanfar an deonú agus beidh sé i scríbhinn, arna dhátú agus arna shíniú ag an duine i láthair duine atá údaraithe chuige sin ag oibritheoir saoráide ADDC.
 - (7) Beidh na ráitis seo a leanas ar áireamh i ndearbhú faoi *fho-alt (5)(b)*:
 - (a) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 15* faighte ag an duine;
 - (b) faoi réir *fho-alt (8)*, go dtoilíonn an duine leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC;
 - (c) go bhfuil a fhios ag an duine nach é nó í tuismitheoir aon linbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh ADDC;
 - (d) i gcás go n-úsáidtear an suth i ngnáthamh ADDC, go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire;

(e) i gcás go mbéarfar leanbh de thoradh gnáthamh ADDC—

(i) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* ina leith a thaifeadadh sa Chlár, agus

(ii) go dtuigeann an duine go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi.

(8) Le linn ráiteas dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)(b)* a dhéanamh, féadfaidh duine a shonrú go bhfuil a thoiliú nó a toiliú srianta don suth a úsáid i ngnáthamh ADDC a dhéanfar ar iarraidh—

(a) ó mháthair bheartaitheach a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(i)* maidir leis an gnáthamh ADDC lena mbaineann, nó

(b) ó na tuismitheoirí beartaitheacha a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(ii)* maidir leis an gnáthamh ADDC lena mbaineann.

(9) Ní ceadmhach toiliú duine faoin alt seo le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC a shrianadh ach amháin de réir mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (8)*.

(10) San alt seo, ciallaíonn “gnáthamh atáirgthe dhaonna chuidithe” gnáthamh a dhéantar leis an gcuspóir go mbeidh de thoradh air suth a ionchlannú i mbroinn na mná ar ar iarraidh uaithi a dhéantar an gnáthamh, más rud é—

(a) go ndearnadh nó go ndéanfar an suth a fhoirmiú ó ghaiméit a sholáthair an bhean agus ó ghaiméit a sholáthair fear, agus

(b) go ndéantar an gnáthamh d’fhonn go dtiocfaidh an bhean agus an fear chun bheith ina dtuismitheoirí ar leanbh a bhéarfar de thoradh an ghnáthaimh.

Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha *alt 14*

15. Déanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, sula ndéanfaidh duine dearbhú faoi *alt 14(5)(b)*, a chur in iúl dó nó di—

(a) i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 14* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC—

(i) go bhfuil sé nó sí i dteideal an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)* a lorg, agus

(ii) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC den sórt sin, go dtoilíonn sé nó sí leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire,

(b) i gcás go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh ADDC dá dtagraítear i *mír (a)*—

(i) nach é nó í tuismitheoir an linbh sin,

(ii) go ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i ndáil leis nó léi a thaifeadadh ar an gClár,

- (iii) go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* ina leith agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi,
 - (iv) go bhfuil teideal an duine chun faisnéis arna taifeadadh ar an gClár a fháil faoi réir *alt 36* agus go bhfuil sé srianta thairis sin don fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)*, agus
 - (v) ag féachaint do cheart an linbh chun a chéannachta nó a céannachta, gurb inmhianaithe go ndéanfadh sé nó sí an fhaisnéis i ndáil leis nó léi arna taifeadadh ar an gClár a choimeád cothrom le dáta de réir *alt 38(1)*,
- agus
- (c) go bhfuil de cheart aige nó aici faoi *alt 18*, i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 14* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC, an toiliú sin a chúlghairm.

Toiliú le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile

16. (1) Más rud é—

- (a) go ndéantar suth a fhoirmiú chun críocha gnáthamh ADDC, agus
 - (b) (i) i gcás gnáthamh ADDC lena mbaineann *alt 25(3)(b)(ii)*, nach mian leis na tuismitheoirí beartaitheacha go n-úsáidfear an suth i ngnáthamh ADDC arb iad na tuismitheoirí beartaitheacha ina leith, nó
 - (ii) i gcás gnáthamh ADDC lena mbaineann *alt 25(3)(b)(i)*, nach mian leis an mháthair bheartaitheach go n-úsáidfear an suth i ngnáthamh ADDC arb í an mháthair bheartaitheach ina leith,
- féadfaidh duine dá dtagraítear i *mír (b)* toiliú, faoin alt seo, leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile.
- (2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh gach tuismitheoir beartaitheach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(i)* toiliú faoin alt seo leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nach tuismitheoir beartaitheach ceachtar acu ina leith
 - (3) Ní ceadmhach suth dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a úsáid i ngnáthamh ADDC eile lena mbaineann an fo-alt sin ach amháin i gcás go mbeidh toiliú tugtha faoin bhfo-alt sin ag gach duine de na tuismitheoirí beartaitheacha.
 - (4) Féadfaidh tuismitheoir beartaitheach lena mbaineann *fo-alt (1)(b)(i)*, nach é nó í an mháthair bheartaitheach, toiliú faoin alt seo leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC—
 - (a) arb í an mháthair bheartaitheach an mháthair bheartaitheach ina leith, agus
 - (b) nach tuismitheoir beartaitheach é nó í ina leith.
 - (5) Toilíonn duine faoin alt seo le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile más rud é—
 - (a) go bhfaighidh sé nó sí an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 17*, agus
 - (b) go ndéanfaidh sé nó sí dearbhú de réir *fho-ailt (6)* agus *(7)*.

- (6) Déanfar dearbhú faoi *fho-alt (5)(b)* sula ndéanfar an deonú agus beidh sé i scríbhinn, arna dhátú, agus arna shíniú ag an duine i láthair duine atá údaraithe chuige sin ag oibritheoir saoráide ADDC.
- (7) Beidh na ráitis seo a leanas san áireamh i ndearbhú faoi *fho-alt (5)(b)*:
- (a) go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 17* faighte ag an duine;
 - (b) faoi réir *fho-alt (8)*, go dtoilíonn an duine leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile;
 - (c) go bhfuil a fhios ag an duine nach é nó í tuismitheoir aon linbh a bhéarfar de thoradh gnáthamh ADDC eile;
 - (d) más rud é go ndearnadh an suth a fhoirmiú ó ghaiméit a sholáthair an duine—
 - (i) i gcás go n-úsáidfear an suth i ngnáthamh ADDC eile, go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire, agus
 - (ii) i gcás go mbéarfar leanbh de thoradh gnáthamh ADDC eile—
 - (I) go dtoilíonn an duine leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* ina leith a thaifeadadh sa Chlár, agus
 - (II) go dtuigeann an duine go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i *gclásal (I)*, agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi.
- (8) Le linn ráiteas dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)(b)* a dhéanamh, féadfaidh duine a shonrú go bhfuil a thoiliú nó a toiliú srianta don suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile a dhéanfar ar iarraidh—
- (a) ó mháthair bheartaitheach a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC eile a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(i)* maidir leis an gnáthamh ADDC eile lena mbaineann, nó
 - (b) ó na tuismitheoirí beartaitheacha a bheidh sonraithe sa ráiteas, i gcás gur gnáthamh ADDC eile a bhfuil feidhm ag *alt 25(3)(b)(ii)* maidir leis an gnáthamh ADDC eile lena mbaineann.
- (9) Ní ceadmhach toiliú duine faoin alt seo le suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile a shrianadh ach amháin mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (8)*.
- (10) San alt seo, ciallaíonn “gnáthamh ADDC eile” gnáthamh ADDC lena mbaineann *fo-alt (2)* nó *(4)*.

Faisnéis a bheidh le soláthar chun críocha *alt 16*

- 17.** (1) Déanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, sula ndéanfaidh duine dearbhú faoi *alt 16(5)(b)*, a chur in iúl dó nó di—
- (a) i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 16* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile, agus go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh sin, nach é nó í tuismitheoir an linbh,

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.2 A.17

- (b) go bhfuil de cheart aige nó aici faoi *alt 18*, i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 16* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile, an toiliú sin a chúlghairm, agus
 - (c) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (2)*, na nithe a shonraítear san fho-alt sin.
- (2) I gcás gur sholáthair duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* gaiméit a úsáideadh i bhfoirmiú an tsutha lena mbaineann, déanfaidh an tsaoráid dá dtagraítear san fho-alt sin, ina theannta sin, a chur in iúl don duine—
- (a) i gcás go dtoilíonn sé nó sí faoi *alt 16* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC eile—
 - (i) go bhfuil sé nó sí i dteideal an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)* a lorg, agus
 - (ii) i gcás go ndéantar gnáthamh ADDC eile den sórt sin, go dtoilíonn sé nó sí leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in *alt 28(3)(a)* ina leith a sholáthar don Aire, agus
 - (b) i gcás go mbeirtear leanbh de thoradh an ghnáthaimh ADDC eile—
 - (i) go ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* i ndáil leis nó léi a thaifeadadh ar an gClár,
 - (ii) go bhféadfaidh an leanbh, de réir *alt 35*, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)* ina leith agus féachaint le teagmháil a dhéanamh leis nó léi,
 - (iii) go bhfuil teideal an duine chun faisnéis arna taifeadadh ar an gClár a fháil faoi réir *alt 36* agus go bhfuil sé srianta thairis sin don fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 34(2)*, agus
 - (iv) ag féachaint do cheart an linbh chun a chéannachta nó a céannachta, gurb inmhianaithe go ndéanadh sé nó sí an fhaisnéis i ndáil leis nó léi arna taifeadadh ar an gClár a choimeád cothrom le dáta de réir *alt 38(1)*.

Toiliú a tugadh faoi *alt 14* nó *16* a chúlghairm

18. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh deontóir sutha, faoi *alt 14* nó *16*, le fógra i scríbhinn chuig oibritheoir na saoráide ADDC dá ndearnadh a dhearbhuí nó a dearbhú faoi *alt 14(5)(b)* nó *alt 16(5)(b)*, de réir mar a bheidh, a thoiliú nó a toiliú faoin alt iomchuí a chúlghairm.
- (2) Ní bheidh éifeacht le cúlghairm ar thoiliú faoi *fho-alt (1)* i leith gnáthamh ADDC nó, de réir mar a bheidh, gnáthamh ADDC eile lena mbaineann an toiliú agus a bheidh déanta sula mbeidh an fógra faoin bhfo-alt sin faighte ag oibritheoir na saoráide ADDC ina ndéantar an gnáthamh.

Caiteachais réasúnacha a íoc

19. (1) Ní bheidh toiliú ó dheontóir faoi *alt 6* bailí i gcás go dtabharfar é mar mhalairt ar chúiteamh airgeadais de bhreis ar na caiteachais réasúnacha a bhaineann leis an ngaiméit lena mbaineann a sholáthar nó le toiliú a thabhairt faoin alt sin.

(2) Ní bheidh toiliú ó dheontóir faoi *alt 14* nó *16* bailí i gcás go dtabharfar é mar mhalairt ar chúiteamh airgeadais de bhreis ar na caiteachais réasúnacha a shonraítear i *bhfo-alt (3)(a)* nó *(c)* agus a bhaineann le toiliú a thabhairt faoin alt sin.

(3) San alt seo, ciallaíonn “caiteachais réasúnacha”, i ndáil le deontóir—

- (a) costais taistil an deontóra,
- (b) caiteachais liachta an deontóra, agus
- (c) aon chostais dhlíthiúla nó costais chomhairliúcháin de chuid an deontóra,

arna dtabhú aige nó aici i ndáil leis an ngaiméit a sholáthar nó, de réir mar a bheidh, le toiliú a thabhairt faoin gCuid seo.

Leabh lena mbaineann an t-alt seo

20. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le leabh, más rud é—

- (a) gur rugadh an leabh sa Stát,
- (b) gur rugadh an leabh de thoradh gnáthamh ADDC a rinneadh roimh an dáta ar a dtiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, ba ghnáthamh ADDC—
 - (i) a rinneadh sa Stát, nó
 - (ii) a rinneadh lasmuigh den Stát, i gcás go raibh an duine a rinne an gnáthamh údaráithe chun déanamh amhlaidh faoi dhlí na háite ina ndearnadh an gnáthamh,
- (c) an tráth a rinneadh an gnáthamh ADDC dá dtagraítear i *mír (b)*, gur thuismitheoir beartaitheach ar an leabh duine agus gurbh é nó í an t-aon thuismitheoir beartaitheach amháin ar an leabh,
- (d) an tráth dá dtagraítear i *mír (c)*, maidir leis an duine, seachas máthair an linbh, a sholáthair gaiméit a úsáideadh sa ghnáthamh ADDC—
 - (i) nárbh aithnid é do mháthair an linbh ná don duine dá dtagraítear i *mír (c)*, agus
 - (ii) nár thuismitheoir beartaitheach ar an leabh é,
- (e) an tráth a dhéantar an t-iarratas faoi *alt 21* nó *22*, de réir mar a bheidh, nach aithnid an duine dá dtagraítear i *mír (d)* fós do mháthair an linbh ná don duine dá dtagraítear i *mír (c)*, agus
- (f) go mbeidh máthair an linbh taifeadta mar mháthair an linbh i gclár breitheanna agus nach mbeidh aon duine, nó nach mbeidh aon duine seachas an duine dá dtagraítear i *mír (c)*, taifeadta sa chlár sin mar athair nó mar thuismitheoir an linbh.

(2) San alt seo agus in *ailt 21* go *23*—

folaíonn “gnáthamh ADDC” gnáthamh ADDC a dhéantar lasmuigh den Stát;

ciallaíonn “tuismitheoir beartaitheach”, i ndáil le leanbh a bheirtear de thoradh gnáthamh ADDC, duine, seachas máthair bheartaitheach an linbh, a raibh a fhios aige nó aici, an tráth a rinneadh an gnáthamh ADDC, go raibh an gnáthamh á dhéanamh agus a gheall aire a thabhairt d’aon leanbh a bhéarfaí de thoradh an ghnáthaimh agus freagrachtaí a fheidhmiú ina leith amhail is dá mba é nó í tuismitheoir an linbh;

ciallaíonn “clár breitheanna” clár breitheanna arna chothabháil ag an Ard-Chlárúitheoir faoi alt 13(1)(a) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, arna leasú, nó faoi na hachtacháin aisghairthe (de réir bhrí an Achta sin).

Dearbhú ón gCúirt Dúiche maidir le tuismíocht linbh lena mbaineann *alt 20*

21. (1) Féadfaidh na daoine a shonraítear i *bhfo-alt (2)* iarratas a dhéanamh i gcomhpháirt chun na Cúirte Dúiche ar cibé modh a bheidh forordaithe le rialacha cúirte ar dhearbhu faoin alt seo gur tuismitheoir linbh lena mbaineann *alt 20* an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)*.
- (2) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le leanbh lena mbaineann *alt 20*—
 - (a) máthair an linbh, agus
 - (b) an duine, dá dtagraítear in *alt 20(1)(c)*, ar thuismitheoir beartaitheach ar an leanbh é nó í.
- (3) Déanfar an leanbh lena mbaineann iarratas ar dhearbhu faoin alt seo a uamadh mar pháirtí sna himeachtaí.
- (4) Beidh iarratas faoin alt seo bunaithe ar mhionnscríbhinn arna mionnú ag gach iarratasóir ina sonrófar—
 - (a) gur leanbh a bhfuil feidhm ag *alt 20* maidir leis nó léi an leanbh lena mbaineann an t-iarratas,
 - (b) gur thuismitheoir beartaitheach an linbh, an tráth dá dtagraítear in *alt 20(1)(c)*, é nó í an t-iarratasóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)*, agus
 - (c) go dtoilíonn sé nó sí le dearbhú faoin alt seo a dhéanamh.
- (5) Ar iarratas chuici faoin alt seo, féadfaidh an Chúirt, aon tráth le linn na n-imeachtaí, uaithi féin nó ar iarratas ó aon pháirtí sna himeachtaí, a ordú go ndéanfar na páipéir go léir is gá sa ní a chur chuig an Ard-Aighne.
- (6) Más rud é, ar iarratas a fháil faoin alt seo, go n-iarrfaidh an tArd-Aighne páirtí a dhéanamh de nó di sna himeachtaí, ordóidh an Chúirt go gcuirfear mar pháirtí iontu é nó í, agus, cibé acu a iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé nó sí amhlaidh, féadfaidh an tArd-Aighne aon cheist i ndáil leis an iarratas a mheasfaidh an Chúirt is gá a argóint go hiomlán a argóint os comhair na Cúirte agus cibé bearta eile a dhéanamh i ndáil leis sin is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach.
- (7) Féadfaidh an Chúirt a ordú go ndéanfar fógra i dtaobh aon iarratas faoin alt seo a thabhairt do cibé daoine eile is cuí leis an gCúirt, agus, i gcás go dtabharfar fógra amhlaidh d’aon duine, féadfaidh an Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ón duine sin

nó ó aon pháirtí sna himeachtaí, a ordú go gcuirfear an duine sin mar pháirtí sna himeachtaí sin.

(8) Le linn di breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí dearbhú faoin alt seo, déanfaidh an Chúirt, a mhéid is féidir i bhfianaise a aoise nó a haoise nó a thuisceana nó a tuisceana, an deis a thabhairt don leanbh a thuairimí nó a tuairimí ar an ní a chur i bhfios, agus beidh aird aici ar na tuairimí sin.

(9) Más rud é, ar iarratas a fháil faoin alt seo, gur deimhin leis an gCúirt—

(a) gur leanbh lena mbaineann *alt 20* an leanbh, agus

(b) i gcás nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe ag an leanbh, gurb é leas an linbh é an dearbhú a dhéanamh,

déanfaidh sí dearbhú gur tuismitheoir ar an leanbh an t-iarratasóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)*.

(10) Aon dearbhú a dhéanfar faoin alt seo, beidh sé ina cheangal ar na páirtithe sna himeachtaí agus ar aon duine a bheidh ag déanamh éileamh trí pháirtí sna himeachtaí agus, i gcás go ndéanfar páirtí sna himeachtaí den Ard-Aighne, beidh an dearbhú ina cheangal ar an Stát freisin.

Dearbhú ón gCúirt Chuarda maidir le tuismíocht linbh lena mbaineann *alt 20*

22. (1) Féadfaidh na daoine a shonraítear i *bhfo-alt (2)* iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar dhearbhu faoin alt seo gur tuismitheoir linbh lena mbaineann *alt 20* duine a bheidh ainmnithe san iarratas (dá ngairtear “duine iomchuí” san alt seo).

(2) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le leanbh lena mbaineann *alt 20*—

(a) an leanbh,

(b) máthair an linbh, nó

(c) an duine iomchuí.

(3) Déanfar an leanbh lena mbaineann iarratas ar dhearbhu faoin alt seo a uamadh mar pháirtí sna himeachtaí.

(4) Tá feidhm ag *fo-ailt (5)* go *(8) d’alt 21*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hiarratas faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le hiarratas faoin alt sin.

(5) Beidh ag gabháil le hiarratas faoin alt seo fianaise—

(a) gur leanbh a bhfuil feidhm ag *alt 20* maidir leis nó léi an leanbh lena mbaineann, agus

(b) gur thuismitheoir beartaitheach ar an leanbh lena mbaineann an duine iomchuí an tráth dá dtagraítear in *alt 20(1)(c)*,

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, más rud é, ar iarratas faoin alt seo, go gcruthófar gur dóichí—

- (a) gur leanbh a bhfuil feidhm ag *alt 20* maidir leis nó léi an leanbh lena mbaineann, agus
 - (b) gur thuismitheoir beartaitheach ar an leanbh lena mbaineann an duine iomchuí an tráth dá dtagraítear in *alt 20(1)(c)*,

déanfaidh an Chúirt Chuarda dearbhú gur thuismitheoir ar an leanbh an duine iomchuí.
- (7) Ní dhéanfaidh an Chúirt Chuarda dearbhú faoi *fho-alt (6)* i gcás gur deimhin léi—
- (a) nárbh é leas an linbh lena mbaineann déanamh amhlaidh, i gcás nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe ag an leanbh, nó
 - (b) go mbeadh sé contrártha don cheartas déanamh amhlaidh.
- (8) Aon dearbhú a dhéanfar faoin alt seo, beidh sé ina cheangal ar na páirtithe sna himeachtaí agus ar aon duine a bheidh ag déanamh éileamh trí pháirtí sna himeachtaí, agus, i gcás go ndéanfar páirtí sna himeachtaí den Ard-Aighne, beidh an dearbhú ina cheangal ar an Stát freisin.

An éifeacht atá le dearbhú faoi *alt 21* nó *22*

- 23.** I gcás go ndearbhófar faoi *alt 21* nó *22* gur thuismitheoir ar leanbh duine, ón dáta a dhéanfar an dearbhú—
- (a) measfar gurb é nó í an duine an thuismitheoir, faoi *alt 5(1)(b)*, ar an leanbh,
 - (b) maidir leis an duine, dá dtagraítear in *alt 20(1)(d)*, a sholáthair gaiméit a úsáideadh sa ghnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh de thoradh air—
 - (i) ní hé thuismitheoir an linbh é, agus
 - (ii) níl aon chearta thuismitheora aige ná aon dualgais thuismitheora air i leith an linbh,
- agus
- (c) déanfar tagairt in aon aachtachán do mháthair, d’athair nó do thuismitheoir linbh a fhorléiriú mar thagairt nach bhfolaíonn, i ndáil leis an leanbh lena mbaineann an dearbhú, an duine dá dtagraítear i *mír (b)*.

CUID 3

ATÁIRGEADH DAONNA DEONTÓIR-CHUIDITHE

Oibritheoir saoráide ADDC d’fháil gaiméite nó sutha

- 24.** (1) Ní bhfaighidh oibritheoir saoráide ADDC gaiméit arna soláthar ag deontóir lena húsáid i ghnáthamh ADDC mura rud é, tráth na fála sin, go bhfaighidh sé nó sí freisin an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)* i leith an deontóra.

- (2) Ní bhfaighidh oibritheoir saoráide ADDC suth lena úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile mura rud é, tráth na fála sin, go bhfaighidh sé nó sí freisin an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)*—
- (a) i leith dheontóir nó, de réir mar a bheidh, i leith dheontóirí uile an tsutha, a sholáthair gaiméit a úsáideadh i bhfoirmiú an tsutha, agus
- (b) más infheidhme, i leith deontóir gaiméite a úsáideadh i bhfoirmiú an tsutha.
- (3) Is é an méid seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus (2), i ndáil leis an deontóir lena mbaineann:
- (a) a ainm nó a hainm;
- (b) a dháta breithe nó a dáta breithe agus a áit bhreithe nó a háit bhreithe;
- (c) a náisiúntacht;
- (d) an dáta ar ar sholáthair sé nó sí, agus an áit inar sholáthair sé nó sí, an ghaiméit;
- (e) a mhionsonraí teagmhála nó a mionsonraí teagmhála.

Gnáthamh ADDC a dhéanamh

- 25.** (1) Ní dhéanfaidh duine gnáthamh ADDC mura rud é—
- (a) gur lia-chleachtóir cláraithe an duine, nó
- (b) gur altra chláraithe an duine.
- (2) Ní dhéanfaidh duine gnáthamh ADDC seachas ar iarraidh ó thuismitheoir beartaitheach.
- (3) Ní dhéanfaidh duine gnáthamh ADDC ar iarraidh ó thuismitheoir beartaitheach mura rud é—
- (a) go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas i leith an tuismitheora bheartaithigh sin faighte aige nó aici ar dtús—
- (i) a ainm nó a hainm,
- (ii) a dháta breithe nó a dáta breithe, agus
- (iii) a sheoladh nó a seoladh agus a mhionsonraí teagmhála nó a mionsonraí teagmhála,
- agus
- (b) go mbeidh feidhm ag an méid seo a leanas:
- (i) i gcás gurb í an mháthair bheartaitheach an t-aon tuismitheoir beartaitheach amháin, beidh toiliú tugtha aici faoi *alt 9* leis an tuismíocht faoi *alt 5* i leith leanbh a bhéarfai di de thoradh an ghnáthaimh;

(ii) i gcás gurb iad na tuismitheoirí beartaitheacha an mháthair bheartaitheach agus a fearchéile, a páirtneir sibhialta nó a comhchónaitheoir—

(I) beidh toiliú tugtha faoi *alt 9* ag an máthair bheartaitheach leis an tuisníocht faoi *alt 5* i leith leanbh a bhéarfad de thoradh an ghnáthaimh, agus beidh ráiteas dá dtagraítear in *alt 9(3)(d)* i leith an fhearchéile, an pháirtneara sibhialta nó an chomhchónaitheora lena mbaineann san áireamh ina dearbhú faoi *alt 9(1)(c)*, agus

(II) beidh toiliú tugtha faoi *alt 11* ag an bhfearchéile, ag an bpáirtneir sibhialta nó ag an gcomhchónaitheoir lena mbaineann le bheith ina tuismitheoir nó ina tuismitheoir, faoi *alt 5*, ar leanbh a bhéarfad de thoradh an ghnáthaimh.

Gaiméit nó suth a úsáid i ngnáthamh ADDC

26. (1) Ní dhéanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, ná ní cheadóidh sé nó sí go ndéanfar, gaiméit arna soláthar ag deontóir a úsáid i ngnáthamh ADDC mura rud é—

(a) go mbeidh an ghaiméit faighte de réir *alt 24(1)*, agus

(b) go ndearna deontóir na gaiméite sin—

(i) a toiliú nó a thoiliú a thabhairt faoi *alt 6* leis an ngaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC, nó

(ii) i gcás go bhfaightear an ghaiméit ó áit lasmuigh den Stát, a thoiliú nó a toiliú a thabhairt leis an ngaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC, i gcás gurb ionann go substaintiúil an toiliú sin agus an toiliú dá bhforáiltear in *alt 6*.

(2) Ní dhéanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, ná ní cheadóidh sé nó sí go ndéanfar, suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile mura rud é—

(a) go mbeidh an suth faighte aige de réir *alt 24(2)*, agus

(b) go ndearna deontóir, nó de réir mar a bheidh, deontóirí uile an tsutha—

(i) a thoiliú nó a toiliú nó a dtoiliú a thabhairt faoi *alt 14* nó *16* leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó, de réir mar a bheidh, i ngnáthamh ADDC eile, nó

(ii) i gcás go bhfaightear an suth ó áit lasmuigh den Stát, a thoiliú nó a toiliú nó a dtoiliú a thabhairt leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile, i gcás gurb ionann go substaintiúil an toiliú sin agus an toiliú dá bhforáiltear in *alt 14* nó, de réir mar a bheidh, in *alt 16*.

(3) Ní dhéanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, ná ní cheadóidh sé nó sí go ndéanfar, gaiméit arna soláthar ag deontóir a úsáid i ngnáthamh ADDC, i gcás go bhfuair sé nó sí eolas—

(a) go ndearnadh toiliú an deontóra faoi *alt 6* a chúlghairm faoi *alt 8*, nó

(b) i gcás gaiméit lena mbaineann *fo-alt (1)(b)(ii)* nó *(5)*, go ndearnadh toiliú an deontóra dá dtagraítear san fho-alt sin a chúlghairm.

- (4) Ní dhéanfaidh oibritheoir saoráide ADDC, ná ní cheadóidh sé nó sí go ndéanfar, suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile i gcás go bhfuair sé nó sí eolas—
- (a) go ndearnadh toiliú an deontóra faoi *alt 14* nó, de réir mar a bheidh, *alt 16*, a chúlghairm faoi *alt 18*, nó
- (b) i gcás suth lena mbaineann *fo-alt (2)(b)(ii)* nó (6), go ndearnadh toiliú an deontóra dá dtagraítear san fho-alt sin a chúlghairm.
- (5) D'ainneoin *fho-alt (1)*, ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta ar a dtiocfaidh an fo-alt sin i ngníomh, féadfar gaiméit nach bhfuil feidhm ag *mír (a)* den fho-alt sin maidir léi a úsáid i ngnáthamh ADDC más rud é—
- (a) go bhfuair an tsaoráid ADDC lena mbaineann an ghaiméit lena mbaineann roimh an dáta sin,
- (b) gur thoiligh deontóir na gaiméite leis an ngaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC, agus
- (c) gur tuismitheoir ar leanbh a rugadh de thoradh gnáthamh ADDC a rinneadh roimh an dáta sin an tuismitheoir beartaitheach, i gcás gur sholáthair an deontóir céanna an ghaiméit a úsáideadh sa ghnáthamh sin.
- (6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)(a)* maidir le suth, más rud é—
- (a) gur foirmíodh an suth roimh an dáta ar a dtagann an fo-alt i ngníomh,
- (b) go bhfuair an tsaoráid ADDC an suth roimh an dáta sin, agus
- (c) gur thoiligh deontóir nó, de réir mar a bheidh, deontóirí uile an tsutha leis an suth a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile.
- (7) I gcás go ndéanfar suth lena mbaineann *fo-alt (6)* a úsáid i ngnáthamh ADDC nó i ngnáthamh ADDC eile, ní oibreoidh aon ní san alt seo chun cosc a chur leis an bhfaisnéis a shonraítear in *alt 33(3)(d)*, i leith an deontóra ar óna ghaiméit nó óna gaiméit a foirmíodh an suth, a thaifeadadh ar an gClár.
- (8) Féadfaidh oibritheoir saoráide ADDC, nó féadfaidh sé nó sí a cheadú go ndéanfar, suth a foirmíodh roimh an dáta ar a dtagann an fo-alt seo i ngníomh a úsáid i ngnáthamh ADDC más rud é—
- (a) gur chun críocha an ghnáthaimh ADDC a foirmíodh an suth,
- (b) gur thoiligh deontóir na gaiméite a úsáideadh i bhfoirmiú an tsutha leis an ngaiméit a úsáid i ngnáthamh ADDC, agus
- (c) go mbeidh toiliú tugtha, faoi *alt 9* nó, de réir mar a bheidh, *alt 11*, ag gach duine ar thuismitheoir beartaitheach é nó í, an tráth a foirmíodh an suth, leis an tuismíocht faoi *alt 5* i leith leanbh a bheirtear de thoradh an ghnáthaimh.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cónais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

Cd.3

Déanfaidh an tuismitheoir beartaitheach faisnéis a sholáthar don tsaoráid ADDC tar éis gnáthamh ADDC

27. (1) I gcás go ndéanfar gnáthamh ADDC, déanfaidh an tuismitheoir beartaitheach lena mbaineann, a luaithé is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an eolas faoin méid seo a leanas, é a chur in iúl d'oibritheoir na saoráide ADDC lena mbaineann:
- (a) ar tháinig toircheas na máthar beartaithí as an ngnáthamh;
 - (b) i gcás gur tháinig toircheas na máthar beartaithí as an ngnáthamh, an dáta a mheastar a bhéarfar leanbh don mháthair bheartaitheach.
- (2) I gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)(b)*, déanfaidh an tuismitheoir beartaitheach lena mbaineann, a luaithé is indéanta tar éis deireadh a bheith tagtha le toircheas na máthar beartaithí, an méid seo a leanas a chur in iúl don tsaoráid ADDC lena mbaineann—
- (a) ar rugadh leanbh beo de thoradh an toirchis, agus
 - (b) i gcás gur rugadh leanbh beo de thoradh an toirchis, ainm, dáta breithe agus áit bhreithe, gnéas agus seoladh an linbh.
- (3) I gcás nach gcomhlíonfaidh tuismitheoir beartaitheach *fo-alt (1)* nó *(2)*, déanfaidh oibritheoir na saoráide ADDC lena mbaineann teagmháil leis an tuismitheoir beartaitheach lena mbaineann d'fhonn an fhaisnéis dá dtagraítear san *fo-alt* lena mbaineann a fháil.
- (4) I gcás go soláthróidh tuismitheoir beartaitheach an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)* d'oibritheoir saoráide ADDC, tabharfaidh an t-oibritheoir deimhniú faoi *fo-alt (5)* don tuismitheoir beartaitheach.
- (5) Beidh deimhniú faoin *bhfo-alt* seo i cibé foirm a fhorordófar agus sonrófar ann—
- (a) go ndearnadh gnáthamh ADDC sa tsaoráid ADDC ar iarraidh ón tuismitheoir beartaitheach nó ó na tuismitheoirí beartaitheacha, agus an dáta ar a ndearnadh an gnáthamh,
 - (b) i ndáil leis an ngnáthamh dá dtagraítear i *mír (a)*, cibé acu—
 - (i) a úsáideadh gaiméit amháin arna soláthar ag deontóir sa ghnáthamh agus, má úsáideadh, cibé acu b'ubh dhaonna nó ba speirm dhaonna an ghaiméit sin,
 - (ii) a sholáthair deontóir gach gaiméit a úsáideadh sa ghnáthamh, nó
 - (iii) a úsáideadh suth arna sholáthar ag deontóir sa ghnáthamh,
 - (c) cibé acu—
 - (i) ba ghaiméit lenar bhain *alt 26(1)* nó, de réir mar a bheidh, *alt 26(5)* an ghaiméit dá dtagraítear i *mír (b)* agus a sholáthair deontóir, nó
 - (ii) más infheidhme, ba shuth lenar bhain *fo-alt (2)* nó *(6)* d'*alt 26* an suth dá dtagraítear i *mír (b)(iii)*,

- (d) gur thoiligh an mháthair bheartaitheach lena mbaineann, faoi *alt 9*, leis an tuismíocht faoi *alt 5* i leith leanbh a bhéarfaí de thoradh an ghnáthaimh, agus
- (e) más infheidhme, gur thoiligh fearchéile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir na máthar beartaithí faoi *alt 11* le bheith ina thuismitheoir nó ina tuismitheoir ar leanbh a bhéarfaí de thoradh an ghnáthaimh.

Déanfaidh an tsaoráid ADDC faisnéis áirithe a choimeád agus a sholáthar

28. (1) Coimeádfaidh oibritheoir saoráide deonacháin—

- (a) toiliú i scríbhinn ó dhuine arna dhéanamh faoi *alt 6*, agus
- (b) taifead ar an gcúlghairm, faoi *alt 8*, ag duine dá dtagraítear i *mír (a)* ar a thoiliú nó a toiliú.

(2) Coimeádfaidh oibritheoir saoráide ADDC—

- (a) toiliú i scríbhinn ó dhuine arna dhéanamh faoi *alt 9, 11, 14* nó *16*, agus
- (b) taifead ar an gcúlghairm, faoi *alt 10, 12* nó *18*, de réir mar a bheidh, ag duine dá dtagraítear i *mír (a)* ar a thoiliú nó a toiliú.

(3) I gcás go ndéanfar gnáthamh ADDC i saoráid ADDC, coimeádfaidh oibritheoir na saoráide taifead—

- (a) ar an bhfaisnéis go léir a bheidh faighte faoi *alt 24* i leith an deontóra lena mbaineann, agus
- (b) ar an bhfaisnéis go léir a bheidh faighte faoi *alt 25(3)(a)* i leith an tuismitheora bheartaithigh lena mbaineann.

(4) Soláthróidh oibritheoir saoráide ADDC dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* an fhaisnéis seo a leanas don Aire, chun go gcomhlíonfaidh an tAire a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *alt 33*:

- (a) go ndearnadh gnáthamh ADDC sa tsaoráid ADDC ar iarraidh ó na tuismitheoirí beartaitheacha;
- (b) an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* i leith an deontóra agus an tuismitheora bheartaithigh;
- (c) más eol don oibritheoir é—

- (i) cibé acu ar tháinig toircheas na máthar beartaithí as an ngnáthamh, agus
- (ii) i gcás gur tháinig toircheas na máthar beartaithí de thoradh ar an ngnáthamh, an dáta a mheastar a bhéarfar leanbh don mháthair bheartaitheach nó, más infheidhme, an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (5)*.

(5) I gcás go mbeidh deireadh tagtha le toircheas na máthar beartaithí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(c)(i)*, is é an méid seo a leanas an fhaisnéis a bheidh le soláthar faoin bhfo-alt sin:

- (a) cibé acu a rugadh leanbh beo de thoradh an toirchis;

- (b) i gcás gur rugadh leanbh beo de thoradh an toirchis, ainm, dáta breithe agus áit bhreithe, gnéas agus seoladh an linbh.
- (6) Faoi réir *fho-alt* (7), déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt* (4) a sholáthar don Aire, i ndáil le gach gnáthamh ADDC a dhéanfar sa tsaoráid ADDC, ar gach ceann de na dátaí seo a leanas—
 - (a) ar dháta nach déanaí ná 6 mhí tar éis an gnáthamh lena mbaineann a dhéanamh, agus
 - (b) ar dháta nach luaithe ná 12 mhí agus nach déanaí ná 13 mhí tar éis an gnáthamh lena mbaineann a dhéanamh.
- (7) I gcás go dtiocfaidh oibritheoir saoráide ADDC ar an eolas faoi earráid i bhfaisnéis a sholáthair sé nó sí faoi *fho-alt* (4), déanfaidh sé nó sí, gan mhoill, an earráid a chur in iúl don Aire agus faisnéis cheartaithe a sholáthar don Aire.

Féadfaidh an tAire faisnéis a iarraidh maidir leis an tsaoráid ADDC do chomhlíonadh *alt* 28

29. Féadfaidh an tAire a cheangal ar oibritheoir saoráide ADDC aon fhaisnéis a sholáthar dó nó di a theastóidh uaidh nó uaithi chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-oibritheoir ag comhlíonadh a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi *alt* 28.

Daoine údaraithe

- 30.** (1) Féadfaidh an tAire cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh a mheasfaidh sé nó sí is cuí chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe nó ina ndaoine údaraithe d’fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh oibritheoir saoráide ADDC a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi *alt* 28.
- (2) Maidir le duine a cheapfar ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe faoin alt seo, déanfaidh an tAire barántas a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt dó nó di, tráth a cheaptha nó a ceaptha, agus, le linn don duine sin cumhacht a thugtar leis an Acht seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine a ndéanann an feidhmiú sin difear dó nó di é, an barántas sin a thabhairt ar aird don duine sin lena iniúchadh.

Cumhachtaí daoine údaraithe

31. (1) Chun críocha an Achta seo, féadfaidh duine údaraithe—

- (a) faoi réir *fho-alt* (3), dul isteach gach tráth réasúnach, in aon áitreabh—
 - (i) a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil sé á úsáid mar shaoráid ADDC, nó
 - (ii) a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil taifid nó doiciméid a bhaineann le saoráid ADDC á gcoimeád ansin,
- (b) san áitreabh sin, iniúchadh a dhéanamh ar aon leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear leabhair, taifid nó doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) a fhaigheann sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta, agus cóipeanna a thógáil díobh, nó sleachta a thógáil astu,

- (c) aon leabhair, doiciméid nó taifid den sórt sin a aistriú ón áitreabh sin agus iad a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis nó léi le réasún is gá chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo,
- (d) a cheangal—
 - (i) ar oibritheoir na saoráide ADDC, nó
 - (ii) ar aon duine eile san áitreabh lena mbaineann, lena n-áirítear úinéir na háite sin nó an áitribh sin nó an duine atá i gceannas ar an áit sin nó ar an áitreabh sin,

cibé faisnéis agus cúnamh a theastóidh le réasún ón duine údaraithe chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a thabhairt don duine údaraithe,
- (e) a cheangal—
 - (i) ar oibritheoir na saoráide ADDC, nó
 - (ii) ar aon duine eile san áitreabh lena mbaineann, lena n-áirítear úinéir na háite sin nó an áitribh sin nó an duine atá i gceannas ar an áit sin nó ar an áitreabh sin,

cibé leabhair, doiciméid nó taifid eile a thabhairt ar aird don duine údaraithe (agus i gcás doiciméid nó taifid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite, atáirgeadh inléite orthu a thabhairt ar aird dó nó di) atá ar seilbh nó ar fáil ag an duine sin, nó faoi rialú an duine sin, agus a theastóidh le réasún ón duine údaraithe chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, agus
- (f) scrúdú a dhéanamh maidir le haon ní faoin Acht seo ar aon duine a bhfuil forais réasúnacha ag an duine údaraithe chun a chreidiúint—
 - (i) gur oibritheoir saoráide ADDC é nó í, nó
 - (ii) go bhfuil sé nó sí fostaithe i saoráid ADDC,

agus a cheangal ar an duine freagra a thabhairt ar cibé ceisteanna a chuirfidh an duine údaraithe i ndáil leis na nithe sin agus dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor.
- (2) Le linn feidhm a chomhlíonadh faoin Acht seo, féadfaidh duine údaraithe, faoi réir aon bharántas faoi *fho-alt (4)*, cibé líon daoine údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána is cuí leis nó léi a bheith ina theannta nó ina teannta.
- (3) Ní rachaidh duine údaraithe isteach i dteaghais, seachas—
 - (a) le toiliú an áititheora, nó
 - (b) de bhun barántas faoi *fho-alt (4)*.
- (4) Ar fhaisnéis faoi mhionn ó dhuine údaraithe, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche—

- (a) chun a chumasú do dhuine údaraithe iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh a bhfuil forais réasúnacha ag an duine údaraithe chun a chreidiúint go bhfuil sé á úsáid mar shaoráid ADDC, nó
- (b) más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis, leabhair, doiciméid nó taifid eile (lena n-áirítear faisnéis, leabhair, doiciméid nó taifid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) a theastaíonn ó dhuine údaraithe faoin alt seo á coimeád nó á gcoimeád in aon áit nó áitreabh,

barántas a eisiúint á údarú do dhuine údaraithe ainmnithe agus cibé daoine údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna, roimh dheireadh míosa amháin ón dáta a eiseofar an barántas, dul isteach san áitreabh agus feidhmeanna duine údaraithe a chomhlíonadh faoi *fho-alt (1)*.

(5) Déanann duine cion, más rud é—

- (a) go gcuireann sé nó sí cosc nó bac ar dhuine údaraithe nó ar chomhalta den Gharda Síochána agus é nó í ag feidhmiú cumhacht a thugtar dó nó di faoin Acht seo nó barántas faoi *fho-alt (4)* nó go gcuireann sé nó sí treampán ar an duine nó ar an gcomhalta, de réir mar a bheidh, agus é nó í ag feidhmiú na cumhachta sin, nó
- (b) go mainníonn nó go ndiúltaíonn sé nó sí iarraidh nó ceanglas de chuid an duine nó an chomhalta de bhun an ailt seo a chomhlíonadh, nó ceist a chuirfidh an duine nó an comhalta de bhun an ailt seo a fhreagairt, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe na hiarrata nó an cheanglais sin, nó mar fhreagra ar an gceist sin, go dtugann sé nó sí faisnéis don duine nó don chomhalta is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

(6) I gcás go gcreideann duine údaraithe, ar fhorais réasúnacha, go ndearna duine cion faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a thabhairt dó nó di.

(7) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ceanglas faoi *fho-alt (1)(d)* nó *(f)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine mar gheall ar chion (seachas cion faoi *fho-alt (5)*).

(8) Aon duine a dhéanann cion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €70,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Oibleagáidí saoráide ADDC faoi *alt 28* a fhorfheidhmiú

32. (1) I gcás gur deimhin leis an Aire nach bhfuil oibritheoir saoráide ADDC ag comhlíonadh a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi *alt 28*, féadfaidh an tAire—

- (a) ordachán a eisiúint don oibritheoir á cheangal air nó uirthi cibé ceanglais a bheidh sonraithe san ordachán a chomhlíonadh, nó

- (b) iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi *fho-alt* (3).
- (2) I gcás gur deimhin leis an Aire nach bhfuil oibritheoir saoráide ADDC dár eisigh sé nó sí ordachán faoi *fho-alt* (1) ag comhlíonadh an ordacháin sin, féadfaidh an tAire iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi *fho-alt* (3).
- (3) Féadfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas faoi *fho-alt* (1)(b) nó (2), de réir mar a bheidh, i gcás gur deimhin léi nach bhfuil oibritheoir na saoráide ADDC lena mbaineann ag comhlíonadh a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi *alt* 28, ordú a dhéanamh á ordú don oibritheoir na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.
- (4) I gcás gur deimhin leis an Aire nach bhfuil oibritheoir saoráide ADDC is ábhar d'ordú faoi *fho-alt* (3) ag comhlíonadh an ordaithe, féadfaidh an tAire iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi *fho-alt* (5).
- (5) Féadfaidh an Chúirt Chuarda, i gcás gur deimhin léi, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt* (4), nach bhfuil oibritheoir na saoráide ADDC ag comhlíonadh ordú faoi *fho-alt* (3), ordú a dhéanamh á thoirmeasc nó á shríonadh gnáthaimh ADDC a dhéanamh sa tsaoirid ADDC go dtí cibé tráth a dheimhneoidh oibritheoir na saoráide ADDC don Chúirt go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi *alt* 28 a chomhlíonadh.
- (6) Féadfaidh oibritheoir saoráide ADDC, laistigh de 21 lá ó dháta an ordaithe, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne ordú ón gCúirt Chuarda faoi *fho-alt* (5) ar phointe dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte ar achomharc den sórt sin i leith an phointe dlí.

An Clár Náisiúnta de Dhaoine Deontóir-Ghinte

33. (1) Cuirfidh an tAire faoi deara clár ar a dtabharfar an Clár Náisiúnta de Dhaoine Deontóir-Ghinte a bhunú agus a chothabháil.
- (2) Cuirfidh an tAire taifead sa Chlár i leith gach leanbh a bheirtear sa Stát de thoradh gnáthamh ADDC.
- (3) Beidh na sonraí seo a leanas i dtaifead faoi *fho-alt* (2):
- (a) ainm, dáta breithe agus áit bhreithe agus gnéas an linbh;
- (b) seoladh an linbh;
- (c) an fhaisnéis i leith thuismitheoir an linbh, mar a soláthraíodh í don Aire faoi *alt* 28;
- (d) an fhaisnéis i leith an deontóra lena mbaineann, mar a soláthraíodh í don Aire faoi *alt* 28;
- (e) an dáta a rinneadh an gnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh de thoradh air;
- (f) ainm agus seoladh na saoráide ADDC ina ndearnadh an gnáthamh ADDC dá dtagraítear i *mír* (e).
- (4) Féadfaidh an tAire an modh ar a ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt* (3) a thaifeadadh ar an gClár a fhorordú.

Rochtain ar fhaisnéis áirithe ón gClár

- 34.** (1) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, nó tuismitheoir linbh dheontóir-ghinte nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, a iarraidh ar an Aire an fhaisnéis seo a leanas ón gClár a sholáthar dó nó di:
- (a) faisnéis seachas ainm, dáta breithe agus sonraí teagmhála an deontóra iomchuí, atá taifeadta ar an gClár i leith an deontóra iomchuí;
 - (b) an líon daoine a rugadh de thoradh gaiméit arna deonú ag an deontóir iomchuí a úsáid i ngnáthamh ADDC, agus gnéas agus bliain bhreithe gach duine acu.
- (2) Féadfaidh deontóir a iarraidh ar an Aire faisnéis ón gClár maidir le líon na ndaoine a rugadh de thoradh gaiméit arna deonú ag an deontóir a úsáid i ngnáthamh ADDC a sholáthar dó nó di, agus gnéas agus bliain bhreithe gach duine acu.
- (3) Déanfaidh an tAire iarraidh arna déanamh de réir *fho-alt (1)* nó *(2)* a chomhlíonadh.

Faisnéis i leith deontóir iomchuí a bheidh le soláthar do leanbh deontóir-ghinte

- 35.** (1) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige nó aici, ainm, dáta breithe agus sonraí teagmhála deontóra iomchuí, mar a bheidh siad taifeadta sa Chlár, a iarraidh ar an Aire.
- (2) I gcás go bhfaigheann an tAire iarraidh faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh sé nó sí fógra chuig an deontóir iomchuí á chur in iúl dó nó di—
- (a) go bhfuil iarraidh faoi *fho-alt (1)* déanta ag an leanbh deontóir-ghinte, agus
 - (b) go ndéanfaidh an tAire, 12 sheachtain ón dáta a chuirtear an fógra, an fhaisnéis a iarradh a scaoileadh chuig an leanbh deontóir-ghinte, mura ndéanann an deontóir iomchuí uirill chun an Aire ina leagfar amach an chúis gur gá mar gheall ar shábháilteacht an deontóra iomchuí nó an linbh dheontóir-ghinte, nó mar gheall ar shábháilteacht gach duine díobh, nach scaoilfear an fhaisnéis.
- (3) I gcás go ndéanann deontóir iomchuí a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis nó léi uirill chun an Aire de réir an fho-ailt sin, breithneoidh an tAire na huirill sin, ag féachaint do cheart an linbh dheontóir-ghinte chun a chéannachta nó a céannachta, agus—
- (a) más deimhin leis nó léi go bhfuil leorchúiseanna ann chun an fhaisnéis lena mbaineann a choimeád siar ón leanbh deontóir-ghinte, diúltóidh sé nó sí don iarraidh faoi *fho-alt (1)* agus tabharfaidh sé nó sí fógra don leanbh deontóir-ghinte faoin diúltú agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí ábhar uirill an deontóra iomchuí faoi *fho-alt (2)* a chur in iúl dó nó di, nó
 - (b) mura deimhin leis nó léi amhlaidh, scaoilfidh sé nó sí an fhaisnéis chuig an leanbh deontóir-ghinte lena mbaineann.
- (4) I gcás nach ndéanann deontóir iomchuí a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis nó léi uirill de réir an fho-ailt sin, scaoilfidh an tAire an fhaisnéis chuig an leanbh deontóir-ghinte lena mbaineann.

- (5) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte, laistigh de 21 lá ón dáta a gheofar an fógra faoi *fho-alt (3)(a)*, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda i gcoinne dhiúltú an Aire maidir lena iarraidh nó lena hiarraidh faoi *fho-alt (1)*.
- (6) Déanfar achomharc faoi *fho-alt (5)*—
 - (a) iar bhfógra chuig an Aire, agus
 - (b) a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.

Faisnéis i leith leanbh deontóir-ghinte a bheidh le soláthar do dheontóir iomchuí

36. (1) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici a iarraidh ar an Aire ráiteas a thaifeadadh ar an gClár ar a ainm nó a hainm, a dháta breithe nó a dáta breithe agus a shonraí teagmhála nó a sonraí teagmhála agus á dhaingniú go dtoilíonn sé nó sí, ar an deontóir iomchuí do dhéanamh iarraidh faoi *fho-alt (2)*, leis an bhfaisnéis a scaoileadh, de réir an ailt seo, chuig an deontóir iomchuí.
- (2) Féadfaidh deontóir ainm, dáta breithe agus sonraí teagmhála linbh dheontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige nó aici agus ar deontóir iomchuí é nó í i ndáil leis nó léi, a iarraidh ón Aire.
- (3) I gcás go bhfaigheann an tAire iarraidh faoi *fho-alt (2)*, agus go bhfuil ráiteas ón leanbh deontóir-ghinte faoi *fho-alt (1)* taifeadta ar an gClár, tabharfaidh an tAire fógra don leanbh deontóir-ghinte á chur in iúl dó nó di—
- (a) go bhfuil iarraidh faoi *fho-alt (2)* déanta ag an deontóir iomchuí, agus
 - (b) mura rud é go gcuireann sé nó sí in iúl don Aire, laistigh de 12 sheachtain ón dáta a chuirfear an fógra, go gcuireann sé nó sí in aghaidh an fhaisnéis atá sa ráiteas faoi *fho-alt (1)* a scaoileadh chuig an deontóir iomchuí, go scaoilfidh an tAire an fhaisnéis sin chuig an deontóir iomchuí.
- (4) I gcás nach gcuireann leanbh deontóir-ghinte ar cuireadh fógra chuige nó chuici faoi *fho-alt (3)* in aghaidh an fhaisnéis lena mbaineann a scaoileadh, de réir an fho-ailt sin, scaoilfidh an tAire an fhaisnéis sin chuig an deontóir iomchuí lena mbaineann.

Faisnéis i leith daoine eile a bheidh le soláthar do leanbh deontóir-ghinte

37. (1) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici a iarraidh ar an Aire ráiteas a thaifeadadh ar an gClár ar a ainm nó a hainm, a dháta breithe nó a dáta breithe agus a shonraí teagmhála nó a sonraí teagmhála agus á dhaingniú go dtoilíonn sé nó sí, ar dhuine do dhéanamh iarraidh faoi *fho-alt (2)*, leis an bhfaisnéis sin a scaoileadh, de réir an ailt seo, chuig an duine sin.
- (2) Féadfaidh leanbh deontóir-ghinte a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici (dá ngairtear “duine iarrthach” san alt seo) ainm, dáta breithe agus sonraí teagmhála duine iomchuí a iarraidh ón Aire.
- (3) I gcás go bhfaigheann an tAire iarraidh faoi *fho-alt (2)*, agus go ndearna an leanbh deontóir-ghinte lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ráiteas faoi *fho-alt (1)* atá taifeadta ar an gClár, cuirfidh an tAire fógra chuig an leanbh deontóir-ghinte á chur in iúl dó nó di—

- (a) go bhfuil iarraidh faoi *fho-alt (2)* déanta ag an duine iarrthach, agus
- (b) mura rud é go gcuireann an leanbh deontóir-ghinte in iúl don Aire, laistigh de 12 sheachtain ón dáta a chuirfear an fógra, go gcuireann sé nó sí in aghaidh an fhaisnéis atá sa ráiteas faoi *fho-alt (1)* a scaoileadh chuig an duine iarrthach, scaoilfidh an tAire an fhaisnéis sin chuig an duine iarrthach.
- (4) I gcás nach gcuireann leanbh deontóir-ghinte ar cuireadh fógra chuige nó chuici faoi *fho-alt (3)* in aghaidh an fhaisnéis lena mbaineann a scaoileadh, de réir an fho-ailt sin, scaoilfidh an tAire an fhaisnéis sin chuig an duine iarrthach.
- (5) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí”, i ndáil le duine iarrthach, leanbh deontóir-ghinte ar deontóir iomchuí i ndáil leis an duine iarrthach freisin deontóir iomchuí i ndáil leis nó léi.

Foráil bhreise i ndáil le *hailt 33 go 37*

38. (1) I gcás go ndéantar faisnéis a bhaineann le duine a thaifeadadh ar an gClár de réir *ailt 33 go 37*, féadfaidh an duine sin (nó, i gcás duine nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, a thuismitheoir nó a thuismitheoir nó a chaomhnóir nó a caomhnóir) a iarraidh ar an Aire an fhaisnéis lena mbaineann a thabhairt cothrom le dáta.
- (2) Ní dhéanfaidh an tAire—
- (a) ráiteas arna dhéanamh ag duine faoi *alt 36(1)* nó *37(1)* a thaifeadadh ar an gClár, ná
 - (b) faisnéis a scaoileadh chuig duine mar fhreagra ar iarraidh faoi *alt 35, 36, nó 37*,
- mura deimhin leis an Aire go bhfuair an duine comhairliúchán maidir leis na himpleachtaí a ghabhann le ráiteas den sórt sin a bheith á thaifeadadh aige nó aici nó, de réir mar a bheidh, le faisnéis den sórt sin a bheith á fáil aige nó aici.

Idirghníomhaíocht an Chláir agus chlár na mbreitheanna

39. (1) I gcás go ndéanann an tAire taifead faoi *alt 33(2)*, tabharfaidh sé nó sí fógra don Ard-Chláraitheoir go bhfuil taifead sa Chlár i leith an linbh lena mbaineann i seilbh an Aire.
- (2) I gcás go bhfaigheann an tArd-Chláraitheoir fógra faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh sé nó sí nóta sa taifead i gclár na mbreitheanna i leith an linbh gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh agus go bhfuil faisnéis bhreise ar fáil ón gClár i ndáil leis an leanbh.
- (3) Ní dhéanfar nóta dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a scaoileadh ach amháin chuig an leanbh lena mbaineann, nuair a bheidh 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici.
- (4) I gcás go ndéanann duine a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici iarratas ar chóip dá dheimhniú breithe nó dá deimhniú breithe, agus go bhfuil nóta dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* i gclár na mbreitheanna, déanfaidh an tArd-Chláraitheoir, nuair a bheidh cóip den deimhniú breithe a iarradh á heisiúint aige nó aici, a chur in iúl don duine go bhfuil faisnéis bhreise i ndáil leis nó léi ar fáil ón gClár.

Dlínse (Codanna 2 agus 3)

40. (1) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Dúiche le *halt 21*—

- (a) is breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche cúirte dúiche ina bhfuil gnáthchónaí ar iarratasóir faoin alt sin nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í, nó
- (b) más rud é nach bhfuil gnáthchónaí sa Stát ar aon iarratasóir faoin alt sin nó nach seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha sa Stát, is breitheamh a bheidh sannta do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath a fheidhmeoidh í.

(2) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda le *hailt 22* agus *35*—

- (a) is é nó is í an breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar iarratasóir faoin alt lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í, nó
- (b) más rud é nach bhfuil gnáthchónaí sa Stát ar aon iarratasóir faoin alt lena mbaineann nó nach seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha sa Stát, is breitheamh den chúirt a bheidh sannta de thuras na huaire do Chuaird Bhaile Átha Cliath a fheidhmeoidh í.

(3) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda le *halt 32*, is breitheamh den chuaird ina bhfuil an tsaoráid ADDC lena mbaineann suite, a fheidhmeoidh í.

Rialacháin (Codanna 2 agus 3)

41. (1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear i *gCuid 2* nó sa Chuid seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoi *Chuid 2* nó faoin *gCuid* seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Aon rialacháin a dhéanfar faoi *Chuid 2* nó faoin *gCuid* seo, leagfar iad faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid rún a rith ag neamhniú na rialachán sin, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

Doiciméid a sheirbheáil (Codanna 2 agus 3)

42. (1) Aon fhógra nó doiciméad eile a cheanglaítear a sheirbheáil ar dhuine nó a thabhairt do dhuine faoi *Chuid 2* nó faoin *gCuid* seo, déanfar é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil ar an duine nó a thabhairt dó nó di ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin; nó

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.3 A.42

- (c) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.
- (2) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe daoine ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.

CUID 4

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍON, 1964

Leasú ar alt 2 d’Acht 1964

43. Leasaítear alt 2 d’Acht 1964—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ordú uchtála”:

“tá le ‘ordú uchtála’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Uchtála, 2010;”,

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “athair”:

“folaíonn ‘athair’ fear-uchtaitheoir faoi ordú uchtála ach, faoi réir alt 11(4), ní fholaíonn sé athair linbh nár phós máthair an linbh sin mura rud é—

(a) go bhfuil ordú faoi alt 6A i bhfeidhm i leith an linbh sin,

(b) go bhfuil feidhm ag na himthosca atá leagtha amach i bhfo-alt (3) den alt seo,

(c) go bhfuil feidhm ag na himthosca atá leagtha amach i bhfo-alt (4) den alt seo,

(d) go bhfuil feidhm ag na himthosca atá leagtha amach i bhfo-alt (4A) den alt seo, nó

(e) gur caomhnóir ar an leanbh é an t-athair de bhua alt 6D;”,

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tuismitheoir”:

“ciallaíonn ‘tuismitheoir’—

(a) faoi réir mhír (b), athair nó máthair mar a mhínítear leis an bhfo-alt seo, agus

(b) i ndáil le leanbh deontóir-ghinte, tuismitheoir nó tuismitheoirí an linbh sin faoi *alt 5 d’Acht 2015;*”,

agus

(iv) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

forléireofar ‘páirtnéir sibhialta’ de réir alt 3 d’Acht 2010;

forléireofar ‘comhchónaitheoir’ de réir alt 172(1) d’Acht 2010;

tá le ‘leanbh deontóir-ghinte’ an bhrí atá leis i *gCuid 2 d’Acht 2015*;

ciallaíonn ‘achtachán’ reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

forléireofar ‘ordú forghníomhaithe’ de réir alt 18A(1);

ciallaíonn ‘caomhnóir cáilitheach’, i ndáil le leanbh, duine ar caomhnóir ar an leanbh sin é nó í agus—

(a) ar tuismitheoir an linbh é nó í agus a bhfuil coimeád an linbh sin aige nó aici, nó

(b) nach tuismitheoir an linbh é nó í ach a bhfuil coimeád an linbh aige nó aici d’eisiamh aon tuismitheoir ar an leanbh atá ar marthain;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn ‘gaol’, i ndáil le leanbh, seanathair nó seanmháthair, deartháir, deirfiúr, uncail nó aintín an linbh;”,

(b) i bhfo-alt (4)—

(i) i mír (c), trí “leanbh,” a scriosadh, agus trí “leanbh, agus”, a chur ina ionad, agus

(ii) trí mhír (d) a scriosadh,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Is iad na himthosca dá dtagraítear i mír (d) den mhíniú ar ‘athair’ i bhfo-alt (1)—

(a) nár phós athair agus máthair an linbh lena mbaineann a chéile, agus

(b) go raibh athair agus máthair an linbh lena mbaineann ina gcomhchónaitheoirí ar feadh tréimhse nach giorra ná 12 mhí chomhleanúnacha is tréimhse a tharlóidh tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, agus a n-áireofar inti tréimhse a tharlóidh aon tráth tar éis bhreith an linbh, nach giorra ná trí mhí chomhleanúnacha ar lena linn a bhí an mháthair agus an t-athair araon ag cónaí leis an leanbh.”.

Tagairtí in achtacháin do chaomhnóirí arna gceapadh faoi alt 6C nó 6E

44. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

“Tagairtí in achtacháin do chaomhnóirí arna gceapadh faoi alt 6C nó 6E

- 2A.** (1) Faoi réir fho-alt (2), aon tagairt i bhforáil d’achtachán a shonraítear in alt 6C(12) do dhuine ar caomhnóir ar leanbh é nó í de bhun an Achta seo, folóidh sí tagairt do dhuine a bheidh ceaptha ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh faoin alt sin má ordaíonn an chúirt a cheapann an duine amhlaidh go dteachtfaidh sé nó sí cearta agus freagrachtaí caomhnóra faoin bhforáil lena mbaineann.
- (2) Beidh feidhm ag fo-alt (1) faoi réir cibé teorainneacha (más ann) a shonrófar faoi alt 6C(9) san ordú ón gcúirt faoin alt sin lena gceapfar an duine lena mbaineann mar chaomhnóir ar an leanbh lena mbaineann.
- (3) Aon tagairt i bhforáil d’achtachán do dhuine is caomhnóir ar leanbh de bhun an Achta seo, déanfar, i gcás caomhnóir sealadach a cheapfar faoi alt 6E, í a fhorléiriú faoi réir cibé teorainneacha (más ann) a fhorchuirfear faoi fho-alt (6) nó (11) den alt sin ar fheidhmiú ceart agus freagrachtaí caomhnóra faoin bhforáil aige nó aici.”.

Tosaíocht ag leas linbh

45. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 3:

“3. (1) I gcás go mbeadh, in aon imeachtaí os comhair aon chúirte—

- (a) caomhnóireacht, coimeád, nó tógáil linbh, nó rochtain ar leanbh, nó
- (b) riaradh aon mhaoine leis an leanbh nó a bheidh ar teachtadh ar iontaobhas don leanbh nó úsáid ioncam na maoine sin,
- i gceist, is é leas an linbh an ní is tábhachtaí ar a dtabharfaidh an chúirt aird nuair a bheidh an cheist sin á cinneadh aici.
- (2) In imeachtaí a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir leo, cinnfidh an chúirt leas an linbh lena mbaineann de réir Chuid V.”.

Leasú ar alt 5(2) d’Acht 1964

46. Leasaítear alt 5(2) d’Acht 1964 trí “de réir ráta is mó ná €150 sa tseachtain a íoc chun leanbh a chothabháil nó ordú i dtaobh cnapshuime is mó ná €15,000 a dhéanamh chun sochair do leanbh”, a chur in ionad “de réir ráta is mó ná €150 sa tseachtain a íoc chun leanbh a chothabháil”.

Leasú ar alt 6 d’Acht 1964

47. Leasaítear alt 6 d’Acht 1964—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás ina ndearna páirtnéirí sibhialta nó lánúin chomhchónaitheach leanbh a uchtú i gcomhpháirt faoi ordú uchtála, beidh na páirtnéirí

sibhialta nó an lánúin chomhchónaitheach, de réir mar a bheidh, ina gcaomhnóirí ar an leanbh i gcomhpháirt.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Ar bhás páirtnéara sibhialta a d’uchtaigh leanbh i gcomhpháirt lena bpáirtnéir sibhialta, beidh an páirtnéir sibhialta eile, má mhaireann sé nó sí, ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh, ina aonar nó ina haonar nó i gcomhpháirt le haon chaomhnóir eile a cheap an páirtnéir sibhialta éagtha nó an chúirt.

(b) Ar bhás comhchónaitheora amháin de lánúin chomhchónaitheach a d’uchtaigh leanbh i gcomhpháirt, beidh an comhchónaitheoir eile, má mhaireann sé nó sí, ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh, ina aonar nó ina haonar nó i gcomhpháirt le haon chaomhnóir eile a cheap an comhchónaitheoir éagtha nó an chúirt.”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Faoi réir fho-alt (1A), i gcás nár phós máthair linbh athair an linbh, agus nach caomhnóir an linbh faoin Acht seo aon duine eile, is í féin amháin, fad a mhaireann sí, caomhnóir an linbh.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo, tá le ‘lánúin chomhchónaitheach’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Uchtála, 2010.”.

Leasú ar alt 6A d’Acht 1964

48. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 6A:

“Cumhacht na cúirte chun tuismitheoir a cheapadh mar chaomhnóir

6A. (1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ó dhuine is tuismitheoir ar an leanbh ach nach caomhnóir ar an leanbh é nó í, ordú a dhéanamh lena gceapfar an duine ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh.

(2) Gan dochar d’fhorálacha eile den Acht seo, ní dhéanfaidh ceapadh caomhnóra faoin alt seo, mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt, difear do cheapachán aon duine eile roimhe sin (cibé acu faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile) mar chaomhnóir ar an leanbh.”.

Ailt 6B go 6E a chur isteach in Acht 1964

49. Leasaítear Acht 1964 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6A:

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.4 A.49

“Cearta chun caomhnóireachta ag tuismitheoirí áirithe

6B. (1) Aon fhear—

(a) arb é, faoi *alt 5(1)(b) d’Acht 2015*, tuismitheoir an linbh, agus

(b) a phós máthair an linbh,

beidh sé ina chaomhnóir ar an leanbh.

(2) Aon duine, seachas duine a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir leis nó léi, arb é nó í, i dteannta mháthair an linbh, tuismitheoir linbh faoi *alt 5 d’Acht 2015*, beidh sé nó sí ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh, más rud é—

(a) go ndearna an duine páirtnéireacht shibhialta leis an máthair,

(b) go bhfuil feidhm ag na himthosca i bhfo-alt (3), nó

(c) go bhfuil feidhm ag na himthosca i bhfo-alt (4).

(3) Is iad na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) go raibh an duine agus máthair an linbh lena mbaineann ina gcomhchónaitheoirí ar feadh tréimhse nach giorra ná 12 mhí chomhleanúnacha is tréimhse a tharlóidh tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, agus a n-áireofar inti tréimhse a tharlóidh aon tráth tar éis bhreith an linbh, nach giorra ná trí mhí chomhleanúnacha ar lena linn a bhí an mháthair agus an duine araon ag cónaí leis an leanbh.

(4) Is iad na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c), maidir leis an duine agus le máthair an linbh lena mbaineann—

(a) go ndearbhaíonn siad gurb iadsan tuismitheoirí an linbh lena mbaineann, faoi *alt 5 d’Acht 2015*,

(b) go ndearbhaíonn siad go gcomhaontaíonn siad leis an duine a cheapadh mar chaomhnóir ar an leanbh, agus

(c) go ndearna siad dearbhú reachtúil sa chéill sin i bhfoirm a bheidh forordaithe ag an Aire.

Cumhacht na cúirte chun duine seachas tuismitheoir a cheapadh mar chaomhnóir

6C. (1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ó dhuine, nach tuismitheoir ar an leanbh, atá incháilithe faoi fho-alt (2) chun an t-iarratas sin a dhéanamh, ordú a dhéanamh lena gceapfar an duine mar chaomhnóir ar leanbh.

(2) Tá duine incháilithe chun iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a dhéanamh más rud é go bhfuil sé nó sí os cionn 18 mbliana d’aois agus—

(a) ar dháta an iarratais—

- (i) go bhfuil sé nó sí pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta le tuismitheoir ar an leanbh nó go raibh sé nó sí ina chomhchónaitheoir nó ina comhchónaitheoir de chuid tuismitheora ar an leanbh le breis agus 3 bliana, agus
 - (ii) go raibh freagracht air nó uirthi i bpáirt leis an tuismitheoir sin as cúram an linbh ó lá go lá ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain, nó
- (b) ar dháta an iarratais—
- (i) go ndearna sé nó sí soláthar do chúram an linbh ó lá go lá ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná 12 mhí, agus
 - (ii) nach bhfuil aon tuismitheoir nó caomhnóir ag an leanbh atá toilteanach nó ábalta na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta i leith an linbh a fheidhmiú.
- (3) Déanfar iarratas faoi fho-alt (1) iar bhfógra chuig gach duine is tuismitheoir nó caomhnóir ar an leanbh lena mbaineann.
- (4) I gcás go ndéanann duine lena mbaineann fo-alt (2)(b) iarratas faoi fho-alt (1), ordóidh an chúirt go dtabharfar fógra faoin iarratas don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus beidh aird aici ar thuairimí (más ann) na Gníomhaireachta le linn breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoi fho-alt (1).
- (5) Gan dochar d'fhorálacha eile den Acht seo, ní dhéanfaidh ceapadh caomhnóra faoin alt seo, mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt, difear do cheapachán aon duine eile roimhe sin (cibé acu faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile) mar chaomhnóir ar an leanbh.
- (6) Faoi réir fho-alt (7), ní dhéanfar, faoin alt seo, ordú faoi fho-alt (1) gan toiliú—
- (a) ó gach caomhnóir ar an leanbh, agus
 - (b) ón iarratasóir lena mbaineann.
- (7) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena ndéanfar, chun críocha an ailt seo, toiliú caomhnóra ar an leanbh a ligean thar ceal, más deimhin léi go bhfuil an toiliú coimeádta siar go míréasúnach agus gurb é leas an linbh ordú den sórt sin a dhéanamh.
- (8) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh sí ordú faoin alt seo—
- (a) cinnteoidh sí go mbeidh deis ag an leanbh lena mbaineann, a mhéid is féidir ag féachaint dá aois nó dá haois agus dá thuiscint nó dá tuiscint, a thuairimí nó a tuairimí ar an ní a chur i bhfios, agus beidh aird aici ar na tuairimí sin, agus

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.4 A.49

- (b) beidh aird aici ar an líon daoine is caomhnóirí ar an leanbh lena mbaineann agus ar a mhéid atá baint ag na daoine sin le tógáil an linbh.
- (9) Más rud é go ndéanfaidh an chúirt duine a cheapadh faoin alt seo mar chaomhnóir ar leanbh, agus go bhfuil duine amháin de thuismitheoirí an linbh sin nó an bheirt thuismitheoirí fós beo, ní theachtfaidh an duine a cheapfar amhlaidh na cearta agus na freagrachtaí caomhnóra a shonraítear i bhfo-alt (11) ach amháin—
 - (a) i gcás go n-ordóidh an chúirt amhlaidh go sainráite, agus
 - (b) a mhéid a shonrófar san ordú agus i gcás na gceart agus na bhfreagrachtaí a shonraítear in aon cheann de mhíreanna (a) go (e) den fho-alt sin, faoi réir cibé teorainneacha a shonrófar san ordú.
- (10) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh an bhfeidhmeoidh sí a cumhacht faoi fho-alt (9), beidh aird aici—
 - (a) ar an gcóngas idir an leanbh lena mbaineann agus an duine a cheapfar mar chaomhnóir ar an leanbh, agus
 - (b) ar leas an linbh.
- (11) Is iad na cearta agus na freagrachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (9) cearta agus freagrachtaí caomhnóra:
 - (a) breith a thabhairt i dtaobh áit chónaithe an linbh;
 - (b) breitheanna a thabhairt maidir le tógáil chreidimh, spioradálta, chultúir agus theangeolaíoch an linbh;
 - (c) breith a thabhairt i dtaobh cé leis nó léi nó leo a mbeidh cónaí ar an leanbh;
 - (d) toiliú le cóireáil liachta, cóireáil déidliachta agus cóireáil eile a bhaineann le sláinte don leanbh, ar ina leith a theastaíonn toiliú caomhnóra;
 - (e) faoi achtachán a shonraítear i bhfo-alt (12);
 - (f) an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, agus toiliú le huchtáil an linbh, faoin Acht Uchtála, 2010.
- (12) Is iad na hachtacháin dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(e):
 - (a) alt 2A(2) d’Acht na nArm Teine, 1925;
 - (b) alt 5 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996;
 - (c) ailt 50 agus 50A den Acht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, 2006;
 - (d) ailt 79, 79A agus 79B den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008;
 - (e) alt 14 d’Acht na bPasanna, 2008;

- (f) an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014.

Ceartha agus freagrachtaí atá comhionann le caomhnóireacht agus a eascróidh i stát eile

6D. (1) Faoi réir an ailt seo, is caomhnóir linbh duine más rud é go bhfuair sé nó sí—

- (a) de bhun breithiúnas atá i dteideal go ndéanfaí é a aithint de réir fhorálacha an Rialacháin ón gComhairle nó an Choinbhinsiúin,
- (b) de bhun beart atá i dteideal go ndéanfaí é a aithint de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin, nó
- (c) trí oibriú dlí stáit seachas an Stát mar a fhoráiltear i gCaibidil III den Choinbhinsiún,

i leith an linbh, ceartha agus freagrachtaí atá comhionann le caomhnóireacht.

(2) Féadfaidh an chúirt, de réir an Achta seo agus, más infheidhme, an Rialacháin ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin, ceartha agus freagrachtaí caomhnóra lena mbaineann fo-alt (1) a bhaint, a athrú nó a fhorfheidhmiú.

(3) San alt seo—

ciallaíonn ‘Coinbhinsiún’ an Coinbhinsiún ar dhlínse, ar an dlí infheidhme, ar aithint, ar fhorghníomhú agus ar chomhoibriú i leith freagrachta tuismitheoirí agus bearta chun leanaí a chosaint, a síníodh sa Háig an 19ú lá de Dheireadh Fómhair, 1996;

ciallaíonn ‘Rialachán ón gComhairle’ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003¹ maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair a bhaineann le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000;

ciallaíonn ‘breithiúnas’ breithiúnas mar a mhínítear i gCaibidil I d’Airteagal 2 den Rialachán ón gComhairle;

ciallaíonn ‘beart’ breithiúnas nó breith a dhéantar de réir Chaibidil II den Choinbhinsiún;

folaíonn ‘duine’ duine, foras nó comhlacht eile.

Cumhacht na cúirte chun caomhnóir sealadach a cheapadh

6E. (1) Féadfaidh caomhnóir cáilitheach duine a ainmniú chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir sealadach ar an leanbh lena mbaineann i gcás go dtiocfaidh an caomhnóir cáilitheach chun bheith éagumasach, de

¹I.O. Uimh. L338, 23.12.2003, lch 1

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cónais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.4 A.49

dheasca breoiteacht thromaí nó díobháil thromaí, ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú.

(2) Maidir le hainmniú duine faoi fho-alt (1) chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir sealadach—

(a) beidh sé i scríbhinn, i cibé foirm a fhorordófar, agus

(b) sonrófar ann cibé teorainneacha (más ann) is mian leis an gcaomhnóir cáilitheach a fhorchur ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fhéadfaidh an caomhnóir sealadach, má cheaptar é nó í faoin alt seo, a fheidhmiú.

(3) I gcás gurb é tuairim caomhnóra cháilithigh, a mbeidh duine ainmnithe aige nó aici faoi fho-alt (1), nó gurb é tuairim duine a bheidh ainmnithe amhlaidh (dá ngairtear an ‘duine ainmnithe’ san alt seo), go bhfuil an caomhnóir cáilitheach éagumasach, de dheasca breoiteacht thromaí nó díobháil thromaí, ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú, féadfaidh an caomhnóir sin nó an duine ainmnithe sin iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú faoin alt seo.

(4) Déanfar iarratas faoi fho-alt (3) iar bhfógra chucu seo a leanas—

(a) gach caomhnóir ar an leanbh, lena n-áirítear, i gcás gurb é nó í an duine ainmnithe a dhéanfaidh an t-iarratas, an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann,

(b) i gcás gurb é nó í an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann a dhéanfaidh an t-iarratas, an duine ainmnithe,

(c) tuismitheoir (más ann) ar an leanbh nach é nó í caomhnóir an linbh, agus

(d) an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

(5) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas faoi fho-alt (3) a éisteacht, agus ag féachaint do thuairimí (más ann) na ndaoine dá dtagraítear i bhfo-alt (4), ordú a dhéanamh lena gceapfar an duine ainmnithe chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir sealadach ar an leanbh lena mbaineann sa chás, agus sa chás amháin, gur deimhin léi—

(a) go bhfuil an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann éagumasach, de dheasca breoiteacht thromaí nó díobháil thromaí, ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú,

(b) gur duine ceart oiriúnach an duine ainmnithe chun na cearta agus na freagrachtaí a shonraítear i bhfo-alt (8) a fheidhmiú, agus

(c) gurb é leas an linbh lena mbaineann go dtiocfaidh an duine ainmnithe chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir sealadach ar an leanbh.

(6) Féadfar na nithe seo a leanas a fhorchur le hordú faoi fho-alt (5)—

- (a) cibé teorainneacha ar fheidhmiú na gceart agus na bhfreagrachtaí caomhnóireachta ag an gcaomhnóir sealadach, agus
 - (b) cibé coinníollacha a bhaineann le hathbhreithniú tréimhsiúil ag an gcúirt ar cheapachán an duine mar chaomhnóir sealadach,
- a mheasfaidh an chúirt is gá ar mhaithe le leas an linbh lena mbaineann.
- (7) Le linn teorainneacha nó coinníollacha a fhorchur faoi fho-alt (6), beidh aird ag an gcúirt ar na teorainneacha a shonróidh an caomhnóir cáilitheach faoi fho-alt (2).
- (8) Faoi réir théarmaí an ordaithe lena mbaineann faoi fho-alt (5), maidir le duine a cheapfar chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir sealadach—
- (a) féadfaidh sé nó sí na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú i leith an linbh lena mbaineann,
 - (b) déanfaidh sé nó sí an leanbh lena mbaineann a ghlacadh i gcoimeád, agus
 - (c) gníomhóidh sé nó sí i gcomhpháirt le haon chaomhnóir eile ar an leanbh lena mbaineann, lena n-áirítear an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann.
- (9) Déanfaidh caomhnóir sealadach iarratas chun na cúirte, agus féadfaidh an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann iarratas a dhéanamh chun na cúirte, ar ordú faoi fho-alt (11), i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim nach bhfuil an caomhnóir cáilitheach éagumasach a thuilleadh ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú.
- (10) Déanfar iarratas faoi fho-alt (9) iar bhfógra chucu seo a leanas—
- (a) gach caomhnóir ar an leanbh lena mbaineann, lena n-áirítear, i gcás gur caomhnóir sealadach a dhéanfaidh an t-iarratas, an caomhnóir cáilitheach lena mbaineann,
 - (b) aon tuismitheoir ar an leanbh nach é nó í caomhnóir an linbh, agus
 - (c) an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- (11) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas faoi fho-alt (9) a éisteacht, ordú a dhéanamh—
- (a) lena ndaingneofar go leanfaidh ceapachán an chaomhnóra shealadaigh i bhfeidhm,
 - (b) á rá go bhfuil an caomhnóir cáilitheach cumasach ar na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta a fheidhmiú agus lena gcúlghairfear ceapachán an chaomhnóra shealadaigh, nó
 - (c) á rá go mbeidh cearta agus freagrachtaí sonraithe caomhnóireachta ag an gcaomhnóir cáilitheach agus go ndéanfaidh an caomhnóir cáilitheach

agus an caomhnóir sealadach na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta eile a fheidhmiú i gcomhpháirt.

(12) Féadfar le hordú faoi fho-alt (11)—

- (a) an tréimhse ar lena linn a fhanfaidh sé in éifeacht a shonrú,
- (b) cibé coinníollacha a bhaineann le hathbhreithniú tréimhsiúil ag an gcúirt ar an ordú a fhorchur a mheasfaidh an chúirt is gá ar mhaithe le leas an linbh lena mbaineann, agus
- (c) foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe breise a mheasfaidh an chúirt is gá ar mhaithe le leas an linbh lena mbaineann.

(13) Le linn iarratas faoi fho-alt (3) nó (9) a bhreithniú, cinnteoidh an chúirt go mbeidh deis ag an leanbh lena mbaineann, a mhéid is féidir ag féachaint dá aois nó dá haois agus dá thuiscint nó dá tuiscint, a thuairimí nó a tuairimí ar an ní a chur i bhfios, agus cuirfidh an chúirt na tuairimí sin i gcuntas.

Dearbhú gur caomhnóir duine

6F. (1) Féadfaidh duine a shonraítear i bhfo-alt (2) iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar dhearbhu faoin alt seo gur caomhnóir nó nach caomhnóir duine a bheidh ainmnithe san iarratas, de bhua na n-imthosca atá leagtha amach in alt 2(4A) nó 6B(3), ar leanbh a bheidh ainmnithe san iarratas (dá ngairtear an ‘leanbh lena mbaineann’ san alt seo).

(2) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le leanbh lena mbaineann—

- (a) caomhnóir ar an leanbh lena mbaineann, nó
- (b) duine a bheidh ag lorg dearbhú gur caomhnóir nó nach caomhnóir é nó í, de bhua na n-imthosca atá leagtha amach in alt 2(4A) nó 6B(3), ar an leanbh lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfar iarratas agus ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le leanbh lena mbaineann seachas—

- (a) i gcás gur duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) a dhéanfaidh an t-iarratas, iar bhfógra chuig gach caomhnóir eile ar an leanbh agus chuig an duine a bheidh ainmnithe san iarratas agus ar i ndáil leis nó léi a bheidh an dearbhú á lorg, agus
- (b) i gcás gur duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) a dhéanfaidh an t-iarratas, iar bhfógra chuig gach caomhnóir ar an leanbh.

(4) Féadfaidh an chúirt a ordú go ndéanfar fógra faoi aon iarratas ar dhearbhu faoin alt seo a thabhairt do cibé daoine eile is cuí leis an gcúirt agus i gcás go dtabharfar fógra amhlaidh nó i gcás go dtabharfar fógra faoi fho-alt (3) d’aon duine, féadfaidh an chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ón duine sin nó

ó aon pháirtí sna himeachtaí, a ordú go gcuirfear an duine sin mar pháirtí sna himeachtaí sin.

- (5) Más rud é, ar iarratas ar dhearbhu faoin alt seo, go gcruthófar gur dóichí gur caomhnóir nó nach caomhnóir duine a bheidh ainmnithe san iarratas, de bhua na n-imthosca atá leagtha amach in alt 2(4A) nó 6B(3), ar an leanbh lena mbaineann, déanfaidh an chúirt an dearbhú dá réir sin.”.

Cumhacht tuismitheoirí chun caomhnóirí tiomnacha a cheapadh

50. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Cumhacht tuismitheoirí chun caomhnóirí tiomnacha a cheapadh

7. (1) Ar bhás caomhnóra (‘caomhnóir éagtha’) linbh, beidh caomhnóir (‘caomhnóir marthanach’) a mhairfidh tar éis bhás an chaomhnóra éagtha, más ann, ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh i gcomhpháirt, más infheidhme, leis na daoine seo a leanas—
- (a) aon chaomhnóir marthanach eile, agus
- (b) aon duine nó daoine a bheidh ceaptha ina chaomhnóir tiomnach nó ina caomhnóir tiomnach nó ina gcaomhnóirí tiomnacha ag an gcaomhnóir éagtha de réir an ailt seo.
- (2) Féadfaidh caomhnóir—
- (a) ar tuismitheoir é nó í ar leanbh, nó
- (b) nach tuismitheoir an linbh é nó í ach a bhfuil an leanbh faoina choimeád nó faoina coimeád aige nó aici d’eisiamh aon tuismitheoir beo ar an leanbh,
- trí ghníomhas nó uacht duine nó daoine a cheapadh chun bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir nó ina gcaomhnóirí (‘caomhnóir tiomnach’) ar an leanbh tar éis a bháis nó a báis.
- (3) Ar bhás caomhnóra dá dtagraítear i bhfo-alt (2), gníomhóidh an caomhnóir tiomnach a bheidh ceaptha ag an gcaomhnóir éagtha, faoi réir fho-ailt (4) agus (5), i gcomhpháirt le caomhnóir marthanach ar an leanbh an fad is beo an caomhnóir marthanach sin.
- (4) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (3) agus—
- (a) go gcuirfidh caomhnóir marthanach dá dtagraítear san fho-alt sin in aghaidh caomhnóir tiomnach do ghníomhú i gcomhpháirt leis nó léi, nó
- (b) go measfaidh an caomhnóir tiomnach go bhfuil caomhnóir marthanach neamhoiriúnach chun an leanbh a bheith faoina choimeád nó faoina coimeád aige nó aici,
- féadfaidh an caomhnóir marthanach nó an caomhnóir tiomnach, de réir mar a bheidh, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú faoin alt seo.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

CD.4 A.50

- (5) Ar iarratas a fháil faoi fho-alt (4), féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena bhforálfar—
- (a) go gcúlghairfear ceapachán an chaomhnóra thiomnaigh agus go bhfanfaidh an caomhnóir marthanach ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh lena mbaineann,
- (b) go ngníomhóidh an caomhnóir tiomnach i gcomhpháirt leis an gcaomhnóir marthanach, nó
- (c) go ngníomhóidh an caomhnóir tiomnach mar chaomhnóir ar an leanbh d’eisiamh an chaomhnóra mharthanaigh a mhéid is cuí leis an gcúirt.
- (6) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi fho-alt (5)(c), féadfaidh sí gach ceann nó aon cheann de na horduithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) cibé ordú maidir le coimeád an linbh agus ceart rochtana ar an leanbh ag an gcaomhnóir marthanach is cuí léi;
- (b) ordú go n-íocfaidh tuismitheoir ar an leanbh leis an gcaomhnóir nó leis na caomhnóirí, nó le haon duine díobh, i leith chothabháil an linbh, cibé suim sheachtainiúil nó suim thréimhsiúil eile a mheasfaidh sí a bheith réasúnach ag féachaint d’acmhainn an tuismitheora mharthanaigh.
- (7) Féadfar ceapachán caomhnóra thiomnaigh trí ghníomhas a chúlghairm trí ghníomhas ina dhiaidh sin nó le huacht.”.

Leasú ar alt 8 d’Acht 1964

51. Leasaítear alt 8 d’Acht 1964—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Féadfaidh an chúirt, agus an chúirt amháin, caomhnóir—

- (a) a ceapadh le huacht nó trí ghníomhas,
- (b) a ceapadh le hordú ón gcúirt,
- (c) a bheidh i seilbh oifige de bhua na n-imthosca atá leagtha amach i bhfo-alt (4) nó (4A) d’alt 2, nó i bhfo-alt (3) nó (4) d’alt 6B, nó
- (d) a bheidh i seilbh oifige de bhua alt 6D, agus faoi réir fho-alt (2) den alt sin,
- a chur as oifig.”,

agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó chaomhnóir nó ó chaomhnóir beartaithe, ordú a dhéanamh lena gcuirfear caomhnóir (lena n-áirítear caomhnóir arb é nó í an t-iarratasóir) as oifig, ar caomhnóir é nó í—

- (a) a ceapadh de bhun alt 6A, 6C, 7 nó fho-alt (1) nó (2), nó
 - (b) atá i seilbh oifige de bhua na n-imthosca atá leagtha amach i bhfo-alt (4) nó (4A) d’alt 2, nó i bhfo-alt (3) nó (4) d’alt 6B, nó
 - (c) atá i seilbh oifige de bhua alt 6D.
- (7) Ní chuirfidh an chúirt caomhnóir as oifig faoi fho-alt (6) ach amháin más rud é—
- (a) go mbeidh caomhnóir eile in oifig nó ar tí a cheaptha nó a ceaptha,
 - (b) gur deimhin leis an gcúirt gurb é leas an linbh go gcuirfear an caomhnóir as oifig,
 - (c) ar chúiseanna substaintiúla is dealraitheach di a bheith leormhaith, go measfaidh an chúirt gur gá nó gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, agus
 - (d) maidir leis an gcaomhnóir a bheidh le cur as oifig—
 - (i) go dtoileoidh sé nó sí leis an gcur as oifig,
 - (ii) go mbeidh sé nó sí neamhábalta nó neamhthoilteanach ar na cumhachtaí, na freagrachtaí agus na teidil caomhnóireachta i leith an linbh a fheidhmiú, nó
 - (iii) gur mhainnigh sé nó sí an méid sin ina dhualgas nó ina dualgas i leith an linbh gur dócha go ndéanfar dochar do shábháilteacht nó do leas an linbh mura gcuirfear é nó í as oifig.”.

Alt 8A a chur isteach in Acht 1964

52. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

“Ré na caomhnóireachta

8A. Faoi réir alt 8, leanfaidh duine de bheith ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar leanbh go dtí go dtarlóidh cibé acu seo a leanas is túisce a tharlóidh—

- (a) go bhfaighidh an caomhnóir bás,
- (b) go slánóidh an leanbh 18 mbliana d’aois, nó
- (c) go bpósfaidh an leanbh.”.

Leasú ar alt 11 d’Acht 1964

53. Leasaítear alt 11 d’Acht 1964—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh an chúirt le hordú faoin alt seo—

- (a) cibé ordacháin is cuí léi a thabhairt maidir le coimeád an linbh agus leis an gceart rochtana ar an leanbh a bheidh ag gach duine dá thuismitheoirí nó dá thuismitheoirí, agus
- (b) a ordú do thuismitheoir ar an leanbh cibé suim sheachtainiúil nó suim thréimhsiúil eile a íoc i leith chothabháil an linbh a mheasfaidh an chúirt a bheith réasúnach ag féachaint d’acmhainn an tuismitheora.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás leanbh nár phós a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí a chéile—

- (a) déanfar tagairt i bhfo-alt (2)(b) do thuismitheoir ar an leanbh sin a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn thuismitheoir nach caomhnóir é nó í ar an leanbh, agus
- (b) beidh ag thuismitheoir nach caomhnóir é nó í ar an leanbh an ceart chun iarratas a dhéanamh faoin alt seo maidir le coimeád an linbh agus leis an gceart rochtana ar an leanbh atá ag gach duine dá thuismitheoirí nó dá thuismitheoirí, agus, chun na críche seo, déanfar tagairtí san alt seo do thuismitheoir ar leanbh a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn thuismitheoir den sórt sin.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) Déanfar iarratas faoi fho-alt (1) iar bhfógra chuig gach duine eile is thuismitheoir nó caomhnóir ar an leanbh lena mbaineann.”.

Leasú ar alt 11A d’Acht 1964

54. Leasaítear alt 11A d’Acht 1964 trí “do thuismitheoirí” a chur in ionad “d’athair agus do mháthair”.

Leasú ar alt 11B d’Acht 1964

55. Leasaítear alt 11B d’Acht 1964—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) ar duine é nó í a bhfuil, nó a raibh roimhe sin, cónaí ar an leanbh leis nó léi,”,

(b) trí fho-alt (2) a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (c), trí “an linbh,” a chur in ionad “an linbh.”, agus

(ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) tuairimí an linbh, agus

(e) an gá ordú a dhéanamh chun rochtain an duine ar an leanbh a éascú.”.

Leasú ar alt 11D d’Acht 1964

56. Leasaítear alt 11D d’Acht 1964 trí “le gach duine dá thuismitheoirí nó dá thuismitheoirí” a chur in ionad “lena athair nó lena hathair agus lena mháthair nó lena máthair araon”.

Féadfaidh gaolta agus daoine áirithe iarratas a dhéanamh ar choimeád linbh

57. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11D:

“Féadfaidh gaolta agus daoine áirithe iarratas a dhéanamh ar choimeád linbh

11E. (1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas a fháil—

- (a) ó dhuine is gaol do leanbh, nó
- (b) ó dhuine lena mbaineann fo-alt (2),

ordú a dhéanamh lena dtabharfar coimeád an linbh don duine sin.

(2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine a bhfuil cónaí ar an leanbh lena mbaineann leis nó léi más rud é, maidir leis an duine—

- (a) (i) go bhfuil nó go raibh sé nó sí pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta le thuismitheoir an linbh nó go raibh sé nó sí ina chomhchónaitheoir nó ina comhchónaitheoir de chuid thuismitheoir an linbh ar feadh tréimhse is faide ná 3 bliana, agus
- (ii) go raibh, ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain, freagracht air nó uirthi i bpáirt leis an thuismitheoir sin as cúram an linbh ó lá go lá, nó
- (b) (i) gur aosach é nó í a rinne, ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná 12 mhí, soláthar do chúram an linbh ó lá go lá, agus
- (ii) nach bhfuil aon thuismitheoir nó caomhnóir ag an leanbh atá toilteanach nó ábalta na cearta agus na freagrachtaí caomhnóireachta i leith an linbh a fheidhmiú.

(3) Faoi réir fho-alt (4), ní dhéanfaidh an chúirt ordú faoi fho-alt (1) gan toiliú ó gach caomhnóir ar an leanbh.

(4) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena ndéanfar toiliú caomhnóra a ligean thar ceal más deimhin léi gurb é leas an linbh é déanamh amhlaidh.

(5) Féadfaidh an chúirt, le linn ordú a dhéanamh i leith duine lena mbaineann fo-alt (2), coimeád linbh a dheonú do thuismitheoir an linbh agus don duine sin i bpáirt agus, le linn déanamh amhlaidh, déanfaidh sí—

- (a) i gcás nach mbeidh siad comhaontaithe amhail idir an duine agus tuismitheoir an linbh, na socruithe cónaithe a mbeidh feidhm acu i leith an linbh a shonrú, agus
- (b) i gcás go bhforálfar leis na socruithe cónaithe a mbeidh feidhm acu i leith an linbh nach mbeidh cónaí ar an leanbh, ar feadh aon tréimhse áirithe, le duine amháin dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, an teagmháil (más ann) a bheidh ann idir an leanbh agus an tuismitheoir sin le linn na tréimhse sin a shonrú.”.

Cumhachtaí breise na cúirte i ndáil le hiarratais faoin Acht seo

58. Leasaítear Acht 1964 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

“Cumhachtaí breise na cúirte i ndáil le hiarratais faoin Acht seo

- 12A.** (1) Le linn aon ordú a dhéanamh faoin Acht seo, féadfaidh an chúirt cibé coinníollacha a fhorchur a mheasfaidh sí is gá ar mhaithe le leas an linbh.
- (2) Féadfaidh an chúirt, i gcás go measfaidh sí gur gá agus gur cuí é d’fhonn leas an linbh a chosaint, lena n-áirítear a cheart nó a ceart chun cúram agus coimeád a bheirte tuismitheoirí nó a beirte tuismitheoirí, coinníollacha a fhorchur i ndáil le pas linbh a shealbhú.
- (3) Tá san áireamh sna coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (2) coinníoll go bhféadfaidh an chúirt pas a choimeád nó go bhféadfaidh duine sonraithe pas a shealbhú agus go bhféadfar é a scaoileadh faoi réir cibé coinníollacha breise a chinnfidh an chúirt.
- (4) Más rud é, in aon imeachtaí de bhun na Coda seo, gur dealraitheach don chúirt go bhféadfaidh gur cuí ordú cúraim nó ordú maoirseachta a dhéanamh i leith leanbh a bhfuil baint aige nó aici leis na himeachtaí, féadfaidh an chúirt, uaithi féin, nó ar iarratas ó aon duine, na himeachtaí a chur ar atráth agus cibé ordacháin faoi alt 20 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 a dhéanamh is cuí leis an gcúirt.”.

Leasú ar alt 18(2) d’Acht 1964

59. Leasaítear alt 18(2) d’Acht 1964 trí “tuismitheoirí” a chur in ionad “athair agus máthair”.

Ailt 18A go 18D a chur isteach in Acht 1964

60. Leasaítear Acht 1964 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

“Orduithe forghníomhaithe

18A. (1) Féadfaidh caomhnóir nó tuismitheoir ar leanbh—

- (a) ar deonaíodh coimeád an linbh sin nó rochtain ar an leanbh sin dó nó di le hordú ón gcúirt arna dhéanamh faoin Acht seo, agus

- (b) a ndearna caomhnóir eile nó tuismitheoir eile ar an leanbh sin an coimeád sin nó an rochtain sin a dhiúltú go míréasúnach dó nó di,
- iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú (‘ordú forghníomhaithe’) faoin alt seo.
- (2) Déanfar iarratas faoi fho-alt (1) iar bhfógra do gach caomhnóir agus tuismitheoir ar an leanbh lena mbaineann.
- (3) Faoi réir fho-alt (4), ar iarratas a fháil faoi fho-alt (1), ní dhéanfaidh an chúirt ordú forghníomhaithe ach amháin más deimhin léi—
- (a) go ndearna an tuismitheoir eile nó an caomhnóir eile coimeád nó rochtain, de réir mar a bheidh, a dhiúltú go míréasúnach don iarratasóir,
- (b) gurb é leas an linbh déanamh amhlaidh, agus
- (c) gur cuí thairis sin in imthosca an cháis déanamh amhlaidh.
- (4) Féadfar foráil a dhéanamh in ordú forghníomhaithe maidir le ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:
- (a) go ndeonófar rochtain ar an leanbh don iarratasóir ar feadh cibé tréimhsí ama (is tréimhsí ama de bhreis ar na tréimhsí ama ar lena linn atá rochtain ag an iarratasóir ar an leanbh faoin ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a)) a mheasfaidh an chúirt is gá chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar aon éifeachtaí dochracha ar an gcóngas idir an t-iarratasóir agus an leanbh arb é an diúltú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) is cúis leo;
- (b) go gcúiteoidh an freagróir leis an iarratasóir aon chaiteachais riachtanacha a bheidh tabhaithe iarbhír ag an iarratasóir le linn iarracht a dhéanamh a cheart nó a ceart faoin ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) chun coimeád an linbh nó rochtain ar an leanbh a fheidhmiú;
- (c) go ndéanfaidh an freagróir nó an t-iarratasóir, nó go ndéanfaidh siad araon, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad an t-ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:
- (i) freastal, go haonarach nó i dteannta a chéile, ar chlár tuismitheoireachta;
- (ii) leas a bhaint, go haonarach nó i dteannta a chéile, as comhairleoireacht teaghlaigh;
- (iii) faisnéis a fháil, ar cibé modh agus i cibé foirm a chinnfidh an chúirt, maidir leis an bhféidearthacht go mbainfidís leas as idirghabháil mar bhealach chun díospóidí eatarthu a réiteach, a théann chun dochair dá gcumais tuismitheoireachta, idir an t-iarratasóir agus an freagróir.
- (5) Ní bheidh foráil dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a) in ordú forghníomhaithe, mura rud é—

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.4 A.60

- (a) go raibh deis ag an leanbh, a mhéid is féidir ag féachaint dá aois nó dá haois agus dá thuiscint nó dá tuiscint, a thuairimí nó a tuairimí ar an ní a chur i bhfios don chúirt, agus
 - (b) go ndearna an chúirt tuairimí (más ann) an linbh dá dtagraítear i mír (a) a chur i gcuntas le linn an t-ordú a dhéanamh.
- (6) I gcás gurb é tuairim na cúirte, ar iarratas faoi fho-alt (1), go raibh sé réasúnach sna himthosca áirithe an coimeád nó an rochtain a dhiúltú, féadfaidh sí—
- (a) diúltú ordú forghníomhaithe a dhéanamh, nó
 - (b) cibé ordú forghníomhaithe a mheasfaidh sí is cuí sna himthosca a dhéanamh.
- (7) Ní dochar an t-alt seo don dlí maidir le díspeagadh cúirte.
- (8) San alt seo—

ciallaíonn ‘comhairleoireacht teaghlaigh’ seirbhís arna soláthar ag comhairleoir teaghlaigh ina gcabhraíonn sé nó sí le duine nó le daoine—

- (a) fadhbanna nó deacrachtaí pearsanta agus idirphearsanta, a bhaineann, de réir mar a bheidh, lena phósadh, lena pósadh nó lena bpósadh, lena pháirtnéireacht shibhialta, lena páirtnéireacht shibhialta nó lena bpáirtnéireacht shibhialta, lena chomhchónaí, lena comhchónaí nó lena gcomhchónaí nó lena tuismitheoireacht, lena tuismitheoireacht nó lena dtuismitheoireacht ar leanbh, a réiteach nó a bharraíocht ar shlí níos fearr, nó
- (b) fadhbanna nó deacrachtaí pearsanta agus idirphearsanta, nó saincheistanna a bhaineann le cúram leanaí, a réiteach nó a bharraíocht ar shlí níos fearr, i gcás go bhfearann, nó gur dóigh go bhfearfaidh, idirscaradh, colscaradh, scaoileadh páirtnéireachta sibhialta nó deireadh le cóngas comhchónaithe ar an duine nó ar na daoine;

ciallaíonn ‘comhairleoir teaghlaigh’ duine ag a bhfuil an oilteacht agus an cumas breithiúna is gá chun comhairleoireacht teaghlaigh a sholáthar;

ciallaíonn ‘clár tuismitheoireachta’ clár atá deartha chun cabhrú (lena n-áirítear trí sheirbhísí comhairleoireachta a sholáthar nó trí theicníochtaí a mhúineadh chun díospóidí a réiteach) le duine fadhbanna a réiteach a dhéanann dochar do chomhall a fhreagrachtaí tuismitheoireachta nó a freagrachtaí tuismitheoireachta.

Toimhdeofar go bhfaca duine ordú ón gcúirt

18B. Measfar go ndearnadh cóip d’ordú arna dhéanamh faoin Acht seo a thabhairt nó a thaispeáint do dhuine má bhí an duine sin i láthair ag an suí den chúirt ag a ndearnadh an t-ordú sin.

Cumhacht na cúirte chun ordú forghníomhaithe coimeádta nó rochtana a athrú nó a fhoirceannadh

- 18C.** (1) Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó dhuine a ndearnadh, le hordú ón gcúirt arna dhéanamh faoin Acht seo, coimeád linbh nó rochtain ar leanbh a dheonú dó nó di, ordú a dhéanamh lena n-athraítear nó lena bhfoirceanntar ordú forghníomhaithe nó aon chuid den ordú sin.
- (2) Féadfaidh an chúirt, in imeachtaí chun ordú coimeádta nó rochtana a athrú nó a fhoirceannadh, sna himeachtaí sin ordú forghníomhaithe a bhaineann leis an ordú coimeádta nó rochtana sin a athrú nó a fhoirceannadh.

Ordú coimeádta nó rochtana a fhorghníomhú

- 18D.** (1) Más rud é, maidir le caomhnóir nó tuismitheoir ar leanbh—
- (a) go ndearnadh coimeád an linbh sin nó rochtain ar an leanbh sin a dheonú dó nó di le hordú ón gcúirt arna dhéanamh faoin Acht seo, agus
- (b) go mainneoidh sé nó sí, gan fógra réasúnach a thabhairt do chaomhnóir eile nó do thuismitheoir eile ar an leanbh, an ceart lena mbaineann a fheidhmiú,
- féadfaidh an tuismitheoir eile nó an caomhnóir eile ar an leanbh iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú á cheangal ar an gcaomhnóir nó ar an tuismitheoir céadluaite aon chaiteachais riachtanacha a chúiteamh leis an dara caomhnóir nó leis an dara tuismitheoir a luaitear a bheidh tabhaithe iarbhír ag an gcaomhnóir nó ag an tuismitheoir sin de thoradh na mainneachtana ag an gcaomhnóir nó ag an tuismitheoir céadluaite an ceart sin a fheidhmiú.
- (2) San alt seo, agus in alt 18A, folaíonn ‘caiteachais riachtanacha’ na nithe seo a leanas:
- (a) caiteachais taistil;
- (b) luach saothair a cailleadh;
- (c) aon chaiteachais eile a cheadóidh an chúirt.”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 1964

61. Leasaítear alt 23 d’Acht 1964—

- (a) tríd an alt a ainmniú mar fho-alt (1), agus
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Níl feidhm ag fo-alt (1)—

- (a) maidir le hadmháil ó pháirtí a léiríonn gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáide, nó

(b) maidir le nochtadh ó leanbh a léiríonn gur tugadh drochúsáid don leanbh nó go bhfuil an leanbh i mbaol drochúsáide.

(3) San alt seo, ciallaíonn ‘drochúsáid’ drochúsáid choirp, ghnéasach nó mhothúchánach.”.

Leasú ar alt 27 d’Acht 1964

62. Leasaítear alt 27 d’Acht 1964, i bhfo-alt (1), trí “faoi alt 6A, 6C, 6E, 11, 11B nó 11E” a chur in ionad “faoi alt 6A, 11 nó 11B”.

Cuid V a chur isteach in Acht 1964

63. Leasaítear Acht 1964 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid IV:

“Cuid V

LEAS AN LINBH

Cinneadh ón gcúirt maidir le leas an linbh

31. (1) Le linn leas linbh a chinneadh, chun críocha an Achta seo, beidh aird ag an gcúirt ar na tosca nó na himthosca go léir a mheasfaidh sí a bheith iomchuí maidir leis an leanbh lena mbaineann agus lena theaghlach nó lena teaghlach.

(2) Áirítear ar na tosca agus na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (1):

- (a) an tairbhe don leanbh as cóngas fóna a bheith aige nó aici le gach duine dá thuismitheoirí nó dá thuismitheoirí agus leis na gaolta eile agus na daoine eile a bhfuil baint acu le tógáil an linbh agus, ach amháin i gcás nach é leas an linbh an teagmháil sin, teagmháil leordhóthanach a bheith aige nó aici leo chun na cóngais sin a chothabháil;
- (b) tuairimí an linbh lena mbaineann is infhionnta (cibé acu de réir alt 32 nó ar shlí eile);
- (c) riachtanais choirp, shíceolaíocha agus mhothúchána an linbh lena mbaineann, ag féachaint d’aois agus do chéim forbartha an linbh agus don éifeacht is dóigh a bheidh ag aon athrú imthosca air nó uirthi;
- (d) stair thógáil agus chúram an linbh, lena n-áirítear cineál an chóngais idir an leanbh agus gach duine dá thuismitheoirí nó dá thuismitheoirí agus na gaolta eile agus na daoine eile dá dtagraítear i mír (a), agus a inmhianaithe atá sé na cóngais sin a chaomhnú agus a neartú;
- (e) tógáil chreidimh, spioradálta, chultúir agus theangeolaíoch an linbh agus riachtanais chreidimh, spioradálta, chultúir agus theangeolaíocha an linbh;
- (f) tógáil shóisialach, intleachtúil agus oideachasúil agus riachtanais shóisialacha, intleachtúla agus oideachasúla an linbh;
- (g) aois an linbh agus aon tréithe speisialta;

- (h) aon díobháil a d'fhulaing an leanbh nó a bhfuil an baol ann go bhfulaingeoídh sé nó sí í, lena n-áirítear aon díobháil de thoradh foréigean sa líon tí, agus cosaint shábháilteacht agus dhea-bhail shíceolaíoch an linbh;
 - (i) más infheidhme, tograí arna ndéanamh maidir le coimeád, cúram, forbairt agus tógáil an linbh agus maidir le rochtain ar an leanbh agus teagmháil leis an leanbh, ag féachaint dá inmhianaithe atá sé go gcomhaontóidh tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh leis na tograí sin agus go gcomhoibreoídh siad lena chéile i ndáil leo;
 - (j) toilteanas agus ábaltacht gach tuismitheora de chuid an linbh dlúthchóngas leantach a éascú agus a spreagadh idir an leanbh agus an tuismitheoir eile, agus cóngais a chothabháil agus a chothú idir an leanbh agus a ghaolta nó a gaolta;
 - (k) cumas gach duine ar ina leith a dhéanfar iarratas faoin Acht seo—
 - (i) cúram a thabhairt don leanbh agus freastal ar riachtanais an linbh,
 - (ii) cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú maidir le saincheistanna a bhaineann leis an leanbh, agus
 - (iii) na cumhachtaí, na freagrachtaí agus na teidil iomchuí lena mbaineann an t-iarratas a fheidhmiú.
- (3) Chun críocha fho-alt (2)(h), beidh aird ag an gcúirt ar fhoréigean sa líon tí a tharla nó is dóigh a tharlóidh i líon tí an linbh, nó i líon tí ina raibh, nó inar dóigh go mbeidh, an leanbh i láthair, lena n-áirítear éifeacht nó éifeacht dhóchúil an fhoréigin sin maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) sábháilteacht an linbh agus daoine eile den líon tí lena mbaineann;
 - (b) dea-bhail phearsanta an linbh, lena n-áirítear dea-bhail shíceolaíoch agus mhothúcháinach an linbh;
 - (c) íospartach an fhoréigin sin;
 - (d) cumas dhéantóir an fhoréigin cúram a thabhairt go cuí don leanbh agus an baol atá ann, nó an baol is dóigh atá ann, don leanbh ón déantóir.
- (4) Chun críocha an ailt seo, ní fhéadfar breithniú a dhéanamh ar iompar tuismitheora ach amháin a mhéid atá sé iomchuí maidir le leas an linbh.
- (5) In aon imeachtaí lena mbaineann alt 3(1)(a), beidh aird ag an gcúirt ar an bprionsabal ginearálta go bhféadfaidh go mbeidh sé ar neamhréir le leas an linbh moill mhíreásúnach a bheith ann maidir leis na himeachtaí a chinneadh.
- (6) Le linn tuairimí infhionnta linbh a fháil chun críocha fho-alt (2)(b)—
- (a) éascóidh an chúirt don leanbh na tuairimí sin a nochtadh go saor agus, go háirithe, féachfaidh an chúirt lena chinntiú nach tuairimí arna nochtadh de thoradh tionchar míchuí aon tuairimí a nochtfaidh an leanbh amhlaidh, agus
 - (b) féadfaidh an chúirt ordú faoi alt 32 a dhéanamh.

- (7) San alt seo, folaíonn ‘foréigean sa líon tí’ iompraíocht ag tuismitheoir nó caomhnóir nó duine den líon tí lena gcuirtear faoi deara, nó lena bhféachtar lena chur faoi deara, díobháil choirp a dhéanamh don leanbh nó do leanbh eile, do tuismitheoir eile nó do dhuine eile den líon tí, agus folaíonn sé drochúsáid ghnéasach nó a chur faoi deara eagla a chur ar leanbh nó ar tuismitheoir nó ar dhuine eile den líon tí maidir lena shábháilteacht nó lena sábháilteacht nó maidir le sábháilteacht duine eile den líon tí.

Cumhacht na cúirte chun orduithe áirithe a dhéanamh

- 32.** (1) In imeachtaí lena mbaineann alt 3(1)(a), féadfaidh an chúirt, le hordú, ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:
- (a) cibé ordacháin is cuí léi a thabhairt chun tuarascáil i scríbhinn a fháil ó shaineolaí maidir le haon cheist a dhéanann difear do leas an linbh; nó
 - (b) saineolaí a cheapadh chun tuairimí an linbh a chinneadh agus a chur in iúl.
- (2) Féadfaidh an chúirt ordú faoi fho-alt (1) a dhéanamh uaithi féin nó ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag páirtí sna himeachtaí agus, le linn breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú, beidh aird ag an gcúirt ar aon tuairimí i ndáil leis an ní arna nochtadh di ag páirtí, nó thar ceann páirtí, sna himeachtaí lena mbaineann nó ag aon duine eile, nó thar ceann aon duine eile, lena mbaineann siad.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), beidh aird ag an gcúirt, go háirithe, ar na nithe seo a leanas le linn breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú faoin bhfo-alt sin:
- (a) aois agus aibíocht an linbh;
 - (b) cineál na saincheisteanna a bheidh faoi dhíospóid sna himeachtaí;
 - (c) aon tuarascáil roimhe sin faoi fho-alt (1)(a) maidir le ceist a dhéanann difear do leas an linbh;
 - (d) leas an linbh;
 - (e) cibé acu an gcabhróidh déanamh an ordaithe le nochtadh a thuairimí nó a tuairimí ag an leanbh sna himeachtaí;
 - (f) na tuairimí a nocht duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2).
- (4) Féadfar cóip de thuarascáil faoi fho-alt (1)(a) a sholáthar mar fhianaise sna himeachtaí agus tabharfar í—
- (a) do na páirtithe sna himeachtaí lena mbaineann, agus
 - (b) faoi réir fho-alt (5), mura páirtí sna himeachtaí é nó í, don leanbh lena mbaineann.
- (5) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ceart tuarascáil a gheofar faoi fho-alt (1)(a) a thabhairt don leanbh lena mbaineann sí, beidh aird ag an gcúirt ar na nithe seo a leanas:

- (a) aois agus aibíocht an linbh agus cumas an linbh an tuarascáil a thuiscint;
 - (b) an tionchar a bheidh ar an leanbh as an tuarascáil a léamh agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag léamh na tuarascála ar a chóngas nó a cóngas lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí nó lena chaomhnóirí nó lena caomhnóirí;
 - (c) leas an linbh;
 - (d) cibé acu arbh fhearr a dhéanfaí leas an linbh tríd an tuarascáil a thabhairt do thuismitheoir, do chaomhnóir nó do neaschara an linbh nó do shaineolaí arna cheapadh nó arna ceapadh faoi fho-alt (1)(b) seachas don leanbh féin.
- (6) Déanfaidh saineolaí a cheapfar faoi fho-alt (1)(b)—
- (a) aibíocht an linbh a fhionnadh,
 - (b) i gcás go n-iarrfaidh an chúirt air nó uirthi é, a fhionnadh cibé acu atá nó nach bhfuil ar chumas an linbh teacht ar a thuairimí nó a tuairimí ar na nithe is ábhar do na himeachtaí, agus tuarascáil a thabhairt don chúirt dá réir sin,
 - (c) i gcás nach mbeidh feidhm ag mír (b), nó i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b) agus go bhfionnfaidh an saineolaí go bhfuil ar chumas an linbh teacht ar a thuairimí féin nó a tuairimí féin ar na nithe is ábhar do na himeachtaí—
 - (i) tuairimí an linbh a fhionnadh i gcoitinne nó ar aon cheisteanna sonracha a bhféadfaidh an chúirt tuairimí an linbh orthu a lorg, agus
 - (ii) tuarascáil a thabhairt don chúirt, ar tuarascáil í lena gcuirfear os comhair na cúirte aon tuairimí a nocht an leanbh i ndáil leis na nithe lena mbaineann na himeachtaí.
- (7) Féadfaidh an chúirt nó páirtí sna himeachtaí lena mbaineann an t-alt seo saineolaí a cheapfar faoi fho-alt (1) a ghairm mar fhinné sna himeachtaí.
- (8) Más rud é, in imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1), go ndearna an chúirt ordú faoi mhír (a) nó (b) d'fho-alt (1), ní choiscfidh aon ní san alt seo ar an gcúirt—
- (a) ordú breise faoi cheachtar de na míreanna sin nó faoin dá mhír sin a dhéanamh, nó
 - (b) le linn ordú breise den sórt sin a dhéanamh, an saineolaí céanna nó saineolaí éagsúil a cheapadh chun an fheidhm lena mbaineann a chomhlíonadh.
- (9) Íocfaidh cibé páirtithe sna himeachtaí lena mbaineann, i cibé cionúireachtaí, nó íocfaidh cibé páirtí sna himeachtaí, a chinnefidh an chúirt táillí agus caiteachais saineolaí a cheapfar faoi fho-alt (1).
- (10) Féadfaidh an tAire, i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le rialachán, na nithe seo a leanas a shonrú—
- (a) cáilíochtaí agus taithí saineolaí a cheapfar faoin alt seo, agus
 - (b) na táillí agus na caiteachais inlamhála a fhéadfaidh saineolaí den sórt sin a ghearradh.

- (11) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (10), féadfar foráil a dhéanamh i rialacháin faoin bhfo-alt sin maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) na cáilíochtaí, agus an leibhéal íosta taithí gairmiúla, a bheidh ag saineolaí,
 - (b) na caighdeáin íosta a mbeidh feidhm acu maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo ag saineolaí, agus
 - (c) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is gá chun a chinntiú go mbeidh ar chumas saineolaithe a bhfeidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.”.

CUID 5

LEASUITHE AR AN ACHT COMHARBAIS, 1965

Leasú ar alt 3 d’Acht 1965

64. Leasaítear alt 3 d’Acht 1965, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘*Acht 2015*’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;”.

Leasú ar alt 4A d’Acht 1965

65. Leasaítear alt 4A d’Acht 1965—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), le linn aon ghaol a bheith á rianú” a chur in ionad “Le linn aon ghaol a bheith á rianú”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Le linn aon ghaol a bheith á rianú chun críocha an Achta seo, déanfar an gaol atá idir gach leanbh deontóir-ghinte (de réir bhrí *Acht 2015*) agus a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí a chinneadh de réir *alt 5 d’Acht 2015*, agus is dá réir a chinnfear gach gaol eile.”,
- (c) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A) (arna chur isteach le *halt 65(d) d’Acht 2015*), i gcás duine” a chur in ionad “I gcás duine”, agus
- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní fholaíonn an tagairt d’athair i bhfo-alt (2) fear atá, faoi *alt 5 d’Acht 2015*, ina thuismitheoir ar an duine céadluaite dá dtagraítear san fho-alt sin.”.

Leasú ar alt 27A d’Acht 1965

66. Leasaítear Acht 1965 in alt 27A—

- (a) tríd an alt a ainmniú mar fho-alt (1),
- (b) i bhfo-alt (1) (arna ainmniú le *mír (a)*)—
 - (i) trí “Faoi réir fho-alt (2), chun críche fheidhmiú” a chur in ionad “Chun críche fheidhmiú”, agus

- (ii) trí “nár phós a thuismitheoirí a chéile nó nach páirtneirí sibhialta dá chéile a thuismitheoirí” a chur in ionad “nár phós a thuismitheoirí a chéile” gach áit a bhfuil sé,

agus

- (c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i ndáil le duine nár phós a thuismitheoirí a chéile nó nach páirtneirí sibhialta dá chéile a thuismitheoirí más rud é—

- (a) gur uchtaigh lánúin chomhchónaitheach an duine—

- (i) faoi ordú uchtála, nó

- (ii) lasmuigh den Stát, i gcás go mbeidh an uchtáil sin aitheanta de bhua an dlí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire sa Stát,

nó

- (b) gur tuismitheoirí an duine iad, faoi *alt 5 d’Acht 2015*.

- (3) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht Uchtála, 2010;

tá le ‘ordú uchtála’ an bhrí chéanna atá leis in alt 3(1) d’Acht 2010;

tá le ‘lánúin chomhchónaitheach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 3(1) (arna leasú le *halt 102 d’Acht 2015*) d’Acht 2010.”.

Leasú ar alt 67A d’Acht 1965

67. Leasaítear alt 67A d’Acht 1965—

- (a) i bhfo-alt (2)(a), trí “faoi réir fho-ailt (3), (3A) (arna chur isteach le *halt 67(c) d’Acht 2015*), (4), (5), (6) agus (7)” a chur in ionad “faoi réir fho-ailt (3) go (7)”,

- (b) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (3A), féadfaidh an chúirt” a chur in ionad “Féadfaidh an chúirt”, agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Ní fhéadfaidh leanbh díthiomnóra iarratas a dhéanamh, ná ní fhéadfar iarratas a dhéanamh thar ceann leanbh díthiomnóra, faoi fho-alt (3), más rud é gur leanbh an pháirtneara shibhialta mharthanaigh é nó í an leanbh sin freisin.”.

Leasú ar alt 72A d’Acht 1965

68. Leasaítear alt 72A d’Acht 1965, i mír (b), trí “céile, páirtneir sibhialta nó sinsearach réimdhíreach” a chur in ionad “céile nó sinsearach réimdhíreach”.

Leasú ar alt 117 d’Acht 1965

69. Leasaítear alt 117 d’Acht 1965 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3A):

“(3A) Maidir le hordú faoin alt seo—

- (a) i gcás gur tuismitheoir ar an leanbh an páirtnéir sibhialta marthanach, ní dhéanfaidh sé difear do cheart dlíthiúil an pháirtnéara shibhialta mharthanaigh sin ná d’aon réadtiomnú nó tiomnú don pháirtnéir sibhialta ná d’aon scair a mbeidh teideal chuici ag an bpáirtnéir sibhialta faoi dhíthiomnacht, nó
- (b) i gcás nach tuismitheoir ar an leanbh an páirtnéir sibhialta marthanach, ní dhéanfaidh sé difear do cheart dlíthiúil an pháirtnéara shibhialta mharthanaigh murab é tuairim na cúirte, tar éis breithniú a dhéanamh ar na himthosca go léir, lena n-áirítear imthosca airgeadais an tiomnóra agus a oibleagáidí nó a hoibleagáidí i leith an pháirtnéara shibhialta mharthanaigh, go mbeadh sé éagórach gan an t-ordú a dhéanamh.”.

Leasú ar alt 121 d’Acht 1965

70. Leasaítear alt 121 d’Acht 1965, i bhfo-alt (6), trí “i bhfabhar chéile nó pháirtnéir sibhialta, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “i bhfabhar chéile” agus trí “leis an gcéile nó leis an bpáirtnéir sibhialta, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “leis an gcéile”.

CUID 6

LEASUITHE AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

Leasú ar alt 3 d’Acht 1976

71. Leasaítear alt 3 d’Acht 1976, i bhfo-alt (1)—

- (a) sa mhíniú ar “réamh-ordú”, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(da) ordú faoi alt 8A den Acht seo (a mhéid a mheastar faoin alt sin gur ordú cothabhála é),”,

- (b) sa mhíniú ar “féichiúnaí cothabhála”, trí “duine” a chur in ionad “céile” gach áit a bhfuil sé,

- (c) sa mhíniú ar “ordú cothabhála”, trí “ordú faoi alt 5, 5A, 5B nó 5C” a chur in ionad “ordú faoi alt 5 nó 5A”, agus

- (d) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

déanfar ‘páirtnéir sibhialta’ a fhorléiriú de réir alt 3 d’Acht 2010;

déanfar ‘comhchónaitheoir’ a fhorléiriú de réir alt 172(1) d’Acht 2010 agus folaíonn sé iar-chomhchónaitheoir;”.

Leasú ar alt 5A d'Acht 1976

72. Leasaítear alt 5A d'Acht 1976—

- (a) trí “nach bhfuil a thuismitheoirí pósta ar a chéile agus nach páirtnéirí sibhialta dá chéile iad” a chur in ionad “nach bhfuil a thuismitheoirí pósta ar a chéile” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) i bhfo-alt (3)(b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):
 - “(i) i leith céile nó páirtnéir sibhialta,”.

Comhchónaitheoirí do chothabháil leanaí cleithiúnacha áirithe

73. Leasaítear Acht 1976 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5A:

“Ordú cothabhála (dliteanas comhchónaitheora i leith an chomhchónaitheora eile maidir le leanbh an chomhchónaitheora eile)

5B. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le comhchónaitheoir duine (dá ngairtear an t-iarratasóir ar chothabháil san alt seo) is thuismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá *in loco parentis* dó nó di, más rud é, maidir leis an gcomhchónaitheoir—

- (a) nach thuismitheoir an linbh chleithiúnaigh é nó í, agus
 - (b) gur caomhnóir ar an leanbh cleithiúnach é nó í a ceapadh faoi alt 6C den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.
- (2) Faoi réir fho-alt (3) den alt seo, i gcás inar dealraitheach don Chúirt, ar iarratas chuici ó iarratasóir ar chothabháil, go bhfuil mainnithe ag comhchónaitheoir an iarratasóra cibé cothabháil is cuí sna himthosca a sholáthar do leanbh cleithiúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo, féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh (dá ngairtear ordú cothabhála san Acht seo) go n-íocfaidh an comhchónaitheoir leis an iarratasóir ar chothabháil íocaíochtaí tréimhsiúla, chun an leanbh a chothú, ar feadh cibé tréimhse le linn don iarratasóir ar chothabháil a bheith beo, de cibé méid agus ag cibé tráthanna is cuí leis an gCúirt.
- (3) Le linn don Chúirt breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú cothabhála faoin alt seo chun leanbh cleithiúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo a chothú agus, má thugann sí breith déanamh amhlaidh, le linn di méid aon íocaíochta a chinneadh, beidh aird aici ar imthosca uile an cháis agus, go háirithe, a mhéid is indéanta, ar na nithe seo a leanas—
- (a) ioncam, cumas tuillimh (más ann), maoín agus acmhainní airgeadais eile na ndaoine seo a leanas—
 - (i) an comhchónaitheoir,
 - (ii) an t-iarratasóir ar chothabháil,
 - (iii) an leanbh, agus

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.6 A.73

- (iv) aon leanaí cleithiúnacha eile de chuid an iarratasóra ar chothabháil nó de chuid an chomhchónaitheora,

lena n-áirítear ioncam nó sochair chun a bhfuil teideal le reacht nó faoi reacht ag an iarratasóir ar chothabháil, ag an gcomhchónaitheoir, ag an leanbh nó ag na leanaí cleithiúnacha eile sin, cé is moite de shochar nó liúntas nó d'aon mhéadú ar shochar nó liúntas den sórt sin, maidir leis an leanbh nó leis na leanaí cleithiúnacha eile, a deonaíodh do cheachtar tuismitheoir ar aon leanaí den sórt sin, agus

- (b) freagrachtaí airgeadais agus freagrachtaí eile an iarratasóra ar chothabháil agus an chomhchónaitheora lena mbaineann—

- (i) i leith céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheora,

- (ii) i leith an linbh, agus

- (iii) i leith aon leanaí cleithiúnacha eile de chuid iarratasóra ar chothabháil nó de chuid an chomhchónaitheora,

agus riachtanais na leanaí sin, lena n-áirítear an riachtanas maidir le haire agus le haireachas.

Ordú cothabhála (dliteanas comhchónaitheora i leith aon duine maidir le leanbh an chomhchónaitheora eile).

5C. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le comhchónaitheoir (dá ngairtear an comhchónaitheoir iomchuí san alt seo) duine is tuismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá *in loco parentis* dó nó di, más rud é, maidir leis an gcomhchónaitheoir iomchuí—

- (a) nach tuismitheoir an linbh chleithiúnaigh é nó í, agus

- (b) gur caomhnóir ar an leanbh é nó í a ceapadh faoi alt 6C den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.

(2) Faoi réir fho-alt (3) den alt seo, i gcás inar dealraitheach don Chúirt, ar iarratas chuici ó aon duine, go bhfuil mainnithe ag an gcomhchónaitheoir iomchuí cibé cothabháil is cuí sna himthosca a sholáthar do leanbh cleithiúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo, féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh (dá ngairtear ordú cothabhála san Acht seo) go n-íocfaidh an comhchónaitheoir iomchuí leis an duine íocaíochtaí tréimhsiúla, chun an leanbh cleithiúnach a chothú, ar feadh cibé tréimhse le linn don duine sin a bheith beo, de cibé méid agus ag cibé tráthanna is cuí leis an gCúirt.

(3) Le linn don Chúirt breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú cothabhála faoin alt seo chun leanbh cleithiúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo a chothú agus, má thugann sí breith déanamh amhlaidh, le linn di méid aon íocaíochta a chinneadh, beidh aird aici ar imthosca uile an cháis agus, go háirithe, a mhéid is indéanta, ar na nithe seo a leanas—

(a) ioncam, cumas tuillimh (más ann), maoin agus acmhainní airgeadais eile—

(i) an chomhchónaitheora iomchuí,

(ii) an linbh, agus

(iii) aon leanaí cleithiúnacha eile de chuid an chomhchónaitheora iomchuí,

lena n-áirítear ioncam nó sochair chun a bhfuil teideal le reacht nó faoi reacht ag an gcomhchónaitheoir iomchuí, ag an leanbh nó ag na leanaí cleithiúnacha eile sin cé is moite de shochar nó liúntas nó d’aon mhéadú ar shochar nó liúntas den sórt sin, maidir leis an leanbh nó leis na leanaí cleithiúnacha eile, a deonaíodh do cheachtar tuismitheoir ar na leanaí sin, agus

(b) freagrachtaí airgeadais agus freagrachtaí eile an chomhchónaitheora iomchuí—

(i) i leith céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheora,

(ii) i leith an linbh, agus

(iii) i leith aon leanaí cleithiúnacha eile de chuid an chomhchónaitheora iomchuí,

agus riachtanais aon leanaí den sórt sin, lena n-áirítear an riachtanas maidir le haire agus le haireachas.

(4) Ní dhéanfaidh an Chúirt ordú cothabhála faoi fho-alt (2) den alt seo i ndáil le comhchónaitheoir iomchuí i leith leanbh cleithiúnach dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo má tá ordú cothabhála i bhfeidhm faoi alt 5B den Acht seo á cheangal ar an gcomhchónaitheoir sin íocaíochtaí tréimhsiúla a íoc chun an leanbh a chothú, mura rud é—

(a) nach bhfuil an comhchónaitheoir ag déanamh de réir an ordaithe faoi alt 5B den Acht seo, agus

(b) gur dóigh leis an gCúirt, ag féachaint do na himthosca uile, gur cuí déanamh amhlaidh,

ach, má dhéanann an Chúirt an t-ordú faoin bhfo-alt sin (2), aon mhéideanna a bheidh le híoc faoin ordú faoin alt sin 5B ar dháta déanta an ordaithe faoin bhfo-alt sin (2) nó dá éis sin, ní bheidh siad iníoctha.”.

Leasú ar alt 6 d’Acht 1976

74. Leasaítear alt 6 d’Acht 1976—

(a) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (3A) den alt seo, beidh an chuid sin d’ordú cothabhála” a chur in ionad “Beidh an chuid sin d’ordú cothabhála”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Beidh ordú cothabhála arna dhéanamh faoi alt 5B nó 5C den Acht seo arna urscaoileadh nuair a shlánóidh an duine ar chun sochair dó nó di a rinneadh an t-ordú 18 mbliana d’aois.”.

Leasú ar alt 8A d’Acht 1976

75. Leasaítear alt 8A d’Acht 1976 trí “tuismitheoirí linbh chleithiúnaigh nach bhfuil pósta ar a chéile agus nach páirtneirí sibhialta dá chéile iad comhaontú” a chur in ionad “tuismitheoirí linbh chleithiúnaigh nach bhfuil pósta ar a chéile comhaontú”.

Leasú ar alt 10 d’Acht 1976

76. Leasaítear alt 10 d’Acht 1976 i bhfo-alt (3)(b)(i) trí “an duine lena mbaineann” a chur in ionad “an céile lena mbaineann”.

Leasú ar alt 21A d’Acht 1976

77. Leasaítear alt 21A d’Acht 1976 i bhfo-alt (1) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) i ndáil le leanbh cleithiúnach nach bhfuil a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí pósta ar a chéile agus nach páirtneirí sibhialta dá chéile iad, ó thuismitheoir,”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 1976

78. Leasaítear alt 23 d’Acht 1976—

(a) i bhfo-alt (1), trí “imeachtaí faoi ailt 5, 5A, 5B, 5C, 6, 7, 9 agus 21A den Acht seo” a chur in ionad “imeachtaí faoi ailt 5, 5A, 6, 7, 9 agus 21A den Acht seo”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (b), trí “faoi alt 5, 5A, 5B, 6, 7 nó 9” a chur in ionad “faoi alt 5, 6, 7 nó 9”, agus

(ii) i mír (c), trí “faoi alt 5, 5A, 5B, 6, 7 nó 9” a chur in ionad “faoi alt 5, 6, 7 nó 9”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) In imeachtaí faoin Acht seo, tabharfaidh gach páirtí sna himeachtaí don pháirtí eile cibé sonraí i dtaobh a imthosca airgeadais nó a himthosca airgeadais, lena n-áirítear maoin agus ioncam, agus a mhéid is indéanta, imthosca airgeadais a leanaí cleithiúnacha, a theastóidh le réasún chun críocha na n-imeachtaí.”.

[Uimh. 9.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [2015.]

CUID 7

LEASUITHE AR AN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

Leasú ar alt 33 d’Acht 1987

79. Leasaítear alt 33 d’Acht 1987 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘*Acht 2015*’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

tá le ‘duine uchtaithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 3(2)(b) den Acht seo;

tá le ‘leanbh deontóir-ghinte’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2015;

folaíonn ‘tuismitheoir’ an dara tuismitheoir;

ciallaíonn ‘an dara tuismitheoir’, i ndáil le leanbh deontóir-ghinte, duine is tuismitheoir ar an leanbh faoi alt 5(1)(b) d’Acht 2015, seachas duine is tuismitheoir faoin alt sin de bhua dearbhú arna fháil faoi alt 21 nó 22 den Acht sin.”.

Leasú ar alt 35 d’Acht 1987

80. Leasaítear alt 35 d’Acht 1987—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh duine a shonraítear i bhfo-alt (1A) den alt seo iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar dhearbhu faoin alt seo á rá—

(a) maidir le duine a bheidh ainmnithe san iarratas, gurb í nó nach í, máthair duine,

(b) maidir le duine a bheidh ainmnithe san iarratas, gurb é nó í, nó nach é nó í, athair nó dara tuismitheoir duine, nó

(c) maidir le 2 dhuine a bheidh ainmnithe san iarratas, gurb iad nó nach iad, tuismitheoirí duine,

ar duine é nó í (seachas duine is duine uchtaithe) a bheidh ainmnithe san iarratas (dá ngairtear an ‘duine lena mbaineann’ san alt seo).”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas ar dhearbhu faoin alt seo a dhéanamh, i ndáil le duine lena mbaineann—

(a) an duine lena mbaineann,

(b) aon duine a bheidh ag lorg dearbhú gurb é nó gurb í máthair, athair nó dara tuismitheoir an duine lena mbaineann, nó

(c) aon duine a bheidh ag lorg dearbhú nach é nó nach í máthair, athair nó dara tuismitheoir an duine lena mbaineann.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.7 A.80

(1B) I gcás go ndéanfaidh duine dá dtagraítear i mír (b) nó (c) d’fho-alt (1A) den alt seo iarratas ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le duine lena mbaineann, déanfar an duine lena mbaineann a uamadh mar pháirtí sna himeachtaí.”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “I gcás go ndéanfar iarratas ar dhearbhu faoin alt seo i ndáil le duine lena mbaineann nár rugadh sa Stát, sonródh an duine a bheidh ag déanamh an iarratais” a chur in ionad “I gcás go ndéanfaidh duine nár rugadh sa Stát iarratas ar dhearbhu de bhua fho-alt (1)(b) den alt seo, sonródh sé”,

(d) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Más rud é ar iarratas faoi fho-alt (1) den alt seo go gcruthófar gur dóichí—

(a) maidir le duine a bheidh ainmnithe san iarratas, gurb í nó nach í, máthair an duine lena mbaineann,

(b) maidir le duine a bheidh ainmnithe amhlaidh, gurb é nó í, nó nach é nó í, athair nó dara tuismitheoir an duine lena mbaineann, nó

(c) maidir le daoine a bheidh ainmnithe amhlaidh, gurb iad nó nach iad, tuismitheoirí an duine lena mbaineann,

déanfaidh an Chúirt an dearbhu dá réir sin.”.

Leasú ar alt 37 d’Acht 1987

81. Leasaítear alt 37 d’Acht 1987—

(a) trí na mínithe ar “samplaí fola” agus “tástáil fola” a scriosadh, agus

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

ciallaíonn ‘sampla colainne’ aon cheann de na nithe seo a leanas a bheidh tógtha nó le tógáil ó dhuine chun críche tástála DNA:

(a) sváb ón mbéal;

(b) sampla de sheile nó de ghruaig (seachas gruaig phúbasach);

(c) sampla fola;

ciallaíonn ‘DNA’ aigéad dí-ocsairibeanúicléasach;

ciallaíonn ‘tástáil DNA’ aon tástáil arna déanamh faoin gCuid seo chun sampla colainne a scrúdú agus a anailísiú d’fhonn faisnéis a fháil, i ndáil leis an duine óna mbeidh an sampla tógtha, arb éard atá inti sraith de shainghnéithe aitheantais de chuid DNA an duine sin;

tá le ‘gnáthamh ADDC’ an bhrí chéanna atá leis in *alt 20 d’Acht 2015*;

tá le ‘leanbh deontóir-ghinte’ an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 2 d’Acht 2015*;

ciallaíonn ‘tuismitheoir’—

- (a) i ndáil le duine nach leanbh deontóir-ghinte, a mháthair nó a athair nó a máthair nó a hathair, agus
- (b) i ndáil le leanbh deontóir-ghinte, duine—
 - (i) a sholáthair gaiméit a úsáideadh sa ghnáthamh ADDC ar rugadh an leanbh de thoradh air, agus
 - (ii) is máthair an linbh nó is tuismitheoir ar an leanbh faoi *alt 5(1)(b) d’Acht 2015;*”.

Leasú ar alt 38 d’Acht 1987

82. Leasaítear alt 38 d’Acht 1987—

- (a) trí “samplaí colainne” a chur in ionad “samplaí fola” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) i bhfo-alt (1), trí “tástálacha DNA” a chur in ionad “tástálacha fola”.

Leasú ar alt 39 d’Acht 1987

83. Leasaítear alt 39 d’Acht 1987—

- (a) trí “sampla colainne” a chur in ionad “sampla fola” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) i bhfo-alt (3)(b), trí “tástálacha DNA” a chur in ionad “tástálacha fola”.

Leasú ar alt 40 d’Acht 1987

84. Leasaítear alt 40 d’Acht 1987—

- (a) trí “samplaí colainne” a chur in ionad “samplaí fola” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) i bhfo-alt (6)—
 - (i) i mír (a), trí “tástálacha DNA” a chur in ionad “tástálacha fola”, agus
 - (ii) i mír (b), trí “tástáil DNA” a chur in ionad “tástáil fola”, agus trí “sampla colainne” a chur in ionad “sampla fola”.

Leasú ar alt 41 d’Acht 1987

85. Leasaítear alt 41 d’Acht 1987 i bhfo-alt (2)—

- (a) i mír (a), trí “samplaí colainne” a chur in ionad “samplaí fola”,
- (b) i mír (b), trí “sampla colainne” a chur in ionad “sampla fola”, agus
- (c) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):
 - “(c) a cheangal ar aon duine óna mbeidh sampla colainne is sampla fola le tógáil nó, i cibé cásanna a bheidh forordaithe leis na rialacháin, a cheangal ar cibé duine eile a bheidh forordaithe amhlaidh, a dhearbhu i scríbhinn, maidir le cibé tréimhse a bheidh sonraithe sna rialacháin—

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.7 A.85

- (i) cibé acu a bhí nó nach raibh aon bhreiteacht den chineál a bheidh sonraithe amhlaidh ag cur air lena linn, nó
- (ii) an bhfuair sé fuilistriú nó cibé cóireáil mhíochaine eile a bheidh sonraithe amhlaidh lena linn;”.

Leasú ar alt 42 d’Acht 1987

86. Leasaítear alt 42 d’Acht 1987—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “samplaí colainne” a chur in ionad “samplaí fola”, agus
- (b) i bhfo-alt (4), trí “sampla colainne” a chur in ionad “sampla fola”.

Leasú ar alt 43 d’Acht 1987

87. Leasaítear alt 43 d’Acht 1987—

- (a) trí “sampla colainne” a chur in ionad “sampla fola”,
- (b) trí “fíneáil d’aicme C” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £1,000”, agus
- (c) trí “fíneáil nach mó ná €5,000” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £2,500”.

Leasú ar alt 46 d’Acht 1987

88. Leasaítear alt 46 d’Acht 1987—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):
 - “(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo, más rud é, i gcás bean phósta, ar bean í a chónaíonn ar leithligh óna fearchéile, go mbeirtear leanbh di breis agus deich mí tar éis an dáta ar ar scar sí óna fearchéile, ansin toimhdeofar nach é a fearchéile athair an linbh mura gcruthófar gurb é a mhalairt is dóichí.”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
 - “(2A) Chun críocha fho-alt (2) den alt seo, measfar gurb é an dáta a scar bean phósta óna fearchéile—
 - (a) an dáta a deonaíodh foraithe cholscartha *a mensa et thoro* i ndáil leo,
 - (b) an dáta a deonaíodh foraithe idirscartha bhreithiúnaigh i ndáil leo,
 - (c) an dáta a forghníomhaíodh gníomhas idirscartha i ndáil leo,
 - (d) an dáta a rinne siad comhaontú idirscartha, nó
 - (e) cibé dáta eile a dhéanfaidh an bhean a shuíomh.”,
- (c) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
 - “(a) go mbeidh breith linbh cláraithe i gclár atá á chothabháil faoin Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, agus”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo, ciallaíonn ‘foraithne idirscartha bhreithiúnaigh’ foraithne faoi alt 3 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989.”.

CUID 8

LEASUITHE AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

Leasú ar alt 2 d’Acht 1995

89. Leasaítear alt 2 d’Acht 1995 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“déanfar ‘comhchónaitheoir’ a fhorléiriú de réir alt 172(1) den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 agus folaíonn sé iar-chomhchónaitheoir;”.

Leasú ar alt 41 d’Acht 1995

90. Leasaítear alt 41 d’Acht 1995—

(a) i mír (a), trí “a chothú nó a chothabháil,” a chur in ionad “a chothú nó a chothabháil, nó”,

(b) i mír (b)(ii), trí “den teaghlach, nó” a chur in ionad “den teaghlach,”,

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) go n-íocfaidh comhchónaitheoir le tuismitheoir ar an leanbh, nó le duine eile a shonraítear san ordú, íocaíochtaí tréimhsiúla chun leanbh a chothú,”,

agus

(d) trí “a ordú don duine dá ndlífeáir” a chur in ionad “a ordú don chéile nó don tuismitheoir dá ndlífeáir”.

Leasú ar alt 42 d’Acht 1995

91. Leasaítear alt 42 d’Acht 1995—

(a) i bhfo-alt (1), trí “mír (a), (b) nó (c) d’alt 41” a chur in ionad “mír (a) nó (b) d’alt 41”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi fho-alt (1) atá chun sochair do leanbh, féadfaidh an chúirt a shonrú san ordú, an modh ina ndéanfar, nó an chríoch ar chuici a dhéanfar, an íocaíocht nó na híocaíochtaí dá dtagraítear san fho-alt sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar don leanbh lena mbaineann an t-ordú.”.

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.]

CUID 9

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA, 2004

Leasú ar alt 2 d’Acht 2004

92. Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2004—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘*Acht 2015*’ an *tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015;

tá le ‘leanbh deontóir-ghinte’ an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 2 d’Acht 2015*;

ciallaíonn ‘tuismitheoir’, i ndáil le leanbh deontóir-ghinte, tuismitheoir nó tuismitheoirí an linbh sin faoi *alt 5 d’Acht 2015*;”,

agus

(b) sa mhíniú ar “na sonraí is gá”—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) i ndáil le breith nó leanbh beo nuabheirthe arna fháil nó arna fáil tréigthe, na sonraí atá sonraithe i *gCuid 1* den Chéad Sceideal i ndáil leis an leanbh, máthair an linbh agus, de réir mar is infheidhme, i ndáil le hathair nó tuismitheoir eile an linbh;

(b) i ndáil le marbh-bhreith, na sonraí atá sonraithe i *gCuid 2* den Chéad Sceideal i ndáil leis an leanbh, máthair an linbh agus, de réir mar is infheidhme, i ndáil le hathair nó tuismitheoir eile an linbh;”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) i ndáil le bás, na sonraí atá sonraithe i *gCuid 5* den Chéad Sceideal i ndáil leis an duine éagtha agus, de réir mar is infheidhme, i ndáil le máthair, athair, tuismitheoir agus caomhnóir an duine éagtha;”.

Forálacha speisialta i ndáil le breith linbh dheontóir-ghinte a chlárú

93. Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19:

“**19A.** (1) I gcás go mbeirtear leanbh is leanbh deontóir-ghinte, comhlíonfaidh an duine dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d’alt 19(1) an t-alt sin i ndáil leis an mbreith, agus tabharfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas don chlárúitheoir freisin—

(a) an deimhniú a bheidh tugtha don duine faoi *alt 27(5) d’Acht 2015*,

(b) dearbhú reachtúil dá dtagraítear i bhfo-alt (2).

- (2) Beidh dearbhú reachtúil dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) san fhoirm a bheidh arna ceadú de thuras na huaire ag an Ard-Chláraitheoir, agus sonrófar ann—
- (a) gur thoiligh tuismitheoir nó tuismitheoirí an linbh, de réir *Chuid 2 d'Acht 2015*, le bheith ina dtuismitheoirí, faoi *alt 5* den Acht sin, ar an leanbh agus
- (b) nach bhfuil aon duine, seachas an tuismitheoir nó na tuismitheoirí dá dtagraítear i mír (a), ina thuismitheoir nó ina tuismitheoir ar an leanbh.
- (3) I gcás go bhfuil feidhm ag alt 19(3) i ndáil le breith dá dtagraítear i bhfo-alt (1), comhlíonfaidh an faisnéisí cáilithe lena mbaineann an t-alt sin, agus tabharfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas don chláraitheoir freisin—
- (a) an deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), agus
- (b) cibé fianaise a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina chumhacht nó faoina cumhacht a thabhairt amhlaidh agus a bhaineann leis an toiliú ón tuismitheoir nó ó na tuismitheoirí, nó ó aon duine eile, faoi *Chuid 2 d'Acht 2015*, le bheith ina dtuismitheoirí, faoi *alt 5* den Acht sin, ar an leanbh.
- (4) I gcás go raibh máthair linbh dá dtagraítear i bhfo-alt (1) pósta an dáta a rugadh an leanbh nó tráth éigin le linn na tréimhse 10 mí dar chríoch díreach roimh an mbreith sin, agus go mbeadh duine eile, murach an fo-alt seo, le clárú mar thuismitheoir ar an leanbh faoi alt 19, ní chlárófar an duine sin amhlaidh mura gcomhlíonfaidh an duine fo-alt (3) agus fo-ailt (3A) go (3H) d'alt 22(3).
- (5) I gcás go ndearnadh—
- (a) míreanna (i) go (iii) d'alt 19(1) agus fo-alt (1), nó
- (b) de réir mar a bheidh, míreanna (a) go (c) d'alt 19(3) agus fo-alt (3),
- a chomhlíonadh, i ndáil le breith a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir léi, déanfaidh an cláraitheoir lena mbaineann an bhreith a chlárú de réir an ailt seo agus ar cibé modh a ordóidh an tArd-Chláraitheoir.
- (6) Le linn breith linbh a chlárú faoin alt seo, cuirfidh an cláraitheoir nóta ar an gclár gur leanbh a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir leis nó léi an leanbh.
- (7) Ní thaispeánfar nóta dá dtagraítear i bhfo-alt (6) ar aon deimhniú breithe a eiseofar chuig an leanbh.
- (8) Más rud é—
- (a) go mbeidh breith linbh cláraithe ar shlí seachas faoin alt seo, agus

(b) go bhfaighidh an cláraitheoir faisnéis ón Aire Sláinte á chur in iúl gur leanbh a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir leis nó léi an leanbh,

déanfaidh an cláraitheoir teagmháil leis na daoine a mbeidh alt 19(1) comhlíonta acu i ndáil le breith an linbh agus le cibé daoine eile a mheasann sé nó sí is gá, agus déanfaidh sé nó sí na fiosrúcháin is gá chun a chinneadh ar chóir breith an linbh a athchlárú faoin alt seo.

(9) I gcás gurb é tuairim an chláraitheora, tar éis dó nó di na fiosrúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (8) a dhéanamh, gur leanbh a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) maidir leis nó léi an leanbh lena mbaineann, déanfaidh sé nó sí breith an linbh a athchlárú faoin alt seo agus ainm an duine is tuismitheoir, nó ainmneacha na ndaoine is tuismitheoirí, faoi *alt 5 d'Acht 2015*, ar an leanbh a thaifeadadh sa chlár.

(10) I gcás go ndéanfaidh duine a ndearnadh a bhreith nó a breith a chlárú de réir an ailt seo agus a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici iarratas ar dheimhniú breithe, déanfaidh an cláraitheoir teagmháil leis an duine sin lena chur in iúl dó nó di go bhfuil faisnéis bhreise a bhaineann leis nó léi ar fáil ón gClár Náisiúnta de Dhaoine Deontóir-Ghinte.”.

Ní bheidh feidhm ag ailt 23 agus 23A d'Acht 2004 maidir le leanbh deontóir-ghinte

94. Ní bheidh feidhm ag ailt 23 agus 23A d'Acht 2004 maidir le leanbh deontóir-ghinte (de réir bhrí *Chuid 2*).

Breith linbh dheontóir-ghinte a athchlárú ar scór ordú cúirte

95. Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23A:

“**23B.** (1) I gcás go mbeidh breith linbh cláraithe faoin Acht seo nó faoi na hachtacháin aisghairthe, déanfaidh cláraitheoir an bhreith a athchlárú ar cibé modh a ordóidh an tArd-Chláraitheoir agus déanfaidh sé nó sí ainm duine (‘an duine’) a thaifeadadh sa chlár mar thuismitheoir an linbh, más rud é go n-iarrfaidh an mháthair, an duine nó an leanbh a mbaineann an clárú lena bhreith nó lena breith agus a mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici amhlaidh agus go dtabharfaidh sé nó sí don chláraitheoir doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip de dhearbhuí arna dhéanamh ag an gCúirt Dúiche faoi *alt 21 d'Acht 2015*, nó ag an gCúirt Chuarda faoi *alt 22 d'Acht 2015*, agus a airbheartóidh é a bheith deimhnithe ina leith ag an gcúirt nó thar ceann na cúirte gur cóip dhílis é den ordú lena gcinntear gur tuismitheoir an linbh é nó í an duine.

(2) I gcás go mbeidh breith linbh dheontóir-ghinte cláraithe, cibé acu atá nó nach bhfuil aon duine seachas máthair an linbh cláraithe mar thuismitheoir ar an leanbh, faoin Acht seo nó faoi na hachtacháin aisghairthe, déanfaidh cláraitheoir an bhreith a athchlárú ar cibé modh a ordóidh an tArd-Chláraitheoir agus déanfaidh sé nó sí ainm duine (‘an duine’) a thaifeadadh sa chlár mar thuismitheoir an linbh, más rud é go n-iarrfaidh an mháthair, an duine nó an leanbh a mbaineann an clárú lena bhreith nó lena breith agus a mbeidh 18 mbliana d'aois

slánaithe aige nó aici amhlaidh agus go dtabharfaidh sé nó sí don chláraitheoir doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip de dhearbhuí arna dhéanamh ag an gCúirt Chuarda faoi alt 35 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, agus a airbheartóidh é a bheith deimhnithe ina leith ag an gcúirt nó thar ceann na cúirte gur cóip dhílis é den ordú lena gcinntear gur tuismitheoir an linbh é nó í an duine.

- (3) Ní athchlárófar breith faoin alt seo gan toiliú ó Chláraitheoir Maoirseachta de chuid an limistéir clárúcháin a bhfuil an cláraitheoir sannta chuige.
- (4) I gcás go n-athchlárófar breith faoin alt seo, is é a bheidh i sloinne an linbh a thaifeadfar sa chlár—
 - (a) an sloinne a cláraíodh roimhe sin, nó
 - (b) sloinne a chinnfear de réir Chuid 1 den Chéad Sceideal.
- (5) I gcás go ndéanfaidh duine de na daoine lena mbaineann (1) iarraidh chuig cláraitheoir faoin bhforáil sin, tabharfaidh an cláraitheoir fógra d'aon daoine eile dá dtagraítear san fhoráil sin agus ar féidir leo iarraidh a dhéanamh.
- (6) I gcás go ndéanfaidh duine de na daoine lena mbaineann fo-alt (2) iarraidh chuig cláraitheoir faoin bhforáil sin, tabharfaidh an cláraitheoir fógra d'aon daoine eile dá dtagraítear san fhoráil sin agus ar féidir leo iarraidh a dhéanamh, agus d'aon duine a bheidh cláraithe mar thuismitheoir ar an leanbh, seachas máthair an linbh, de réir mar a bheidh.
- (7) Nuair a bheidh breith á hathchlárú faoin alt seo, síneoidh na daoine seo a leanas an clár—
 - (a) máthair an linbh, más rud é go ndearna sí an iarraidh faoi fho-alt (1) nó (2), nó go ndeachaigh sí i bpáirt san iarraidh sin a dhéanamh,
 - (b) an duine ar ina leith a bheidh dearbhaithe ag an gcúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) gurb é nó í tuismitheoir an linbh, más rud é go ndearna sé nó sí an iarraidh faoin bhfo-alt sin, nó go ndeachaigh sé nó sí i bpáirt san iarraidh sin a dhéanamh, agus
 - (c) an leanbh lena mbaineann an clárú, i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, más rud é go ndearna sé nó sí an iarraidh lena mbaineann faoi fho-alt (1) nó (2), nó go ndeachaigh sé nó sí i bpáirt san iarraidh sin a dhéanamh.
- (8) Tabharfaidh an cláraitheoir fógra do Chláraitheoir Maoirseachta an limistéir clárúcháin a bhfuil an cláraitheoir sannta chuige, agus déanfaidh an Cláraitheoir Maoirseachta iarraidh chuige sin a chur in iúl don Ard-Chláraitheoir, agus féadfaidh an tArd-Chláraitheoir, ar cibé fianaise a thabhairt ar aird dó nó di a mheasfaidh sé nó sí is leordhóthanach chun a thaispeáint go bhfuil imthosca eisceachtúla ann de chineál a fhágann gur gá é chun cruatan míchuí a mhaolú, a ordú don Chláraitheoir Maoirseachta a chur faoi deara go n-athchlárófar an

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.] CD.9 A.95

bhreith d’ainneoin nár shínigh duine dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) d’fho-alt (7) an clár.

(9) Nuair a athchlárófar breith faoin alt seo, déanfar an taifead a bheidh ann an tráth sin agus a bhaineann leis an mbreith a choimeád sa chlár.

(10) I gcás gur duine fireann an duine a mbeidh dearbhaithe ag an gcúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) ina leith gurb é tuismitheoir an linbh é, féadfar é a chlárú mar athair an linbh.”.

Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2004

96. (1) Leasaítear alt 22 (1K) d’Acht 2004 trí “(1B)(ii)” a chur in ionad “(1B)(b)(ii)”.

(2) Leasaítear alt 25A d’Acht 2004 trí “(1K)” a chur in ionad “(1J)” i bhfo-ailt (2) agus (3).

Féadfaidh an cláraitheoir dearbhú reachtúil faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 a thógáil agus a ghlacadh

97. Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 27:

“**27A.** Chun críocha alt 1(1)(d) den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, féadfaidh cláraitheoir, le linn na tréimhse 14 lá díreach tar éis an dáta ar a ndéanfar breith linbh a chlárú nó a athchlárú, dearbhú reachtúil arna dhéanamh faoi alt 2(4)(e) nó 6B(4)(c) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 i leith an linbh a thógáil agus a ghlacadh.”.

Leasú ar alt 44C(2) d’Acht 2004

98. Leasaítear alt 44C(2) d’Acht 2004 tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (xii);

“(xiiA) túsainm agus sloinne breithe thuismitheoir an éagaigh;”,

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004

99. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2004—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid 1 i ndiaidh “Sloinne breithe mháthair an athar”:

“Túsainm/túsainmneacha (más ann) an tuismitheora.

Dáta breithe an tuismitheora.

Stádas sibhialta an tuismitheora.

Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an tuismitheora.

Sloinne breithe mháthair an tuismitheora.”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid 2 i ndiaidh “Sloinne breithe mháthair an athar”:

“Túsainm/túsainmneacha (más ann) an tuismitheora.

Dáta breithe an tuismitheora.

Stádas sibhialta an tuismitheora.

Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an tuismitheora.

Sloinne breithe mháthair an tuismitheora.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid 5 i ndiaidh “Túsainm/Túsainmneacha agus sloinne breithe mháthair an éagaigh”:

“Túsainm/túsainmneacha agus sloinne breithe thuismitheoir an éagaigh”.

CUID 10

LEASÚ AR ACHT NA bPASANNA, 2008

Leasú ar Acht na bPasanna, 2008

100. Leasaítear alt 14 d’Acht na bPasanna, 2008—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir an ailt seo, beidh an tAire sásta, ar fhorais réasúnacha, sula n-eiseoidh sé nó sí pas chuig leanbh—

- (a) i gcás go bhfuil 2 chaomhnóir ag an leanbh, go dtoilíonn gach caomhnóir de chuid an linbh, agus

- (b) i gcás go bhfuil níos mó ná 2 chaomhnóir ag leanbh, go dtoilíonn líon nach lú ná 2 dhuine de na caomhnóirí sin,

le pas a eisiúint chuig an leanbh.”,

- (b) i bhfo-alt (5)—

- (i) trí “nó, más cuí, ó na caomhnóirí eile” a chur isteach i ndiaidh “ón gcaomhnóir eile” gach áit a bhfuil sé, agus

- (ii) i mír (a), trí “aon chaomhnóir eile” a chur in ionad “an caomhnóir eile sin”,

agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) (a) Faoi réir an Achta seo, ar iarratas chuige nó chuici de réir alt 6 ó chaomhnóir de chuid linbh chuige sin, féadfaidh an tAire pas a eisiúint chuig leanbh a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi lasmuigh den Stát, gan

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.10 A.100

toiliú ón gcaomhnóir eile, nó más cuí, ó na caomhnóirí eile de chuid an linbh, leis an eisiúint sin, más rud é—

- (i) go ndéanann cúirt nó údarás breithiúnach nó riaracháin inniúil de chuid stát gnáthchónaithe an linbh beart lena n-ordaítear go bhféadfar pas a eisiúint chuig an leanbh gan toiliú ón gcaomhnóir eile nó, más cuí, ó na caomhnóirí eile de chuid an linbh, leis an eisiúint sin, nó
- (ii) trí oibriú dlí stát gnáthchónaithe an linbh, gur comhlíonadh na ceanglais a bhaineann le toiliú an chaomhnóra eile nó, más cuí, na gcaomhnóirí eile de chuid an linbh.

(b) Ní dochar mír (a) do mhír 2 d’Airteagal 23 den Choinbhinsiún.

(c) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2000’ an tAcht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000;

tá le ‘Coinbhinsiún’ an bhrí atá leis in alt 1 d’Acht 2000;

folaíonn ‘caomhnóir’, i ndáil le leanbh, duine a fheidhmíonn freagracht tuismitheora i leith an linbh, de réir bhrí mhír 2 d’Airteagal 1 den Choinbhinsiún;

tá le ‘beart’ an bhrí atá leis in alt 1 d’Acht 2000;

ciallaíonn ‘stát’ stát ar stát conarthach eile é, de réir bhrí alt 1 d’Acht 2000.”.

CUID 11

LEASUITHE AR AN ACHT UCHTÁLA, 2010

Míniú (*Cuid 11*)

101. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Uchtála, 2010.

Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht

102. Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

forléireofar ‘páirtnéir sibhialta’ de réir alt 3 d’Acht 2010;

forléireofar ‘comhchónaitheoir’ de réir alt 172(1) d’Acht 2010;

ciallaíonn ‘lánúin chomhchónaitheach’ 2 aosach ar comhchónaitheoirí dá chéile iad agus atá ina gcónaí le chéile mar chomhchónaitheoirí ar feadh tréimhse leanúnach nach giorra ná 3 bliana;

tá le ‘leanbh deontóir-ghinte’ an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 2 d’Acht 2015*;

folaíonn ‘athair’, i ndáil le leanbh, fear atá, faoi *alt 5 d’Acht 2015*, ina thuismitheoir ar an leanbh i gcás gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh sin;

ciallaíonn ‘an dara bantuismitheoir’, i ndáil le leanbh, bean (seachas an mháthair) atá, faoi *alt 5 d’Acht 2015*, ina thuismitheoir ar an leanbh i gcás gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh sin;”,

(b) sa mhíniú ar “caomhnóir”, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) is caomhnóir de chuid an linbh de bhun an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 seachas caomhnóir a bheidh ceaptha—

(i) faoi alt 6C den Acht sin i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (9) den alt sin maidir leis an gceapachán sin ach nach bhfuil ordú déanta ag an gcúirt go dteachtann an duine sin na cearta agus na freagrachtaí a shonraítear i bhfo-alt (11)(f) den alt sin, nó

(ii) faoi alt 6E den Acht sin nó”,

(c) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tuismitheoir”:

“ciallaíonn ‘tuismitheoir’, i ndáil le leanbh, máthair, athair nó dara bantuismitheoir an linbh;”,

agus

(d) sa mhíniú ar “gaol” trí “agus is de thaobh tuismitheora ar an leanbh sin a dhéanfar gaolmhaireacht leis an leanbh a chomhaireamh” a chur in ionad “agus is de thaobh na máthar nó an athar a dhéanfar gaolmhaireacht leis an leanbh a chomhaireamh”.

Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht

103. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht i mír (k) (i) (I) trí “a dtuismitheoirí” a chur in ionad “a dtuismitheoirí breithe”, i mír (k) (i) (II) trí “do thuismitheoirí” a chur in ionad “do thuismitheoirí breithe” agus i mír (k) (iii) trí “tuismitheoirí” a chur in ionad “tuismitheoirí breithe”.

Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht

104. Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“folaíonn ‘an dara bantuismitheoir’, i ndáil le leanbh, bean a chreideann gurb í féin an dara bantuismitheoir ar an leanbh.”.

Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht

105. Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.11 A.105

“(2) Chun críocha an ailt seo, ní fholáionn ‘caomhnóir’ tuismitheoir de chuid an linbh.”.

Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht

106. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 16:

“Ceart daoine go rachfar i gcomhairle leo

16. (1) Féadfaidh athair linbh nó an dara bantuismitheoir de chuid linbh, trí fhógra a thabhairt don Údarás, a chur in iúl don Údarás gur mian leis nó léi go rachfaí i gcomhairle leis nó léi—

(a) i ndáil le togra ag comhlacht creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, nó

(b) i ndáil le hiarratas ag máthair an linbh nó ag gaol leis an leanbh ar ordú uchtála i leith an linbh.

(2) Is i scríbhinn a bheidh fógra faoi fho-alt (1), agus beidh sé i cibé foirm agus beidh cibé faisnéis ann a shonróidh an tÚdarás agus féadfar é a thabhairt don Údarás roimh bhreith an linbh lena mbaineann.”.

Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht

107. Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “ó athair an linbh nó ón dara bantuismitheoir de chuid an linbh” a chur in ionad “ó athair an linbh”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir an ailt seo, ailt 18 agus 18A (arna chur isteach le *halt 109 d’Acht 2015*), i gcás ina mbeartóidh comhlacht creidiúnaithe leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe, roimh an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil, cibé bearta is indéanta le réasún chun dul i gcomhairle leis an athair nó leis an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh—

(a) chun an suíomh atá beartaithe a chur in iúl dó nó di,

(b) chun na himpleachtaí dlí agus na nósanna imeachta a bhaineann le huchtáil a mhíniú, agus

(c) chun a fhionnadh an bhfuil nó nach bhfuil agóid aige nó aici in aghaidh an tsuímh atá beartaithe.”,

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “I gcás go dtabharfaidh an t-athair nó an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh, le fios don chomhlacht creidiúnaithe” a chur in ionad “I gcás ina dtabharfaidh an t-athair le fios don chomhlacht creidiúnaithe”, agus

(ii) i mír (b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) fógra a thabhairt don athair nó don dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh, agus don mháthair i scríbhinn ar an modh forordaithe go bhfuil an suíomh á iarchur ag an gcomhlacht creidiúnaithe ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, ar tréimhse í nach lú ná 21 lá, dar tosach dáta an fhógra, chun deis a thabhairt don athair nó don dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh, iarratas a dhéanamh chun na cúirte faoi alt 6A nó 11(4) den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, agus”,

agus

(d) i bhfo-alt (5)(b), trí “ón athair nó ón dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “ón athair” agus “don athair nó don dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “don athair”.

Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht

108. Leasaítear alt 18 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “le hathair linbh nó leis an dara bantuismitheoir de chuid linbh, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “le hathair linbh”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “leis an athair nó leis an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “leis an athair”,
- (c) i bhfo-alt (3), trí “ag an athair nó ag an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh, leis an gcomhlacht creidiúnaithe lena léiriú go bhfuil agóid aige nó aici” a chur in ionad “ag an athair leis an gcomhlacht creidiúnaithe lena léiriú go bhfuil agóid aige”, agus
- (d) i bhfo-alt (4)—
 - (i) trí “idir an t-athair nó an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “idir an t-athair” agus “leis an athair nó leis an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “leis an athair”, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) imthosca ghiniúint an linbh, seachas i gcás gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh,”.

Ní cheanglaítear comhchomhairle a dhéanamh roimh shuíomh

109. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

“Ní cheanglaítear comhchomhairle a dhéanamh roimh shuíomh

18A. (1) I gcás go mbeartóidh comhlacht creidiúnaithe leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil agus go mbeidh fianaise tugtha ag máthair nó ag caomhnóir an linbh don chomhlacht creidiúnaithe—

- (a) gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh, agus

(b) nach bhfuil aon tuismitheoir eile ag an leanbh seachas an mháthair,

déanfaidh an comhlacht creidiúnaithe fianaise ar na nithe dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) a thabhairt don Údarás i cibé foirm agus ar cibé modh a shonróidh an tÚdarás.

(2) Más rud é, tar éis aon fhianaise arna tabhairt ag comhlacht creidiúnaithe faoi fho-alt (1) a bhreithniú, gur deimhin leis an Údarás maidir le leanbh a mbeartaíonn an comhlacht creidiúnaithe é nó í a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil—

(a) gur leanbh deontóir-ghinte é nó í, agus

(b) nach bhfuil aon tuismitheoir eile aige nó aici seachas an mháthair,

féadfaidh sé a údarú don chomhlacht creidiúnaithe sin an leanbh sin a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil.”.

Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht

110. Leasaítear alt 20 den Phríomh-Acht trí “lánúin phósta, lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht

111. Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “do thuismitheoirí” a chur in ionad “do thuismitheoirí breithe”.

Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht

112. Leasaítear alt 30 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo—

folaíonn ‘athair’, i ndáil le leanbh, duine a chreideann gurb é athair an linbh é;

folaíonn ‘an dara bantuismitheoir’, i ndáil le leanbh, bean a chreideann gurb í an dara bantuismitheoir de chuid an linbh í.”

(b) i bhfo-alt (2), trí “nach é nó í athair an linbh nó an dara bantuismitheoir de chuid an linbh é nó í” a chur in ionad “nach é athair an linbh é”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “le hathair an linbh nó leis an dara bantuismitheoir de chuid an linbh, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “le hathair an linbh”,

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) I gcás gur deimhin leis an Údarás faoi fho-alt (2) d’alt 18A i dtaobh na nithe dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) den fho-alt sin, féadfaidh sé an t-ordú uchtála a dhéanamh.”.

agus

(e) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “idir an t-athair nó an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “idir an t-athair” agus “leis an athair nó leis an dara bantuismitheoir, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “leis an athair”, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) imthosca ghiniúint an linbh, seachas i gcás gur leanbh deontóir-ghinte an leanbh,”.

Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht

113. Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) máthair an linbh, más rud é nach bhfuil na tuismitheoirí pósta le chéile, nó gur leanbh é nó í de chuid tuismitheoirí nach páirtnéirí sibhialta dá chéile iad, nuair a bheirtear an leanbh,”,

agus

(b) trí “lánúin phósta, lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta”.

Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht

114. Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a)—

(i) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) gur páirtnéirí sibhialta dá chéile atá ina gcónaí le chéile na hiarratasóirí,

(ib) gur lánúin chomhchónaitheach na hiarratasóirí,”,

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) gur tuismitheoir ar an leanbh nó gaol leis an leanbh an t-iarratasóir, nó”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é—

(a) maidir le hiarratasóir ar ordú uchtála, nó

(b) maidir le hiarratasóir ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, seachas iarratasóir is duine dá dtagraítear i mír (a) nó (c) d’alt 90(3),

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.11 A.114

gur páirtneir sibhialta é nó í de dhuine eile nach iarratasóir é nó í, ní dhéanfaidh an tÚdarás an t-ordú uchtála, ná ní aithneoidh sé an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, gan toiliú ó pháirtneir sibhialta an iarratasóra sin, arna thabhairt ar an modh a chinnfidh an tÚdarás mura rud é—

- (i) go bhfuil cónaí ar an iarratasóir agus páirtneir sibhialta an iarratasóra ar leithligh óna chéile faoi chomhaontú idirscartha,
- (ii) go bhfuil an t-iarratasóir tréigthe ag an bpáirtneir sibhialta, nó
- (iii) go bhfuil de thoradh ar iompar ag an bpáirtneir sibhialta go n-imíonn an t-iarratasóir ón bpáirtneir sibhialta, agus cúis chóir aige nó aici, agus go gcónaíonn sé nó sí ar leithligh agus scartha uaidh nó uaithi.

(3B) Más rud é—

- (a) maidir le hiarratasóir ar ordú uchtála, nó
- (b) maidir le hiarratasóir ar uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, seachas iarratasóir ar duine é nó í dá dtagraítear i mír (a) nó (c) d’alt 90(3),

gur comhchónaitheoir de chuid duine eile é nó í nach iarratasóir é nó í, ní dhéanfaidh an tÚdarás an t-ordú uchtála, ná ní aithneoidh sé an uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, gan toiliú ón duine eile sin arna thabhairt ar an modh a chinnfidh an tÚdarás.”,

(c) i bhfo-alt (4)—

- (i) i mír (a), trí “lánúin phósta, lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta”,

(ii) i mír (b):

- (I) trí “lánúin phósta, lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta”, agus
- (II) trí “agus gur tuismitheoir ar an leanbh” a chur in ionad “agus gurb í máthair an linbh nó gurb é athair an linbh”,

- (d) i bhfo-alt (5), trí “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad atá ina gcónaí le chéile nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile”, agus

- (e) i bhfo-alt (6), trí “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad atá ina gcónaí le chéile nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile”.

Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht

115. Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht trí “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad atá ina gcónaí le chéile nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile”.

Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht

116. Leasaítear alt 37 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí “lánúin phósta atá pósta le chéile, lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta atá pósta le chéile”.

Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht

117. Leasaítear alt 38 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “do gach tuismitheoir de chuid an linbh” a chur in ionad “do thuismitheoirí breithe an linbh”.

Leasú ar alt 40 den Phríomh-Acht

118. Leasaítear alt 40 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “duine, lánúine pósta atá pósta le chéile, lánúine ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad nó lánúine comhchónaithe” a chur in ionad “duine nó lánúine pósta atá pósta le chéile”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad atá ina gcónaí le chéile nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta a chónaíonn le chéile” i mír (a) agus “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad atá ina gcónaí le chéile nó lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile” i mír (b), agus

(c) i bhfo-alt (4), trí “an duine, na lánúine pósta, na bpáirtnéirí sibhialta nó na lánúine comhchónaithe” a chur in ionad “an duine nó na lánúine pósta”.

Leasú ar alt 41 den Phríomh-Acht

119. Leasaítear alt 41 den Phríomh-Acht trí “ag an duine, ag an lánúin phósta, ag na páirtnéirí sibhialta nó ag an lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “ag an duine nó ag an lánúin phósta”, “don duine, don lánúin phósta, do na páirtnéirí sibhialta nó don lánúin chomhchónaitheach” a chur in ionad “don duine nó don lánúin phósta” agus “an duine, na lánúine pósta, na bpáirtnéirí sibhialta nó na lánúine comhchónaithe” a chur in ionad “an duine nó na lánúine pósta”.

Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht

120. Leasaítear alt 43 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(da) an dara bantuismitheoir de chuid an linbh nó bean a chreideann gurb í an dara bantuismitheoir de chuid an linbh í;”,

agus

(ii) i mír (e), trí “aon chaomhnóir ar an leanbh” a chur in ionad “caomhnóir an linbh”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.11 A.120

“(6) San alt seo, folaíonn ‘caomhnóir’ aon chaomhnóir ar leanbh atá arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.”.

Leasú ar alt 58 den Phríomh-Acht

121. Leasaítear alt 58 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) measfar maidir le cearta agus dualgais tuismitheoirí agus leanaí i ndáil lena chéile—

(i) gur leanbh leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí, a rugadh dó, di nó dóibh de phósadh dleathach an leanbh lena mbaineann,

(ii) i gcás gur lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad na huchtaitheoirí, gur leanbh leis na huchtaitheoirí sin an leanbh lena mbaineann, nó

(iii) i gcás gur lánúin chomhchónaitheach na huchtaitheoirí, gur leanbh leis na huchtaitheoirí sin an leanbh lena mbaineann,”

agus

(b) i mír (b), trí “athair an linbh nó an dara bantuismitheoir de chuid an linbh, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “athair an linbh”.

Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht

122. Leasaítear alt 59 den Phríomh-Acht trí “tuismitheoirí” a chur in ionad “tuismitheoirí breithe” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht

123. Leasaítear alt 60 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí” a chur in ionad “na huchtaitheoirí”, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) dá mba leanbh leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí a rugadh dó, di nó dóibh de phósadh dleathach an duine uchtaithe;

(ii) i gcás gur lánúin ar páirtneirí sibhialta dá chéile iad na huchtaitheoirí, dá mba leanbh leis na huchtaitheoirí sin an duine uchtaithe; nó

(iii) i gcás gur lánúin chomhchónaitheach na huchtaitheoirí, dá mba leanbh leis na huchtaitheoirí sin an duine uchtaithe, agus”,

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (b), trí “tuismitheoir nó tuismitheoirí” a chur in ionad “tuismitheoir breithe nó tuismitheoirí breithe”, agus

(ii) i mír (c), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) (I) gur leanbh leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí a rugadh dó, di nó dóibh de phósadh dleathach, an duine uchtaithe;

(II) i gcás gur lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad na huchtaitheoirí, gur leanbh leis na huchtaitheoirí sin an duine uchtaithe; nó

(III) i gcás gur lánúin chomhchónaitheach na huchtaitheoirí, gur leanbh leis na huchtaitheoirí sin an duine uchtaithe, agus”,

(c) i bhfo-alt (4)—

(i) i bhfomhír (i), trí “lánfhola,” a chur in ionad “lánfhola, agus”, agus

(ii) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) i gcás inar páirtnéirí sibhialta dá chéile na huchtaitheoirí agus inar leanbh nó uchtleanbh leis an mbeirt pháirtnéirí sibhialta an duine eile, mar dheartháir lánfhola nó mar dheirfiúr lánfhola,

(ib) i gcás inar lánúin chomhchónaitheach na huchtaitheoirí agus inar leanbh nó uchtleanbh leis an lánúin sin an duine eile, mar dheartháir lánfhola nó mar dheirfiúr lánfhola, agus”,

agus

(d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) San alt seo, léifear tagairtí d’uchtaitheoirí a bheith ina lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d’uchtaitheoirí a bhí ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile an tráth a rinneadh an t-ordú uchtála lena mbaineann nó a aithníodh an uchtáil idir tíortha a rinneadh lasmuigh den Stát lena mbaineann, de réir mar a bheidh, ach nach bhfuil ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile a thuilleadh an tráth a dhiúscaítear an mhaoín lena mbaineann.

(9) San alt seo, léifear tagairtí d’uchtaitheoirí a bheith ina lánúin chomhchónaitheach mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d’uchtaitheoirí a bhí ina gcónaí le chéile mar lánúin chomhchónaitheach an tráth a rinneadh an t-ordú uchtála lena mbaineann nó a aithníodh an uchtáil idir tíortha a rinneadh lasmuigh den Stát lena mbaineann, de réir mar a bheidh, ach nach bhfuil ina gcónaí le chéile mar lánúin chomhchónaitheach a thuilleadh an tráth a dhiúscaítear an mhaoín lena mbaineann.

Leasú ar alt 61 den Phríomh-Acht

124. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 61:

- “**61.** Chun críocha dleachtanna stampa is inmhuirearaithe ar thíolacais nó ar aistrithe talún, measfar—
- (a) gur leanbh leis an uchtaitheoir nó leis na huchtaitheoirí, a rugadh dó, di nó dóibh de phósadh dleathach, duine uchtaithe,
- (b) i gcás gur lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad na huchtaitheoirí, gur leanbh leis na huchtaitheoirí a rugadh le linn do na huchtaitheoirí a bheith ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile, duine uchtaithe, nó
- (c) i gcás gur lánúin chomhchónaitheach na huchtaitheoi, gur leanbh leis na huchtaitheoirí, a rugadh le linn dóibh a bheith ina lánúin chomhchónaitheach, duine uchtaithe.”.

Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht

125. Leasaítear alt 62 den Phríomh-Acht trí “ar thuismitheoir de chuid” a chur in ionad “ar thuismitheoir breithe” agus “tuismitheoir de chuid” a chur in ionad “tuismitheoir breithe”.

Leasú ar alt 68 den Phríomh-Acht

126. Leasaítear alt 68 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(b) trí “ó thuismitheoir” a chur in ionad “ó thuismitheoir breithe”.

Leasú ar alt 69 den Phríomh-Acht

127. Leasaítear alt 69 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(b) trí “ó thuismitheoir” a chur in ionad “ó thuismitheoir breithe”.

Leasú ar alt 78 den Phríomh-Acht

128. Leasaítear alt 78 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(b) trí “ó thuismitheoir” a chur in ionad “ ó thuismitheoir breithe”.

Leasú ar alt 79 den Phríomh-Acht

129. Leasaítear alt 79 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(b) trí “ó thuismitheoir” a chur in ionad “ó thuismitheoir breithe”.

Leasú ar alt 97 den Phríomh-Acht

130. Leasaítear alt 97 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

- “(b) lena rialófar an chomhchomhairle a cheanglaítear leis an Acht seo a sheoladh le hathair linbh, nó leis an duine a chreideann gurb é athair an linbh é, nó leis an dara bantuismitheoir de chuid linbh, nó leis an duine a chreideann gurb í an dara bantuismitheoir de chuid an linbh í, sula ndéantar an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil nó sula ndéantar ordú uchtála i leith an linbh.”.

Leasú ar alt 125 den Phríomh-Acht**131.** Leasaítear alt 125 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)(b)—

(i) i bhfomhír (ii), trí “an leanbh é nó í,” a chur in ionad “an leanbh é nó í, nó”,

(ii) i bhfomhír (iii), trí “an linbh é nó í,” a chur in ionad “an linbh é nó í.”, agus

(iii) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

“(iv) gur páirtnéir sibhialta duine de thuismitheoirí an linbh é nó í, nó

(v) gur comhchónaitheoir duine de thuismitheoirí an linbh é nó í i gcás gur lánúin chomhchónaitheach an comhchónaitheoir agus an thuismitheoir sin.”,

agus

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (c), trí “an linbh é nó í,” a chur in ionad “an linbh é nó í, nó”, agus

(ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) gur páirtnéir sibhialta duine de thuismitheoirí an linbh é nó í,

(cb) gur comhchónaitheoir duine de thuismitheoirí an linbh é nó í i gcás gur lánúin chomhchónaitheach an comhchónaitheoir agus an thuismitheoir sin, nó”.

Leasú ar alt 144 den Phríomh-Acht**132.** Leasaítear alt 144 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an alt a ainmniú mar fho-alt (1), agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) San alt seo, folaíonn ‘caomhnóir’ aon chaomhnóir ar leanbh a bheidh arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.”.

Leasú ar alt 145 den Phríomh-Acht**133.** Leasaítear alt 145 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) San alt seo, folaíonn ‘caomhnóir’ aon chaomhnóir ar leanbh a bheidh arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964.”.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

Cd.11

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

- 134.** Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí “Stádas sibhialta (de réir bhrí alt 2(1) (arna leasú le halt 7 d’Acht 2010) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004) an uchtaitheora nó na n-uchtaitheoirí” a chur in ionad “Stádas pósta an uchtaitheora nó na n-uchtaitheoirí”.

CUID 12

LEASUITHE AR AN ACHT UM PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA AGUS UM CHEARTA AGUS
OIBLEAGÁIDÍ ÁIRITHE DE CHUID COMHCHÓNAITHEOIRÍ, 2010

Leasú ar alt 2 d’Acht 2010

- 135.** Leasaítear alt 2 d’Acht 2010 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘leanbh cleithiúnach’ leanbh—

(a) atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, nó

(b) atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn agus—

(i) atá, nó a bheidh nó, dá ndéanfaí ordú faoin Acht seo ag déanamh socrú le haghaidh íocaíochtaí tréimhsiúla chun é nó í a chothú, a bheadh ag fáil oideachas nó teagasc lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó bunachas oideachais eile agus atá faoi bhun 23 bliana d’aois, nó

(ii) a bhfuil an oiread sin de mhíchumas meabhrach nó coirp air nó uirthi nach féidir leis nó léi le réasún é féin nó í féin a chothabháil go hiomlán;

ciallaíonn ‘leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta’, i ndáil le lánúin ar páirtnéirí sibhialta dá chéile iad, nó le ceachtar de na páirtnéirí sibhialta sin, leanbh cleithiúnach—

(a) leis an mbeirt pháirtnéirí sibhialta, nó atá uchtaithe ag an mbeirt pháirtnéirí sibhialta faoin Acht Uchtála 2010, nó a bhfuil an bheirt pháirtnéirí sibhialta in *loco parentis* i ndáil leis nó léi, nó

(b) le ceachtar páirtnéir sibhialta, nó atá uchtaithe ag ceachtar páirtnéir sibhialta faoin Acht Uchtála, 2010, nó a bhfuil ceachtar páirtnéir sibhialta in *loco parentis* i ndáil leis nó léi, i gcás gur chaith an páirtnéir sibhialta eile leis an leanbh, agus a fhios aige nó aici nach é nó í tuismitheoir an linbh é nó í, mar dhuine den teaghlach;”.

Leasú ar alt 29 d’Acht 2010

- 136.** Leasaítear alt 29 d’Acht 2010 i bhfo-alt (2) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) na riachtanais agus na hacmhainní faoi seach atá ag na páirtnéirí sibhialta agus ag aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, agus”.

Leasú ar alt 30 d'Acht 2010**137.** Leasaítear alt 30 d'Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “an t-iarratasóir nó leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a chur ó chónaí a bheith aige nó aici” a chur in ionad “an t-iarratasóir a chur ó chónaí a bheith aige nó aici”, agus
- (ii) trí “ar mhaithe leis an iarratasóir nó leis an leanbh sin” a chur in ionad “ar mhaithe leis an iarratasóir”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “an t-iarratasóir nó leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta ó chónaí a bheith aige nó aici” a chur in ionad “an t-iarratasóir ó chónaí a bheith aige nó aici”, agus
- (ii) trí “mar chúiteamh don iarratasóir nó don leanbh sin” a chur in ionad “mar chúiteamh don iarratasóir”.

Leasú ar alt 34 d'Acht 2010**138.** Leasaítear alt 34 d'Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1), trí “go bhfágfadh sé go mbeadh sé deacair ag an iarratasóir nó ag leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta cónaí” a chur in ionad “go bhfágfadh sé go mbeadh sé deacair ag an iarratasóir cónaí”, agus

(b) i bhfo-alt (4)—

- (i) trí “d’fhonn an t-iarratasóir nó leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a chur” a chur in ionad “d’fhonn an t-iarratasóir a chur”,
- (ii) i mír (b), trí “go mbeadh sé deacair ag an iarratasóir nó ag leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta cónaí” a chur in ionad “go mbeadh sé deacair ag an iarratasóir cónaí”.

Leasú ar alt 43 d'Acht 2010

139. Leasaítear alt 43 d'Acht 2010 i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “creidiúnaí cothabhála”, trí “an duine a rinne iarratas” a chur in ionad “an páirtnéir sibhialta a rinne iarratas”.

Leasú ar alt 45 d'Acht 2010**140.** Leasaítear alt 45 d'Acht 2010—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) (a) Faoi réir fho-alt (3), i gcás go ndealraíonn sé don chúirt, ar iarratas chuici ó pháirtnéir sibhialta, gur mhainnigh an páirtnéir sibhialta eile cothabháil is cuí sna himthosca a sholáthar don pháirtnéir sibhialta iarrthach agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí

sibhialta, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh go n-íocfaidh an páirtneir sibhialta eile leis an iarratasóir íocaíochtaí tréimhsiúla chun an t-iarratasóir agus an leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta a chothabháil, ar feadh na tréimhse le linn don iarratasóir a bheith beo, de cibé méid agus ag na tráthanna is cuí leis an gcúirt.

(b) Faoi réir fho-alt (3), i gcás páirtneir sibhialta—

- (i) a bheith éagtha,
- (ii) a bheith tar éis an páirtneir sibhialta eile a thréigean nó a bheith tréigthe ag an bpáirtneir sibhialta eile, nó
- (iii) a bheith ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh agus scartha ón bpáirtneir sibhialta eile,

agus gurb ann do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta (nach leanbh atá á chothabháil nó á cothabháil go hiomlán ag ceachtar páirtneir sibhialta), ansin, más dealraitheach don chúirt, ar aon duine do dhéanamh iarratas chuici, go bhfuil mainnithe ag an bpáirtneir sibhialta marthanach nó, de réir mar a bheidh, ag ceachtar páirtneir sibhialta, an chothabháil sin is cuí sna himthosca a sholáthar don leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh go n-íocfaidh an páirtneir sibhialta sin leis an duine sin íocaíochtaí tréimhsiúla chun an leanbh cleithiúnach a chothabháil, ar feadh na tréimhse le linn don duine sin a bheith beo, de cibé méid agus ag cibé tráthanna is cuí leis an gcúirt.

(c) Sonrófar in ordú cothabhála nó in ordú athrúcháin gach cuid d'íocaíocht faoin ordú ar chun leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta a chothú í agus féadfar an tréimhse le linn don duine a d'iarr an t-ordú a bheith beo, a shonrú ann a ndéanfar an oiread sin d'íocaíocht faoin ordú, ar chun leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta a chothú é, a íoc ina leith.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh ordú cothabhála a dhéanamh agus, má thugann sí breith é a dhéanamh, le linn di méid aon íocaíochta a chinneadh, beidh aird aici ar imthosca uile an cháis, lena n-áirítear—

(a) ioncam, cumas tuillimh, maoin agus acmhainní airgeadais eile—

- (i) na bpáirtneirí sibhialta agus aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtneirí sibhialta, agus
- (ii) aon linbh chleithiúnaigh eile ar tuismitheoir air nó uirthi ceachtar páirtneir sibhialta,

lena n-áirítear ioncam nó sochair chun a bhfuil teideal le reacht nó faoi reacht ag ceachtar páirtneir sibhialta nó ag aon leanbh den sórt sin chucu

ar leith ó shochar nó liúntas nó ó aon mhéadú ar shochar nó liúntas den sórt sin i leith aon leanbh cleithiúnach a deonafódh do cheachtar tuismitheoir ar an leanbh sin,

(b) freagrachtaí airgeadais agus freagrachtaí eile—

(i) na bpáirtnéirí sibhialta i leith a chéile nó i leith aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta agus riachtanais aon linbh den sórt sin, lena n-áirítear an riachtanas maidir le haire agus aireachas,

(ii) gach páirtnéara shibhialta mar thuismitheoir i leith aon leanbh cleithiúnach eile, agus riachtanais aon linbh den sórt sin, lena n-áirítear an riachtanas maidir le haire agus aireachas, agus

(iii) gach duine de na páirtnéirí sibhialta i leith aon iarchéile nó iarpháirtnéir sibhialta,

agus

(c) i ndáil le hordú cothabhála nó cuid d’ordú cothabhála chun sochair don pháirtnéir sibhialta, iompar gach duine de na páirtnéirí sibhialta, más iompar é sin a mbeadh sé éagórach, i dtuairim na cúirte, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt air.”.

Leasú ar alt 46 d’Acht 2010

141. Leasaítear alt 46 d’Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1), trí “an duine ar dá chothabháil nó dá cothabháil a dhéanann sé socrú” a chur in ionad “an creidiúnaí cothabhála”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Beidh an chuid sin d’ordú cothabhála a dhéanann socrú chun leanbh cleithiúnach a chothabháil arna hurscaoileadh nuair a scoirfidh an leanbh de bheith ina leanbh cleithiúnach mar gheall ar 18 mbliana d’aois nó 23 bliana d’aois, de réir mar a bheidh, a shlánú dó nó di, agus urscaoilfidh an chúirt í, ar iarratas a dhéanamh chuici faoi fho-alt (1) nó (2), más deimhin léi go bhfuil scortha ar chúis ar bith ag an leanbh de bheith ina leanbh cleithiúnach chun críocha an ordaithe.

(5) Ní foras é tréigean, nó aon iompar, ag páirtnéir sibhialta chun aon chuid d’ordú cothabhála a urscaoileadh nó a athrú is ordú a dhéanann socrú chun leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a chothabháil.”.

Leasú ar alt 47 d’Acht 2010

142. Leasaítear alt 47 d’Acht 2010 trí “riachtanais na ndaoine ar dá gcothabháil a bheifear ag iarraidh an ordaithe cothabhála agus imthosca eile an cháis” a chur in ionad “riachtanais an iarratasóra agus imthosca eile an cháis”.

Leasú ar alt 48 d’Acht 2010

143. Leasaítear alt 48 d’Acht 2010—

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.12 A.143

- (a) i bhfo-alt (1), trí “leasanna na bpáirtnéirí sibhialta agus aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “leasanna na bpáirtnéirí sibhialta”,
- (b) i bhfo-alt (2)(a), trí “an pháirtnéara shibhialta eile nó aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta nó i leith chothabháil an pháirtnéara shibhialta eile sin agus aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta araon” a chur in ionad “an pháirtnéara shibhialta eile”, agus
- (c) i bhfo-alt (3), trí “ailt 50 agus 51, Chuid 6 agus alt 140” a chur in ionad “alt 50, Chuid 6 agus alt 140”.

Leasú ar alt 51 d’Acht 2010

144. Leasaítear alt 51 d’Acht 2010—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “ar ordú cothabhála nó ordú athrúcháin a dhéanamh” a chur in ionad “ar ordú cothabhála faoi alt 45 a dhéanamh”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndéanann an chúirt ordú faoi fho-alt (1) atá chun sochair do leanbh, féadfaidh an chúirt an modh ar a ndéanfar, nó an cuspóir dá ndéanfar, an íocaíocht nó na híocaíochtaí dá dtagraítear san fho-alt sin a úsáid, lena n-áirítear cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil don leanbh lena mbaineann an t-ordú, a shonrú san ordú.”.

Leasú ar alt 52 d’Acht 2010

145. Leasaítear alt 52 d’Acht 2010 trí “ar ordú cothabhála nó ordú athrúcháin a dhéanamh” a chur in ionad “ar ordú cothabhála faoi alt 45 a dhéanamh”.

Mainneachtain íocaíochtaí a dhéanamh agus deimhniú íocaíochtaí neamhíoctha

146. Leasaítear Acht 2010 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i gCuid 5 i ndiaidh alt 52:

“Is díspeagadh cúirte mainneachtain íocaíochtaí a dhéanamh.

52A. (1) Faoi réir an ailt seo, is díspeagadh cúirte é féichiúnaí cothabhála do mhainneachtain íocaíocht a dhéanamh a bheidh dlíte faoi réamhordú.

(2) Maidir le díspeagadh cúirte a eascróidh de bhun an ailt seo, beidh ag breitheamh den Chúirt Dúiche, faoi réir an ailt seo, cibé cumhachtaí, lena n-áirítear an chumhacht chun smachtbhanna a fhorchur, is infheidhmithe ag breitheamh den Ard-Chúirt i ndáil le díspeagadh cúirte in imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte.

(3) Más rud é nach mbeidh íocaíocht faoi réamhordú arna dhéanamh ag an gCúirt Dúiche déanta, féadfaidh an creidiúnaí cothabhála iarratas a dhéanamh chuig cléireach na Cúirte Dúiche lena mbaineann chun toghairm a eisiúint á ordú don fhéichiúnaí cothabhála láithriú os comhair na Cúirte Dúiche.

(4) Maidir le toghairm dá dtagraítear i bhfo-alt (3)—

- (a) is é nó is í cléireach na Cúirte Dúiche lena mbaineann a eiseoidh í,
 - (b) beidh inti ráiteas ina ndéarfur gur díspeagadh cúirte é mainneachtain íocaíocht a dhéanamh de réir an ordaithe lena mbaineann agus ina dtabharfar mionsonraí i dtaobh iarmhairtí chinnidh ón gcúirt go ndearnadh díspeagadh cúirte, lena n-áirítear, go háirithe, go bhféadfai príosúnacht a ghearradh,
 - (c) déarfur inti go bhféadfai an féichiúnaí cothabhála a ghabháil má mhainníonn sé nó sí láithriú os comhair na Cúirte Dúiche mar a ordáíodh sa toghairm, agus
 - (d) seirbheálfai í ar an bhféichiúnaí cothabhála go pearsanta, nó ar cibé slí eile a údaróidh breitheamh den Chúirt Dúiche.
- (5) Má mhainníonn an féichiúnaí cothabhála, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte de réir na toghairme, déanfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ón gcreidiúnaí cothabhála, más deimhin leis nó léi gur seirbheáladh an toghairm ar an bhféichiúnaí, barántas a eisiúint chun an féichiúnaí cothabhála a ghabháil.
- (6) Déanfar féichiúnaí cothabhála a ghabhfai de bhun barántas arna eisiúint faoi fho-alt (5), a thabhairt, a luaithe is indéanta, os comhair na Cúirte Dúiche.
- (7) I gcás go ndéanfar féichiúnaí cothabhála a ghabháil agus a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche faoi fho-alt (6), socróidh an breitheamh dáta nua chun an toghairm a éisteacht, agus ordóidh sé nó sí go ndéanfaidh an Chúirt Dúiche an dáta a bheidh socraithe amhlaidh a chur in iúl don chreidiúnaí trí fhógra i scríbhinn, agus míneoidh sé nó sí don fhéichiúnaí i ngnáthchaint—
- (a) go gceanglaítear air nó uirthi freastal os comhair na cúirte ar an gcéad dáta eile a bheidh socraithe chun an toghairm a éisteacht,
 - (b) go bhféadfadh sé gur díspeagadh cúirte ann féin é mainneachtain freastal, agus iarmhairtí an díspeagtha sin, lena n-áirítear go háirithe go bhféadfaí príosúnacht a ghearradh, agus, maidir leis an díspeagadh sin agus leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh leanúint as, gur iarmhairtí iad sa bhreis ar na hiarmhairtí a eascraíonn mar gheall ar mhainneachtain íocaíocht a dhéanamh faoin réamhordú, agus
 - (c) go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.
- (8) Ag éisteacht na toghairme, sula ndéanfaidh an breitheamh fianaise ó aon pháirtí a éisteacht, míneoidh sé nó sí don fhéichiúnaí i ngnáthchaint—
- (a) na hiarmhairtí, agus go háirithe go bhféadfaí príosúnacht a ghearradh, a d'fhéadfadh leanúint as mainneachtain íocaíocht a dhéanamh de réir réamhordú, agus
 - (b) mura mbeidh sé curtha in iúl don fhéichiúnaí cothabhála faoi fho-alt (7), go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas ar chomhairle dlí agus ar

chúnamh dlíthiúil a dhéanamh faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

- (9) Ar an toghairm a éisteacht, tar éis na mínithe dá dtagraítear i bhfo-alt (8) a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála, tar éis deis a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh agus tar éis cibé fianaise a bheidh tugtha ar aird ag an gcreidiúnaí cothabhála agus ag an bhféichiúnaí cothabhála a éisteacht, más deimhin leis an mbreitheamh nach ndearnadh an íocaíocht lena mbaineann, agus—

- (a) gurb é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh—

- (i) éagumas an fhéichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar gheall ar athrú ar a himthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharla ón tráth deireanach a rinneadh an réamhordú nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), nó

- (ii) cúis éigin eile nach bhfuil inchurtha i leith aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,

féadfaidh an breitheamh, má chreideann sé nó sí go bhfeabhsófaí an dóchúlacht go ndéanfaí an íocaíocht lena mbaineann laistigh de thréimhse réasúnach, dá ndéanfaí amhlaidh, an éisteacht a chur ar atráth—

- (I) chun a chumasú an íocaíocht neamhíoctha a dhéanamh, nó

- (II) chun a chumasú iarratas a dhéanamh ar ordú astaithe tuillimh faoi alt 53,

- (b) gurb é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh, éagumas an fhéichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh, mar gheall ar athrú ar a himthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharla ón tráth deireanach a rinneadh an réamhordú nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), féadfaidh an breitheamh, i gcás gurbh í an Chúirt Dúiche a rinne an réamhordú, déileáil leis an éisteacht mar iarratas ar an réamhordú a athrú, agus tar éis fianaise maidir le himthosca airgeadais an fhéichiúnaí cothabhála agus an chreidiúnaí cothabhála araon a éisteacht, féadfaidh an breitheamh ordú a dhéanamh ag athrú an réamhordaithe.

- (10) Más rud é, ar an toghairm a éisteacht, tar éis na mínithe dá dtagraítear i bhfo-alt (8) a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála, tar éis deis a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh agus tar éis cibé fianaise a bheidh tugtha ar aird ag an gcreidiúnaí cothabhála agus ag an bhféichiúnaí cothabhála a éisteacht, gur deimhin leis an mbreitheamh nach ndearnadh an íocaíocht lena mbaineann, agus nár bh é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh—

- (a) éagumas an fhéichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar gheall ar athrú ar a imthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharla ón tráth deireanach a rinneadh an réamhordú, nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), nó
 - (b) cúis éigin eile nach bhfuil inchurtha i leith aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,
- féadfaidh an breitheamh déileáil leis an mainneachtain ag an bhféichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar dhíspeagadh cúirte agus féadfaidh an breitheamh déileáil leis an ní dá réir sin.
- (11) I gcás nach bhfreastalaíonn féichiúnaí cothabhála lena mbaineann fo-alt (7) i gcúirt an dáta a shocraítear chun an toghairm a éisteacht, féadfaidh an breitheamh déileáil leis an mainneachtain sin freastal i gcúirt mar dhíspeagadh cúirte, agus féadfaidh an breitheamh déileáil leis an ní dá réir sin.
 - (12) San alt seo, ciallaíonn ‘imthosca airgeadais’, i ndáil le duine—
 - (a) méid ioncaim bhliantúil an duine,
 - (b) luach comhiomlán na maoine uile (réadúil agus pearsanta) ar leis an duine í,
 - (c) comhiomlán dhliteanais uile an duine lena n-áirítear aon dualgas (morálta nó dlíthiúil) soláthar airgeadais a dhéanamh do dhaoine ina theaghlach nó ina teaghlach nó do dhaoine eile,
 - (d) comhiomlán an airgid uile a bheidh ag dul don duine, na dátaí a thiocfaidh sé chun bheith iníoctha, agus an dóchúlacht go n-íocfar é, agus
 - (e) cibé imthosca eile is cuí leis an gcúirt.
 - (13) Ní bheidh feidhm ag an alt seo mura rud é go ndearna an Chúirt Dúiche iarbhair an réamhordú lena mbaineann.

Deimhniú íocaíochtaí neamhíoctha

52B. Más rud é, de bhun alt 50, go ndearna cúirt ordú cothabhála, ordú athrúcháin nó ordú eatramhach agus gur ordaigh sí go ndéanfaí íocaíochtaí faoin ordú le cléireach na Cúirte Dúiche, in aon imeachtaí faoin Acht seo nó faoi na hAchtanna um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 go 2009, beidh deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag cléireach na Cúirte Dúiche iomchuí maidir leis an méid airgid a bheidh neamhíoctha ar scór an ordaithe sin, go dtí go suífear a mhalairt, ina fhianaise ar na nithe a luaitear sa deimhniú.”.

Caiteachais i ndáil le breith agus sochraid linbh chleithiúnaigh

147. Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i gCuid 7 i ndiaidh alt 67:

“Caiteachais i ndáil le breith agus sochraid linbh chleithiúnaigh.

67A. (1) Féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh (dá ngairtear ‘ordú cnapshuime’ san alt seo) i gcás gur dealraitheach don chúirt ar iarratas ó pháirtneír sibhialta i ndáil le leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneírí sibhialta go bhfuil mainnithe ag an bpáirtneír sibhialta eile an ranníoc sin is cuí sna himthosca a dhéanamh faoi chomhair na gcaiteachas a ghabh le ceachtar díobh seo a leanas nó leo araon—

- (a) breith linbh ar leanbh cleithiúnach é nó í nó ar leanbh cleithiúnach a bheadh ann nó inti dá mbeadh sé nó sí beo tráth an iarratais ar ordú cnapshuime,
- (b) sochraid linbh ar leanbh cleithiúnach é nó í nó ar leanbh cleithiúnach a bheadh ann nó inti dá mbéarfaí beo é nó í,

agus in aon ordú cnapshuime ordófar don pháirtneír sibhialta is freagróir cnapshuim nach mó ná €4,000 a íoc leis an iarratasóir, ach ní ordófar in aon ordú den sórt sin go n-íocfaí méid is mó ná €2,000 maidir le breith linbh lena mbaineann an t-alt seo ná €2,000 maidir le sochraid linbh den sórt sin.

- (2) Beidh feidhm ag fo-alt (3) d’alt 45 chun méid aon chnapshuime faoin alt seo a chinneadh amhail mar atá feidhm aige chun méid aon íocaíochta faoin alt sin a chinneadh.
- (3) (a) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo, cé is moite den fho-alt seo, dochar d’aon cheart atá ag duine airgead a caitheadh i ndáil le breith nó sochraid linbh a ghnóthú ar shlí eile.
- (b) I gcás cinneadh a bheith déanta ar iarratas ar ordú cnapshuime, ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal airgead a ghnóthú ar shlí eile ón bhfreagróir i ndáil le nithe a cinneadh amhlaidh.”.

Coimeád leanaí cleithiúnacha de chuid páirtneírí sibhialta tar éis foraithe neamhnithe

148. Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i gCuid 11 i ndiaidh alt 108:

“Coimeád leanaí cleithiúnacha de chuid páirtneírí sibhialta tar éis foraithe neamhnithe

108A. I gcás go ndeonaíonn an chúirt foraithe neamhnithe, féadfaidh sí a dhearbhuí gur páirtneír sibhialta neamhoiriúnach ceachtar de na páirtneírí sibhialta lena mbaineann chun aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneírí sibhialta atá faoi bhun 18 mbliana d’aois a bheith ina choimeád nó ina coimeád agus, má dhéanann sí amhlaidh agus más tuismitheoir ar aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneírí sibhialta atá faoi bhun 18 mbliana d’aois an páirtneír sibhialta lena mbaineann an dearbhú, ní bheidh an páirtneír sibhialta sin, ar bhás an pháirtneóra sibhialta eile, i dteideal, de cheart, coimeád an linbh sin a bheith aige nó aici.

Leasú ar alt 109 d'Acht 2010**149.** Leasaítear alt 109 d'Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) sa mhíniú ar “ordú cnapshuime”, trí “faoi mhír (c) nó (ca) d’alt 117(1)” a chur in ionad “faoi alt 117(1)(c)”,

(ii) sa mhíniú ar “ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla”, trí “faoi mhír (a) nó (aa) d’alt 117(1)” a chur in ionad “faoi alt 117(1)(a)”,

(iii) sa mhíniú ar “ordú um íocaíochtaí tréimhsiúla urraithe”, trí “faoi mhír (b) nó (ba) d’alt 117(1)” a chur in ionad “faoi alt 117(1)(b)”, agus

(iv) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 1964’ an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964;”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (b), trí “faoi gCuid seo,” a chur in ionad “faoi gCuid seo, agus”,

(ii) i mír (c), trí “faoi gCuid seo, agus” a chur in ionad “faoi gCuid seo.”, agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) folaíonn tagairt d’iarratas chun cúirte ó dhuine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta tagairt d’iarratas den sórt sin ó leanbh den sórt sin, agus folaíonn tagairt d’íocaíocht le duine, d’íocaíocht le duine a urrú, nó do leas a shannadh do dhuine, chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta tagairt d’íocaíocht le leanbh den sórt sin, d’íocaíocht le leanbh den sórt sin a urrú, nó do leas a shannadh do leanbh den sórt sin.”.

Leasú ar alt 110 d'Acht 2010**150.** Leasaítear Acht 2010 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 110:

“110. (1) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta, foraithe scaoilte a dheonú i leith páirtnéireacht shibhialta, más deimhin léi—

(a) ar dháta tionscanta na n-imeachtaí, go raibh cónaí ar na páirtnéirí sibhialta ar leithligh óna chéile ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad, nó ar feadh tréimhsí ar dhá bhliain ar a laghad a bhí iontu san iomlán, le linn na dtrí bliana roimhe sin, agus

(b) go bhfuil soláthar ann nó go ndéanfar soláthar do na páirtnéirí sibhialta agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, ar soláthar é a mheasann an chúirt is cuí ag féachaint do na himthosca.

- (2) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú, féadfaidh an chúirt, más cuí, cibé ordacháin a thabhairt faoi alt 11 d’Acht 1964 a mheasfaidh sí is cóir maidir le leas (de réir bhrí an Achta sin) nó coimeád linbh chleithiúnaigh, nó ceart rochtana ar leanbh cleithiúnach, de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann atá faoi bhun 18 mbliana d’aois amhail is dá mbeadh iarratas déanta chuici chuige sin faoin alt sin.”.

Leasú ar alt 113 d’Acht 2010

151. Leasaítear alt 113 d’Acht 2010—

- (a) tríd an alt a ainmniú mar fho-alt (1), agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Chun amhras a sheachaint, dearbhaítear, leis seo, nach ndéanfaidh deonú foraithe scaoilte difear do chearta tuismitheoirí linbh, faoi alt 6 nó 6B d’Acht 1964, chun bheith ina gcaomhnóirí i gcomhpháirt ar an leanbh.”.

Leasú ar alt 115 d’Acht 2010

152. Leasaítear alt 115 d’Acht 2010—

- (a) i mír (a), trí “den Acht seo;” a chur in ionad “den Acht seo; agus”,
- (b) i mír (b), trí “nó faoi alt 34; agus” a chur in ionad “nó faoi alt 34.”, agus
- (c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) ordú faoi alt 11 d’Acht 1964.”.

Leasú ar alt 116 d’Acht 2010

153. Leasaítear alt 116 d’Acht 2010—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go ndéantar iarratas chun na cúirte ar fhoraithe scaoilte, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh lena gceanglaítear ar cheachtar páirtnéir sibhialta íocaíochtaí tréimhsiúla nó íocaíochtaí cnapshuime a dhéanamh leis an duine eile chun é nó í a chothú agus, más cuí, cibé íocaíochtaí tréimhsiúla chun sochair d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta is cuí leis an gcúirt agus a shonraíonn sí san ordú a dhéanamh le cibé duine a bheidh sonraithe san ordú.”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Féadfaidh an chúirt a fhoráil go mbeidh íocaíochtaí faoin alt seo faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi agus a shonraíonn sí san ordú.”.

Leasú ar alt 117 d’Acht 2010

154. Leasaítear alt 117 d’Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “ag ceachtar duine de na páirtneirí sibhialta lena mbaineann nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta” a chur in ionad “ag ceachtar páirtneir sibhialta”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtneir sibhialta le cibé duine a bheidh sonraithe san ordú na híocaíochtaí tréimhsiúla chun sochair d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta de réir na méideanna, le linn na tréimhse agus ag na tráthanna a shonrófar san ordú;”,

(iii) i mír (b), trí “chun sástacht na cúirte;” a chur in ionad “chun sástacht na cúirte; agus”,

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtneir sibhialta na híocaíochtaí tréimhsiúla chun sochair d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta de réir na méideanna, le linn na tréimhse agus ag na tráthanna a shonrófar san ordú a urrú do cibé duine a bheidh sonraithe san ordú chun sástacht na cúirte;”,

(v) i mír (c), trí “a shonrófar san ordú; agus” a chur in ionad “a shonrófar san ordú.”,

(vi) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) ordú go ndéanfaidh ceachtar páirtneir sibhialta íocaíocht chnapshuime nó íocaíochtaí cnapshuime chun sochair d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta le cibé duine a shonrófar san ordú de réir an mhéid nó de réir na méideanna agus ag an tráth nó ag na tráthanna a shonrófar san ordú.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh an chúirt a ordú do pháirtneir sibhialta cnapshuim a íoc—

(a) leis an bpáirtneir sibhialta eile chun freastal d’aon dliteanais nó caiteachais a thabhaigh an páirtneir sibhialta eile go réasúnach chun é féin nó í féin nó aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta a chothabháil sula ndéanfaidh an páirtneir sibhialta eile iarratas ar ordú faoi fho-alt (1), nó

(b) le cibé duine a shonrófar san ordú chun freastal d’aon dliteanais nó caiteachais arna dtabhú ag leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtneirí sibhialta nó chun sochair dó nó di sula ndéanfar iarratas thar ceann an linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtneirí sibhialta ar ordú faoi fho-alt (1).”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cónais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] CD.12 A.154

“(4A) Tosóidh an tréimhse a shonraítear in ordú faoi fho-alt (1)(aa) nó (ba) tráth nach luaithe ná an dáta a dhéantar an t-iarratas ar an ordú agus críochnóidh sí tráth nach déanaí ná bás an pháirtnéara sibhialta ar ina choinne nó ina coinne a rinneadh an t-ordú nó bás an linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú, cibé acu is túisce a tharlóidh.”,

agus

(d) i bhfo-alt (7), trí “faoi mhír (a) nó (aa) d’fho-alt (1)” a chur in ionad “faoi fho-alt (1)(a)” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 118 d’Acht 2010

155. Leasaítear alt 118 d’Acht 2010 i bhfo-alt (1)—

- (a) trí “ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “ag ceachtar páirtnéir sibhialta”,
- (b) i mír (a), trí “chuig an bpáirtnéir sibhialta eile, chuig aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta nó chuig aon duine sonraithe eile chun sochair do leanbh den sórt sin” a chur in ionad “chuig an bpáirtnéir sibhialta eile”,
- (c) i mír (b), trí “chun sochair don pháirtnéir sibhialta eile agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta nó d’aon duine nó do gach duine de na daoine sin”, a chur in ionad “chun sochair don pháirtnéir sibhialta eile”, agus
- (d) i mír (c), trí “chun sochair do dhuine de na páirtnéirí sibhialta agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta nó d’aon duine nó do gach duine de na daoine sin” a chur in ionad “chun sochair do dhuine de na páirtnéirí sibhialta”.

Leasú ar alt 119 d’Acht 2010

156. Leasaítear alt 119 d’Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “ag ceachtar páirtnéir sibhialta”,

(ii) i mír (d), trí “le Cuid 9;” a chur in ionad “le Cuid 9; agus”,

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) ordú faoi alt 31 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009; agus”,

agus

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) ordú faoi alt 11 d’Acht 1964”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “leas na bpáirtnéirí sibhialta agus aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “leas na bpáirtnéirí sibhialta”, agus
- (ii) i mír (b), trí “ar an bpáirtnéir sibhialta eile agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “ar an bpáirtnéir sibhialta eile”.

Leasú ar alt 120 d’Acht 2010

157. Leasaítear alt 120 d’Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ordú, ar iarratas ó cheachtar páirtnéir sibhialta, lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile polasaí árachais saoil a bhaint amach chun sochair don pháirtnéir sibhialta iarrthach nó do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta;”,

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) ordú, ar iarratas ó dhuine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, lena gceanglaítear ar cheachtar páirtnéir sibhialta polasaí árachais saoil den sórt sin a bhaint amach chun sochair don leanbh cleithiúnach;”,

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) ordú, ar iarratas ó pháirtnéir sibhialta amháin, lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile an leas iomlán, nó cuid shonraithe den leas, i bpolasaí árachais saoil a bheidh bainte amach ag an bpáirtnéir sibhialta eile nó a bheidh bainte amach ag gach duine de na páirtnéirí sibhialta a shannadh don pháirtnéir sibhialta iarrthach nó do cibé duine a bheidh sonraithe san ordú chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta;”,

(v) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) ordú, ar iarratas ó dhuine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, lena gceanglaítear ar cheachtar páirtnéir sibhialta nó ar gach duine de na páirtnéirí sibhialta an leas iomlán, nó cuid shonraithe den leas, i bpolasaí árachais saoil a bheidh bainte amach ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó a bheidh bainte amach ag gach duine de na páirtnéirí sibhialta a shannadh do dhuine a bheidh sonraithe san ordú chun sochair don leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta”,

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.12 A.157

agus

(vi) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) ordú—

(i) ar iarratas ó pháirtnéir sibhialta, lena gceanglaítear ar an bpáirtnéir sibhialta eile, nó

(ii) ar iarratas ó dhuine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, lena gceanglaítear ar cheachtar páirtnéir sibhialta nó ar gach duine de na páirtnéirí sibhialta,

na híocaíochtaí a dhéanamh, nó leanúint dá ndéanamh, leis an duine a eisíonn nó a d’eisigh polasaí árachais saoil, ar íocaíochtaí iad a gceanglaítear air nó uirthi nó ar gach duine de na páirtnéirí sibhialta iad a dhéanamh faoi théarmaí an pholasaí.”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a), trí “an pháirtnéara shibhialta iarrthaigh nó an linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “an iarratasóra”, agus

(ii) i mír (b), trí “ag an bpáirtnéir sibhialta iarrthach nó ag an leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “ag an iarratasóir”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “don pháirtnéir sibhialta lena mbaineann nó d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann” a chur in ionad “don pháirtnéir sibhialta lena mbaineann”, agus

(d) i bhfo-alt (4), trí “d’éifeacht a bheith leis, a mhéid a bhaineann sé leis an bpáirtnéir sibhialta iarrthach ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú, ar an bpáirtnéir sibhialta iarrthach sin do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta nua, do phósadh nó d’fháil bháis” a chur in ionad “d’éifeacht a bheith leis ar an iarratasóir do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta nua, do phósadh nó d’fháil bháis”.

Leasú ar alt 121 d’Acht 2010

158. Leasaítear alt 121—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth eile tar éis í a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, le linn don pháirtnéir sibhialta is comhalta a bheith beo, ordú a dhéanamh lena ndéantar socrú go n-íocfar sochar, de réir an ailt seo agus ailt 122 go 126—

(a) leis an bpáirtnéir sibhialta eile, nó

- (b) le duine a bheidh sonraithe san ordú chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta fad a leanfaidh an leanbh sin de bheith ina leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta,

ar sochar é arb é atá ann an chuid den sochar is iníoctha (nó ab iníoctha, mura mbeadh go ndearnadh an fhoraithe) faoin scéim agus a bheidh fabhraithe tráth déanta na foraithe, nó an chuid den chuid sin is cuí leis an gcúirt.”,

- (b) i bhfo-alt (3)(b), trí “leis an bpáirtnéir sibhialta eile nó leis an duine thar ceann an linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “leis an bpáirtnéir sibhialta eile”,

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Ar fhoraithe scaoilte a dheonú nó aon tráth laistigh de bhliain amháin tar éis í a dheonú, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici chuige sin ag ceachtar páirtnéir sibhialta nó ag duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, ordú a dhéanamh lena ndéanfar socrú go n-íocfar, ar bhás an pháirtnéara shibhialta is comhalta—

- (a) leis an bpáirtnéir sibhialta eile, nó

- (b) le duine a bheidh sonraithe san ordú chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta,

an chuid sin de shochair teagmhasach is iníoctha (nó ab iníoctha, mura mbeadh go ndearnadh an fhoraithe) faoin scéim, nó an chuid den chuid sin, is cuí leis an gcúirt.”,

agus

- (d) i bhfo-alt (7), trí “nach comhalta nó do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann” a chur in ionad “nach comhalta”.

Leasú ar alt 122 d’Acht 2010

159. Leasaítear alt 122 d’Acht 2010—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “d’éifeacht a bheith leis, a mhéid a bhaineann sé leis an bpáirtnéir sibhialta iarrthach ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú, ar an bpáirtnéir sibhialta iarrthach sin do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta nua, do phósadh nó d’fháil bháis” a chur in ionad “d’éifeacht a bheith leis ar an iarratasóir do dhéanamh páirtnéireacht shibhialta nua, do phósadh nó d’fháil bháis”, agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndéanann an chúirt ordú faoi alt 121(2), nó faoi alt 131(3) i ndáil le hordú faoi alt 121(2), chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta agus go bhfaighidh an leanbh bás sula mbeidh íoc an tsochair ainmnithe tosaithe, scoirfidh an t-ordú d’éifeacht a bheith leis a mhéid a bhaineann sé leis nó léi.”.

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.]

Cd.12

Leasú ar alt 123 d'Acht 2010

160. Leasaítear alt 123 d'Acht 2010—

- (a) i bhfo-alt (4), trí “socrú go n-íocfar leis an duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú” a chur in ionad “socrú go n-íocfar leis an bpáirtneir sibhialta eile”,
- (b) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
 - “(a) má chomhaontaíonn na hiontaobhaithe agus an duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú amhlaidh, le linn sochar a sholáthar le haghaidh an duine sin nó ina leith, is sochar a bheidh ar comhluchachtúireach le méid an aistrithe, nó”,

agus

(c) i bhfo-alt (9)—

- (i) trí “don duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a rinneadh an t-ordú” a chur in ionad “don pháirtneir sibhialta nach é nó í an comhalta”, agus
- (ii) trí “don duine sin” a chur in ionad “don pháirtneir sibhialta sin”.

Leasú ar alt 124 d'Acht 2010

161. Leasaítear alt 124 d'Acht 2010, i bhfo-alt (2), trí “leis an bpáirtneir sibhialta eile nó leis an duine eile lena mbaineann” a chur in ionad “leis an bpáirtneir sibhialta eile”.

Leasú ar alt 125 d'Acht 2010

162. Leasaítear alt 125 d'Acht 2010—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “lena n-áirítear na costais a thabhaíonn an páirtneir sibhialta is comhalta nó an duine eile lena mbaineann nó an bheirt acu” a chur in ionad “lena n-áirítear na costais a thabhaíonn ceachtar páirtneir sibhialta nó an bheirt acu”, agus
- (b) i bhfo-alt (2)—
 - (i) trí “do dhuine” a chur in ionad “do pháirtneir sibhialta”,
 - (ii) trí “is iníoctha leis an duine” a chur in ionad “is iníoctha leis an bpáirtneir sibhialta”,
 - (iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
 - “(a) de bhun ordú arna dhéanamh faoi alt 121, más é nó í an duine tairbhí an ordaithe; agus”,
- (iv) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):
 - “(b) de bhun na scéime, más é nó í an duine an páirtneir sibhialta is comhalta.”.

Leasú ar alt 129 d'Acht 2010**163.** Leasaítear alt 129 d'Acht 2010—

(a) i bhfo-alt (1), trí “do na páirtnéirí sibhialta agus d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann” a chur in ionad “do na páirtnéirí sibhialta”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) an caighdeán maireachtála a bhí á theachtadh ag na páirtnéirí sibhialta agus ag aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta sular tionscnaíodh na himeachtaí nó sular chuir na páirtnéirí sibhialta tús le bheith ina gcónaí ar leithligh óna chéile;”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) an cion a rinne gach páirtnéir sibhialta nó an cion is dóigh a dhéanfaidh gach páirtnéir sibhialta sa todhchaí is intuartha ar mhaithe le leas na bpáirtnéirí sibhialta agus aon linbh chleithiúnaigh de chuid na bpáirtnéirí sibhialta, lena n-áirítear aon chion a rinne gach duine díobh ar mhaithe le hioncam, cumas tuillimh, maoin agus acmhainní airgeadais an duine eile, agus aon chion a rinne ceachtar díobh trí aire a thabhairt don áras comhroinnte nó trí chúram a dhéanamh den pháirtnéir sibhialta eile nó d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta;”,

agus

(iii) i mír (g), trí “don áras comhroinnte nó chun cúram a dhéanamh den pháirtnéir sibhialta eile nó d’aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta” a chur in ionad “don áras comhroinnte”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a dhéanamh i bhfabhar leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann agus le linn forálacha ordaithe den sórt sin a chinneadh, beidh aird aici, go háirithe, ar na nithe seo a leanas:

(a) riachtanais airgeadais an linbh;

(b) ioncam, cumas tuillimh (más ann), maoin agus acmhainní airgeadais eile an linbh;

(c) aon mhíchumas coirp nó meabhrach atá ar an leanbh;

(d) aon ioncam nó sochair a bhfuil an leanbh ina theideal nó ina dteideal le reacht nó faoi reacht;

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.] Cd.12 A.163

- (e) an tslí a rabhthas ag tabhairt oideachas don leanbh nó ag cur oiliúint air nó uirthi agus an tslí a raibh na páirtnéirí sibhialta lena mbaineann ag súil go ndéanfaí an céanna;
- (f) na nithe a shonraítear i míreanna (a), (b) agus (c) d’fho-alt (2) agus i bhfo-alt (3);
- (g) riachtanais chóiríochta an linbh chleithiúnaigh.”.

Leasú ar alt 131 d’Acht 2010

164. Leasaítear alt 131 d’Acht 2010—

- (a) i bhfo-alt (2)(b), trí “sa ní nó duine thar ceann leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann” a chur in ionad “sa ní”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Gan dochar do ghinearáltacht alt 116 nó 117, maidir leis an gcuid sin d’ordú lena mbaineann an t-alt seo agus lena ndéantar socrú go ndéanfar íocaíochtaí chun leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a chothú, beidh sí arna hurscaoileadh má scoireann sé nó sí de bheith ina leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta de bhíthin aois 18 mbliana nó 23 bliana, de réir mar a bheidh, a bheith slánaithe aige nó aici, agus déanfaidh an chúirt í a urscaoileadh, ar iarratas chuici faoi fho-alt (2), más deimhin léi go bhfuil an leanbh scortha ar aon chúis de bheith ina leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta.”,

agus

- (c) i bhfo-alt (7), trí “páirtnéir sibhialta lena mbaineann nó leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann” a chur in ionad “páirtnéir sibhialta lena mbaineann”.

Srian i ndáil le horduithe chun sochair do leanaí cleithiúnacha de chuid páirtnéirí sibhialta

165. Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 131:

“131A. Ní bheidh aird ag an gcúirt ar iompar an pháirtnéara sibhialta nó na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann den chineál a shonraítear in alt 129(2)(i) le linn breith a thabhairt i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) foráil á cheangal go ndéanfar íocaíochtaí tréimhsiúla chun sochair do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a áireamh in ordú faoi alt 116,
- (b) ordú a dhéanamh faoi mhír (aa), (ba) nó (ca) d’alt 117(1), nó
- (c) ordú a dhéanamh faoi alt 131 ag athrú, ag urscaoileadh nó ag fionraí foráil dá dtagraítear i mír (a) nó ordú dá dtagraítear i mír (b).”.

Cd.12 [Uimh. 9.] An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015. [2015.]

Leasú ar alt 133 d'Acht 2010

166. Leasaítear alt 133 d'Acht 2010 trí “117(1)(a), (aa), (b) nó (ba)” a chur in ionad “117(a) nó (b)”.

Leasú ar alt 137 d'Acht 2010

167. Leasaítear alt 137 d'Acht 2010, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “faoiseamh”, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) do chosc a chur le deonú an fhaoisimh don duine lena mbaineann, cibé acu chun sochair don duine nó do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta lena mbaineann,”.

Leasú ar alt 138 d'Acht 2010

168. Leasaítear alt 138 d'Acht 2010 trí “faoin gCuid seo nó faoi Acht 1964, nó do leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta de chuid páirtnéara shibhialta den sórt sin” a chur in ionad “faoin gCuid seo”.

Leasú ar alt 140 d'Acht 2010

169. Leasaítear alt 140 d'Acht 2010, i mír (a) d'fho-alt (2), trí “chun páirtnéir sibhialta a chothú nó €150 sa tseachtain chun leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta a chothú” a chur in ionad “chun páirtnéir sibhialta a chothú”.

Coimeád leanaí cleithiúnacha agus tuarascálacha sóisialta

170. Leasaítear Acht 2010 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 141:

“Coimeád leanaí cleithiúnacha de chuid páirtnéirí sibhialta tar éis foraithe scaoilte

141A. I gcás go ndeonaíonn an chúirt foraithe scaoilte (de réir bhrí Chuid 12), féadfaidh sí a dhearbhu gur páirtnéir sibhialta neamhoiriúnach ceachtar de na páirtnéirí sibhialta lena mbaineann chun aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bheith ina choimeád nó ina coimeád agus, má dhéanann sí amhlaidh agus más tuismitheoir ar aon leanbh cleithiúnach de chuid na bpáirtnéirí sibhialta atá faoi bhun 18 mbliana d'aois é nó í an páirtnéir sibhialta lena mbaineann an dearbhú, ní bheidh an páirtnéir sibhialta sin, ar bhás an pháirtnéara shibhialta eile, i dteideal, de cheart, coimeád an linbh sin a bheith aige nó aici.

Tuarascálacha sóisialta

141B. Beidh feidhm ag alt 47 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 maidir le himeachtaí faoin Acht seo.”.

Leasú ar alt 142 d'Acht 2010

171. Leasaítear alt 142 d'Acht 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.] Cd.12 A.171

“(1) In imeachtaí dlí páirtnéireachta sibhialta faoi alt 45, 46, 47, 50, 117, 118, 119(1)(a) nó (b), 120, 121 go 126, 127 nó 131, tabharfaidh gach páirtí sna himeachtaí don pháirtí eile cibé sonraí i dtaobh a imthosca airgeadais nó a himthosca airgeadais, lena n-áirítear maoin agus ioncam, agus a mhéid is indéanta, imthosca airgeadais a leanaí cleithiúnacha, a theastóidh le réasún chun críche na n-imeachtaí.”.

Orduithe faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976

172. Leasaítear Cuid 15 d’Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 196:

“Orduithe faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976

196A. Féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó pháirtí in imeachtaí faoin gCuid seo, ordú a dhéanamh faoi alt 5A nó 5B den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, más infheidhme, i leith an pháirtí eile sna himeachtaí.”.

CUID 13

LEASUITHE IARMHARTACHA ILGHNÉITHEACHA AR ACHTANNA EILE

Leasú ar alt 2 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

173. Leasaítear alt 2 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tuismitheoir uchtála”:

“ciallaíonn ‘tuismitheoir uchtála’ fostaí is tuismitheoir uchtála de réir bhrí an Achta um Shaoire Uchtaíoch, 1995;”.

Leasú ar alt 1 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977

174. Leasaítear alt 1 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tuismitheoir uchtála”:

“ciallaíonn ‘tuismitheoir uchtála’ fostaí is tuismitheoir uchtála de réir bhrí an Achta um Shaoire Uchtaíoch, 1995;”.

Leasú ar alt 20 den Acht um Chúram Leanaí, 1991

175. Leasaítear alt 20 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, i bhfo-alt (1)—

(a) i mír (b), trí “1995,” a chur in ionad “1995, nó”,

(b) i mír (c), trí “1996, nó” a chur in ionad “1996,”, agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) alt 110(2), 115(c) nó 141A den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010,”.

Leasú ar an Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994**176.** Leasaítear an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994—

(a) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

déanfar ‘fear atá le bheith ina athair’ a fhorléiriú de réir fho-alt (1A) (arna chur isteach le *halt 176 d’Acht 2015*);

ciallaíonn ‘tuismitheoir eile’ duine (seachas an mháthair) is tuismitheoir, faoi *alt 5 d’Acht 2015*, ar leanbh;”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) San Acht seo, folaíonn tagairt d’fhear atá ag súil le leanbh duine a thug a thoiliú nó a toiliú de réir *alt 11 d’Acht 2015* le gnáthamh ADDC (de réir bhrí *alt 4* den Acht sin) i gcás go mbeidh toircheas de thoradh ar an ngnáthamh sin.”,

(b) in alt 16—

(i) trí “athair nó tuismitheoir eile, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “athair” gach áit a bhfuil sé, trí “an t-athair nó an tuismitheoir eile, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “an t-athair” gach áit a bhfuil sé agus trí “ag an athair nó ag an tuismitheoir eile, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “ag an athair”, agus

(ii) i bhfo-alt (6), trí “an athar nó an tuismitheora eile” a chur in ionad “an athar”,

(c) in alt 16A—

(i) trí “athair nó tuismitheoir eile” a chur in ionad “athair”, trí “le hathair nó tuismitheoir eile” a chur in ionad “le hathair”, trí “an athar nó an tuismitheora eile” a chur in ionad “an athar” gach áit a bhfuil sé, trí “an t-athair nó an tuismitheoir eile” a chur in ionad “an t-athair” gach áit a bhfuil sé, trí “don athair nó don tuismitheoir eile” a chur in ionad “don athair” agus trí “saoire athar nó tuismitheora eile” a chur in ionad “saoire athar”, agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí “breoiteacht an athar nó an tuismitheora eile” a chur in ionad “breoiteacht an athar”,

(d) in alt 16B—

(i) trí “athair nó tuismitheoir eile” a chur in ionad “athair” gach áit a bhfuil sé, trí “an t-athair nó an tuismitheoir eile” a chur in ionad “an t-athair” gach áit a bhfuil sé, trí “ag an athair nó ag an tuismitheoir eile” a chur in ionad “ag an athair” gach áit a bhfuil sé, trí “don athair nó don tuismitheoir eile” a chur in ionad “don athair”, trí “an athar nó an tuismitheora eile” a chur in

[2015.]

An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

[Uimh. 9.] Cd.13 A.176

ionad “an athar”, trí “ag athair nó ag tuismitheoir eile” a chur in ionad “ag athair” agus trí “ar an athair nó ar an tuismitheoir eile” a chur in ionad “ar an athair” agus,

(ii) i bhfo-alt (10), trí “saoire an athar nó saoire an tuismitheora eile” a chur in ionad “saoire athar”,

(e) in alt 21, trí “athair nó tuismitheoir eile” a chur in ionad “athair” gach áit a bhfuil sé, agus

(f) in alt 31, trí “athair nó tuismitheoir eile” a chur in ionad “athair” i bhfo-alt (1)(a)(iii).

Leasú ar alt 2 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995

177. Leasaítear alt 2 den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2010’ an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015;

déanfar ‘páirtnéir sibhialta’ a fhorléiriú de réir alt 3 d’Acht 2010;

déanfar ‘comhchónaitheoir’ a fhorléiriú de réir alt 172(1) d’Acht 2010;

tá le ‘lánúin chomhchónaitheach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 3(1) (arna leasú le *halt 102 d’Acht 2015*) den Acht Uchtála, 2010;

ciallaíonn ‘uchtaitheoir cáilitheach fostaithe’ fostaí is uchtaitheoir cáilitheach agus a bhfuil leanbh (is leanbh nach í an mháthair nádúrtha ina leith an t-uchtaitheoir cáilitheach ná páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir an uchtaitheora cháilithigh sin) curtha, nó le cur, faoina chúram nó faoina cúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh, nó tar éis aon uchtáil den sórt sin;

déanfar ‘uchtaitheoir cáilitheach’ a fhorléiriú de réir fho-alt (1A)(b) (arna chur isteach le *halt 177 d’Acht 2015*);”,

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “athair uchtála”:

“ciallaíonn ‘athair uchtála’, faoi réir fho-alt (1A)(a) (arna chur isteach le *halt 177 d’Acht 2015*), fearfhostaí a bhfuil leanbh curtha, nó le cur, faoina chúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh nó tar éis aon uchtáil den sórt sin, i gcás go bhfuair an mháthair uchtála bás;”,

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “máthair uchtála”:

“ciallaíonn ‘máthair uchtála’, faoi réir fho-alt (1A)(a) (arna chur isteach le *halt 177 d’Acht 2015*), bean, lena n-áirítear máthair uchtála fhostaithe, a bhfuil leanbh (nach í a mháthair nádúrtha nó a máthair nádúrtha í) curtha, nó le cur, faoina cúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh nó tar éis aon uchtáil den sórt sin;”,

agus

- (iv) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “máthair uchtála fhostaithe”:

“ciallaíonn ‘máthair uchtála fhostaithe’, faoi réir fho-alt (1A)(a) (arna chur isteach le *halt 177 d’Acht 2015*), banfhostaí a bhfuil leanbh (nach í a mháthair nádúrtha nó a máthair nádúrtha í) curtha, nó le cur, faoina cúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh nó tar éis aon uchtáil den sórt sin;”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) San Acht seo—

- (i) déanfar tagairt do ‘athair uchtála’ a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir an uchtaitheora cháilithigh más rud é maidir leis an bpáirtneir sibhialta nó leis an gcomhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, gur fostaí é nó í a bhfuil leanbh curtha, nó le cur, faoina chúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh nó tar éis aon uchtáil den sórt sin, i gcás go bhfuair an t-uchtaitheoir cáilitheach bás,
 - (ii) déanfar tagairt do ‘máthair uchtála’, a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn an t-uchtaitheoir cáilitheach a bhfuil leanbh (is leanbh nach í an mháthair nádúrtha ina leith an t-uchtaitheoir cáilitheach, ná páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir an uchtaitheora cháilithigh sin) curtha, nó le cur, faoina cúram d’fhonn ordú uchtála a dhéanamh, nó d’fhonn uchtáil choigríche a dhéanamh nó tar éis aon uchtáil den sórt sin, agus
 - (iii) déanfar tagairt do ‘máthair uchtála fhostaithe’, a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn uchtaitheoir cáilitheach fhostaithe.
- (b) Chun críocha an Achta seo, i gcás gur páirtneirí sibhialta dá chéile nó gur lánúin chomhchónaitheach chomhghnéis lánúin agus go mbeidh an lánúin ag uchtáil linbh i gcomhpháirt, nó gur uchtaigh an lánúin leanbh i gcomhpháirt, is é nó is í an t-uchtaitheoir cáilitheach—
- (i) i gcás gur páirtneirí sibhialta dá chéile an lánúin, an páirtneir sibhialta a bheidh roghnaithe ag an lánúin sin chun bheith mar an t-uchtaitheoir cáilitheach sin, nó

[2015.] *An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh*, 2015. [Uimh. 9.] Cd.13 A.177

- (ii) i gcás gur lánúin chomhchónaitheach an lánúin, an comhchónaitheoir a bheidh roghnaithe ag an lánúin sin chun bheith mar an t-uchtaitheoir cáilitheach sin.”.

Leasú ar alt 6 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

178. Leasaítear alt 6 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, i bhfo-alt (9) (a leasaíodh le halt 2 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2006), sa mhíniú ar “tuismitheoir iomchuí”, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) arb é nó arb í an tuismitheoir, an tuismitheoir uchtaíoch nó an tuismitheoir uchtála i leith an linbh, nó”.

Leasú ar alt 3 den Acht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000

179. Leasaítear alt 3 den Acht um Chosaint Leanaí (Coinbhinsiún na Háige), 2000, i bhfo-alt (2), trí mhír (e) a scriosadh.

Leasú ar alt 2 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011

180. Leasaítear alt 2 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011, sa mhíniú ar “tuismitheoir”, trí “caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, seachas caomhnóir sealadach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 6E den Acht sin” a chur in ionad “caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997”.